An Roinn Oideachais
Department of Education

Tuarascáil Bhliantúil 2021

An Roinn Oideachais

Foilsithe ag an Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
© An Roinn Oideachais 2022

Clár Ábhair

Réamhrá ón Aire 1

Réamhrá ón Aire Stáit Madigan 3

Ráiteas ón Ard-Rúnaí 4

Réamhrá 5

Ár Misean 8

Ár Spriocanna 8

Sprioc 1: Tacú le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar agus an taithí foghlama a fheabhsú chun freastal ar riachtanais gach dalta i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta 9

1.1 Curaclam ag leibhéal na bunscoile 9

1.2 Curaclam ag leibhéal na hiar-bhunscoile — An tSraith Shóisearach 10
1.2.1 Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh 10

1.3 Curaclam ag leibhéal na hiar-bhunscoile — An tSraith Shinsearach 11
1.3.1 Ardteistiméireacht 2021 11
1.3.2 Ag tacú le Gráid Chreidiúnaithe a bhunú 11
1.3.3 An tSeirbhís Tacaíochta do Ghráid Creidiúnaithe — Fón agus Ríomhphost 11
1.3.4 Corpoideachas 12
1.3.5 Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta 12
1.3.6 Gaeilge na hArdteistiméireachta 12
1.3.7 Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach de chuid CNCM 12
1.3.8 Réimsí ábhair eile 13

1.4 Litearthacht agus Uimhearthacht 14

1.5 Tástáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 14

1.6 Deontas do scoileanna chun leabhair, closleabhair agus meáin eile a cheannach 14

1.7 Ráiteas Polasaí agus Plean Forfheidhmithe maidir le hOideachas ETIM 15

1.8 Teangacha Iasachta 15

1.9 An Óige Chruthaitheach 16
1.9.1 Scoileanna Ildánacha 16
1.9.2 Braislí Cruthaitheacha 16
1.9.3 Comhpháirtíochtaí Áitiúla don Óige Chruthaitheach 16
1.9.4 Clár Comhpháirtíochta Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Múinteoirí 17
1.9.5 Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach 17
1.9.6 TEBDM 18

1.10 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) 18

1.10.1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe — Plean Forfheidhmithe Náisiúnta 18

1.11 Alt 29 18

1.12 Cosaint Leanaí 19

1.13 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 19

1.14 Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 19

1.15 Tionscadal R-mhoil Gaeltachta 19

1.16 Tionscadal Píolótach Forás 20

1.17 Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 20

1.18 Tacaíocht do Scoileanna ar Oileáin 20

1.19 Cláir Oideachas Múinteoirí trí mheán na Gaeilge 20

1.20 Coiste Comhairleach don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 21

1.21 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 21

1.22 Polasaí Nua don Ghaeloideachas 21

1.23 Leithdháileadh Múinteoirí 21

1.24 Samhail Leithdháileacháin Nua d'Acmhainní Teagaisc RSO 21

1.25 Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) 22

1.26 Tionscadal na scoileanna beaga 22

1.27 Cáilíocht sa Luathoideachas 22

1.27.1 Síolta agus Aistear 23

1.27.2 Cáilíochtaí Gairmiúla agus Caighdeáin Ghairmiúla — Luathbhlianta 24

1.27.3 Plean Forbartha don Lucht Oibre don Earnáil FCL 24

1.27.4 Ionchur i bhForbairt Polasaí na Luathbhlianta 24

1.28 An Straitéis Dhigiteach 25

1.29 An Creat Foghlama Digití 25

Sprioc 2: Cinnte a dhéanamh de go bhfuil ann do chothromas deiseanna san oideachas agus go dtacaítear le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach 27

2.1 Aitheantas CDSIS 27

2.2 Cur i bhFeidhm Phlean CDSIS 27

2.3 Taighde ERC maidir le CDSIS 27

2.4 Coinneáil go dtí an Ardteistiméireacht in Iar-bhunscoileanna CDSIS **28**

2.5 Laethanta Scoile Laghdaithe **28**

2.6 Feidhmeanna Leasa Oideachais a Aistriú **28**

2.7 Riachtanais Speisialta Oideachais **29**
2.7.1 Freastal ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 29
2.7.2 Soláthar Oideachais Speisialta 29
2.7.3 Cúntóirí Riachtanas Speisialta 29
2.7.4 Múinteoirí Oideachais Speisialta 29
2.7.5 Ranganna Speisialta 29
2.7.6 Scoileanna Speisialta 29
2.7.7 An Scéim um Theicneolaíocht Chúnta 29
2.7.8 Scéim Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 30
2.7.9 An Scéim Teagaisc Baile Oideachais Speisialta 30
2.7.10 Clár Oideachais Samhraidh 2021 30
2.7.11 Lárionad Uathachais Middletown 31
2.7.12 Athbhreithniú cuimsitheach ar Scéim CRS agus ar an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SCS) 31
2.7.13 Teiripe Urlabhra agus Teanga in-Scoile agus an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SCS) 32
2.7.14 Oiliúint CRSanna 33

2.8 Scéimeanna um Theagasc Baile **33**

2.9 Cur chun cinn na folláine **34**

2.10 Rochtain agus Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta **34**
2.10.1 Tús Luath 34
2.10.2 Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland 34
2.10.3 Ag Tacú le Cuimsiú agus le hÉagsúlacht 35

Sprioc 3: In éineacht lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na gcóras ceart agus an bhonneagair chirt don earnáil **36**

3.1 Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Múinteoirí **36**

3.2 Polasaí Oideachas Múinteoirí, OTM & Forbairt Ghairmiúil **37**
3.2.1 Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) 37
3.2.2 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) 41
3.2.3 Teicneolaíocht san Oideachas SFGM 42

3.3 Tacaíochtaí Gaeilge Eile **44**

3.4 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) **44**

3.5 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) — Ag Tacú le hAthchóiriú na Sraithe Sóisearaí **45**

3.6 Breiseanna chun tacú le hoideachas Lán-Ghaeilge **46**

3.7 Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS) **47**

3.8 Forbairt ar chreat bunaithe ar thaighde chun meastóireacht a dhéanamh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) 47

3.9 Cosán 48

3.10 Cigireachtaí Cáilíochta 48

3.11 Dearbhú Cáilíochta – An Chigireacht 51

3.12 Forbairt agus athbhreithniú ar chigireachtaí 51

3.13 Tionchar na Cigireachta 53

3.14 Scoileanna Eorpacha 54

3.15 Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do gach bean agus cailín 54

3.16 Clár Tógála Scoile 54

3.17 Éifeachtúlacht Fuinnimh i Scoileanna 56

3.18 Faisnéis Láithreáin Ghréasáin maidir le tionscadail tógála scoile 57

3.19 Iompar Scoile 57

3.20 Ag Déileáil le Mí-Úsáid atá Thart 57

3.21 Plean Gníomhaíochta don Oideachas 58

3.22 Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 58

3.23 An Fóram um Oideachas Bunscoile 58

3.24 Bainistíocht Tionscadail agus Cláir 59

3.25 Cosaint Sonraí 59

3.26 Rialachas Sonraí 59

3.27 Caiteachas na Roinne 60

3.28 Cur i bhFeidhm na Seirbhísí Comhroinnte 60

3.29 Dul chun cinn an Bhille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) 61

3.30 Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Bulaíochta agus Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Scoileanna 61

3.31 Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla 62

3.32 Pinsin agus Párolla 62

3.33 Iniúchadh Inmheánach 63

3.34 Maoirseacht an BOO 63

3.35 Soláthar poiblí glas 63

3.36 Breatimeacht agus an Earnáil Oideachais 64

3.37 Comhoibriú Oideachais Thuaidh-Theas 64

3.38 Cumarsáid na Roinne 64

Aguisín A – Sonraí Corparáideacha 66

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 70

Aguisín B – Cairt na hEagraíochta 72

Aguisín C – Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne 73

Aguisín D — Naisc dhíreacha chuig tuilleadh eolais ar gov.ie 74

Réamhrá ón Aire

Sa Tuarascáil Bhliantúil do 2021, léirítear obair na Roinne i rith tréimhse de dhúshláin ar leith don phobal oideachais uile. Sa tuarascáil, leagtar amach na leibhéil nár tharla riamh cheana de chomhoibriú, thacaíocht agus ghnóthachtáil ó na comhpháirithe ar fad i gcúrsaí oideachais, ag obair i gcomhar le Sláinte Phoiblí i gcoinne na paindéime domhanda a bhí fós ann. Sa chomhthéacs seo, is cúis áthais dom a rá gur lean an dul chun cinn i gcoinnne na dtrí sprioc ardleibhéil dár bplean straitéiseach.

I mí Eanáir 2021, mar thoradh ar mholadh ón gcomhairle sláinte phoiblí chun soghluaiseacht ar an iomlán a laghdú laistigh den phobal, ar an drochuair d'fhan scoileanna dúnta do na daltaí tar éis bhriseadh na Nollag. Lean an Roinn ag leanúint chomhairle na sláinte poiblí chun tacú lenár scoileanna le hathoscailt, agus mar gheall ar na hiarrachtaí suntasacha a rinne na comhpháirtithe oideachais uile, bhíomar in ann na scoileanna a athoscailt ar bhonn céimnithe, agus tús áite á thabhairt do na daltaí scrúduithe, dár ranganna sóisearacha agus do na daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu le filleadh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim i bpearsa.

Mar aitheantas ar na deacrachtaí suntasacha a bhí i ndán do roinnt daltaí i rith na tréimhse dúnta, cheadaigh an Rialtas Scéim Foghlama agus Tacaíochtaí COVID-19 (SFATC) a raibh mar aidhm aici an tionchar ar fhoghlaim agus ar fholláine na ndaltaí a mhaolú de bharr dhúnadh agus shrianta COVID-19. Mar thoradh ar an gciste seo cuireadh €102.6 milliún ar fáil le tacaíochtaí breise a chur i bhfeidhm in 2021 chun an caillteanas foghlama a mhaolú agus chun tacú leis an bhfolláine.

Go luath in 2021, chuireamar tús le céim nua de phleanáil do na Scrúduithe Stáit. Mar aitheantas ar an gcur isteach a bhí i ndán do dhaltaí i rith a sraithe sinsearaí, cuireadh an rogha ar fáil do dhaltaí de scrúduithe Ardteistiméireachta agus córas Grád Creidiúnaithe araon. Leis seo, cinntíodh go raibh bealach ann le dul chun cinn a dhéanamh do Dhaltaí na hArdteistiméireachta.

Tugadh tuilleadh tacaíochta do thiomantas na Roinne d'infheistíocht i bonneagar ár scoileanna tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, atá mar aidhm aige maoiniú caipitiúil ar fáil de níos mó ná €4.4bn le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar na scoileanna i rith na tréimhse 2021 go 2025.

San áireamh sna tacaíochtaí um Chomhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (CDSIS) a fógraíodh in 2021, bhí méid na ranganna a laghdú i mbunscoileanna Bhanda Uirbeach 1 de chuid CDSIS, leathnú chlár cur i gcrích na scoileanna go dtí níos mó scoileanna agus líon na n-iarbhunscoileanna a mhéadú atá incháilithe le haghaidh príomhoide thánaistigh bhreise. Chomh maith leis sin, réitigh an obair shuntasach a cuireadh i gcrích in 2021, lena n-áirítear maoiniú a sholáthar i mBuiséad 2022, an bealach don leathnú suntasach de chlár CDSIS ó mhí Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh.

Ar an iomlán, cuireadh maoiniú €100 milliún ar fáil do scoileanna chun tacú le gléasanna digiteacha a cheannach agus leis an infreastruchtúr sa scoilbhliain 2020/2021. Cuireadh €50 milliún i maoiniú ar fáil do scoileanna chun tabhairt faoin deighilt dhigiteach, faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (PNTA) de chuid an Rialtais arna mhaoiniú ag Áis Téarnaimh agus Athléimneachta an AE. Tríd an tionscnamh seo, bhí scoileanna in ann infheistíocht a dhéanamh in infreastruchtúr digiteach chun tacú leis na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste tríd an deighilt dhigiteach.

Ba chúis áthais dom tionscnamh nua de chuid na n-ealaíon san oideachas, TEBDM a sheoladh in 2021. Mar thoradh ar TEBDM – Ag Tabhairt na nEalaíon Beo chuig na Daltaí agus na Múinteoirí – bhí scoileanna in ann iarratas a dhéanamh ar Ealaíontóir san Oideachas (EsO) chun obair a dhéanamh i gCónaitheacht Ealaíon agus Chruthaitheacha le linn na scoilbhliana. Bíonn tionchar dearfach ollmhór ag an gcruthaitheacht ar dhaoine óga agus tá sé seo níos tábhachtaí anois ná mar a bhí riamh.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Josepha Madigan agus d'oifigigh na Roinne, chomh maith le hoifigigh na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinn. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le gach duine atá ag obair ar fud na hearnála oideachais freisin; chuir bhur gcuid oibre seasta go mór le cad atá bainte amach ag an Roinn agus táim ag súil go mór le bheith ag obair libh agus dul chun cinn á dhéanamh againn lenár gcuspóirí amach anseo.

Norma Foley TD
An tAire Oideachais

Réamhrá ón Aire Stáit Madigan

I dTuarascáil Bhliantúil 2021, leagtar béim ar an obair shuntasach a rinneadh sna réimsí oideachais speisialta agus cuimsithe, agus cuirim fáilte roimh a foilseachán ag an Roinn Oideachais.

Mar an tAire Stáit atá freagrach as Oideachas Speisialta, gheall mé anuraidh de bheith ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, lena chinntiú gur baineadh amach na príomhthosaíochtaí chun soláthar oideachais speisialta a athchóiriú agus a fhorbairt in Éirinn. Sa tuarascáil seo, leagtar amach líon de na héachtaí tábhachtacha sin.

Bhí an-tionchar ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag na riachtanais a bhí ann le scoileanna a dhúnadh don fhoghlaim inscoile le linn phaindéim COVID-19. Mar aitheantas air seo, leathnaíodh an soláthar de chláir oideachais samhraidh 2021 do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, agus tugadh rochtain do na daltaí seo ar chlár samhraidh oideachais breisithe. Suas go dtí €40 milliún a bhí sa mhaoiniú iomlán a cuireadh ar fáil chun soláthar a dhéanamh don chlár, méadú céad faoin gcéad ar an méid a leithdháileadh roimhe seo.

Is tosaíocht leanúnach é oideachas a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dom féin agus don Rialtas. Leanaimid ag déanamh dul chun cinn lena chinntiú go bhfuil soláthar oiriúnach ann do gach leanbh. Tá líon na ranganna speisialta, na múinteoirí oideachais speisialta agus na gcúntóirí riachtanas speisialta ag leibhéil nach raibh ann riamh cheana. In 2021, rinneamar dul chun cinn breise agus d'osclaíomar níos mó ranganna speisialta, agus thugamar faoi riachtanais na leanaí inár bpobail scoileanna.

Is ionann 25% den oideachas bliantúil de €9.2 billiún agus soláthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Rinneadh an maoiniú seo soláthar do raon tacaíochtaí breise in 2021, lena n-áirítear 990 cúntóir riachtanas speisialta bhreise agus 145 múinteoir oideachais speisialta bhreise. In 2021, rinneadh 2,775 íocaíocht le bunscoileanna, agus 991 íocaíocht le hiar-bhunscoileanna, i dtreo chostas na teicneolaíochta cúnta, arbh ionann é sin agus níos mó ná €3.6 milliún. Eisíodh maoiniú de €26.17 milliún don teagasc baile, agus ceadaíodh 424 deontas do Theagasc Baile na Riachtanas Speisialta Oideachais.

Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh an reachtaíocht a rialaíonn oideachas na ndaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu suas chun dáta, ag feidhmiú go hiomlán, agus go léiríonn sí taithí saoil na ndaltaí agus na dteaghlach. Agus an sprioc seo san áireamh, d'fhógair mé tús an athbhreithnithe ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (ODRSO) 2004, a dhéanann foráil d'oideachas leanaí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is obair thábhachtach í seo, ina ndéanfar iarracht tuairimí a lorg uathu siúd a raibh agus a bhfuil taithí acu sa chóras seo, agus ó na hurlabhraithe agus ó na saineolaithe.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaí, an tAire Oideachais, Norma Foley TD, leis na hoifigigh sa Roinn agus, dar ndóigh, leis na páirtithe leasmhara oideachais as an obair agus an dul chun cinn a rinneadh in 2021. Táim ag súil go mór le leanúint ar aghaidh agus comhoibriú a dhéanamh libh le dul chun cinn níos mó a dhéanamh inár spriocanna comhroinnte chun freastal ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus chun tacú leo le go mbeidh siad cuimsithe go hiomlán agus chun barr a gcumais a bhaint amach.

Josepha Madigan TD
An tAire Stáit don Oideachas Speisialta agus Cuimsiú

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2021 na Roinne Oideachais a chur i láthair, mo chéad uair ó chuaigh mé isteach sa Roinn mar Ard-Rúnaí i mí Feabhra 2022.

Déantar cur síos sa tuarascáil ar an obair a rinneadh i rith 2021, agus ar fhreagairt láidir na Roinne ar na dúshláin a bhain le paindéim COVID-19. An aidhm chun a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh agus duine óg oideachas den chaighdeán is airde, agus chun tacú lenár lucht saothair oideachais an toradh tábhachtach seo a sheachadadh, d'fhan sí chun tosaigh in iarrachtaí na Roinne.

Leanadh den dlúthchomhar agus den rannpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara in 2021, ag obair le chéile chun teacht ar réitigh ar shaincheisteanna dúshlánacha, lena n-áirítear athoscailt scoileanna don teagasc agus don fhoghlaim inscoile, agus lena chinntiú go bhféadfaí an Ardteistiméireacht a chur i gcrích.

Léirigh ár bpobail scoile agus ár ndaoine óga iarrachtaí ollmhóra arís ina rannpháirtíocht sa chianfhoghlaim agus san fhoghlaim ar líne. D'oibrigh comhpháirtithe oideachais go mór chun athoscailt scoileanna ar bhonn céimnithe a éascú, agus tús áite á thabhairt do dhaltaí scrúdaithe, dár ranganna sóisearacha agus do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Mar a tharla i rith na paindéime, rinneadh athoscailt scoileanna i mí Mheán Fómhair 2021 i ndlúthchomhairle le seirbhísí Sláinte Poiblí.

Chuir obair an Ghrúpa Chomhairligh um Pleanáil do Scrúduithe Stáit 2021 ardán ar fáil do na comhpháirtithe go léir chun oibriú i gcomhar lena chéile chun a chinntiú go raibh fíor-rogha ag rang 2021 agus go raibh córas acu chun gur féidir leo dul chun cinn cóir agus cothrom a dhéanamh.

Éilíonn tionchar COVID-19 ar an oideachas bearta leanúnacha maolaithe don phobal scoile i gcoitinne, go háirithe do na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Le linn 2021, tá réimse beart curtha i bhfeidhm ag an Roinn, lena n-áirítear maoiniú breise do Scéimeanna Oibreacha an tSamhraidh agus na Mionoibreacha, méadú ar an maoiniú don teicneolaíocht chun cabhrú le dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach, agus laghdú ar mhéid na ranganna i mbunscoileanna Banda Uirbigh CDSIS 1.

Ar fud na Roinne, leanadh leis an obair ar dhul chun cinn spriocanna ardleibhéil na Roinne mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2021-2023. I rith 2021, lean an Roinn ar aghaidh ag cur tionscnaimh nua chun cinn, agus choinnigh sí líon ard seirbhísí riachtanacha, ag feidhmiú gan mórán cur isteach.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne foireann na Roinne i mbliana agus dóibh siúd go léir a d'oibrigh linn ar fud na hearnála oideachais. Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, Seán Ó Foghlú, as a thiomantas agus an méid a chuir sé leis an earnáil oideachais le linn a dheich mbliana mar Ard-Rúnaí.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leis na hAirí, le foireann na Roinne, lenár gcomhpháirtithe oideachais agus le raon leathan páirtithe leasmhara chun ár gcomhchuspóirí a bhaint amach, agus oideachas cuimsitheach atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach leanbh agus duine óg a thugann aghaidh ar a gcuid riachtanas, spéiseanna agus uaillmhianta.

Bernie McNally
Ard-Rúnaí

Réamhrá

Is í seo Tuarascáil Bhliantúil 2021 na Roinne Oideachais. Tugtar sonraí sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na trí sprioc ardleibhéil a leagtar amach i Ráiteas Straitéise na Roinne 2021-2023 agus an obair a rinneadh de réir mar a lean an Roinn ag freagairt do thionchar phaindéim COVID-19

Sprioc 1:

Tacú le soláthar oideachais ardcháilíochta agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar riachtanais gach dalta, i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta

Is é aidhm na sprice seo eispéireas foghlama a chur ar fáil do gach leanbh agus duine óg a thugann tacaíocht dóibh a gcumas a bhaint amach agus an t-eolas agus na scileanna a fhorbairt a theastaíonn uathu chun a mbealach a dhéanamh trí dhomhan casta an lae inniu. San áireamh sna príomhghníomhaíochtaí a rinneadh in 2021 chun an sprioc sin a chur chun cinn bhí an méid seo a leanas:

- €50 milliún de mhaoiniú curtha ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach, faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann
- Comhairliúchán ar Shamhail athbhreithnithe Cigireachta um Oideachas sna Luathbhlianta chun raon feidhme COL a leathnú amach thar an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) lena n-áireofar leanaí ó bhreith go dtí trí bliana d'aois.
- Seoladh comhairliúchán poiblí maidir le Straitéis Náisiúnta nua um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) go dtí 2030 i mí Aibreáin 2021, ina n-aithnítear a thábhachtaí agus atá an ról atá againn maidir lenár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus a chinntiú go n-imrímid ár ról mar earnáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide
- Tacaíochtaí breise curtha ar fáil do scoileanna chun tacú le próiseas Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na nGrád Creidiúnaithe. Cuireadh rogha scrúduithe na hArdteistiméireachta agus córais de Ghráid Chreidiúnaithe araon ar fáil do dhaltaí, rud a chinnteodh bealach chun cinn a dhéanamh do Dhaltaí na hArdteistiméireachta, 2021

Sprioc 2:

Cinnte a dhéanamh de gur ann do chothromas deiseanna san oideachas agus go dtacaítear le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach

Is éard atá i gceist leis an sprioc sin ná a chinntiú gur prionsabail bhunúsacha inár gcóras oideachais iad cothromas deiseanna agus cuimsitheacht. Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo

córas a fhorbairt a chuireann fáilte roimh gach dalta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. San áireamh sna príomhghníomhaíochtaí a rinneadh in 2021 chun an sprioc sin a chur chun cinn bhí an méid seo a leanas:

- Seoladh Scéim Foghlama agus Tacaíochta COVID-19 le haghaidh bearta chun caillteanas foghlama a mhaolú agus tacaíochtaí teagaisc breise spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaltaí tar éis dhúnadh scoileanna COVID-19
- Clár Oideachais mhí Iúil a leathnú go cláir oideachais samhraidh do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais in 2021. Bhí an maoiniú iomlán a bhí ar fáil chun an clár a sholáthar suas le €40 milliún, méadú 100% ar an leithdháileadh do sholáthar an tsamhraidh in 2020
- Níos mó ná €150 m caite ar chuimsiú sóisialta agus ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, lena n-áirítear leathnú ar an gClár Críochnaithe Scoile chun 14 bhunscoil uirbeacha agus 14 iar-bhunscoil uirbeacha a áireamh in CDSIS in 2017 agus laghdú ar an tairseach rollaithe do leithdháileadh príomhoide thánaistigh bhreise in iar-bhunscoileanna CDSIS, ó 700 go 600 dalta
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004, lena chinntiú go bhfuil reachtaíocht faoi oideachas do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu cothrom le dáta, lánoibríochtúil agus machnamhach ar eispéiris chónaithe na ndaltaí agus na dteaghlach.

Sprioc 3:

In éineacht lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na gcóras agus an bhonneagair chirt don earnáil

Baineann an sprioc seo leis an ról tábhachtach atá ag an Roinn agus ag a gníomhaireachtaí maidir le ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil laistigh den earnáil agus ar fud an rialtais. Is é aidhm na sprice seo na comhpháirtíochtaí seo a neartú agus oibriú le chéile agus muid ag seachadadh eispéiris oideachais den chéad scoth do gach dalta. San áireamh sna príomhghníomhaíochtaí a rinneadh in 2021 chun an sprioc sin a chur chun cinn bhí an méid seo a leanas:

- Leanadh den obair ar fhorbairt an lucht saothair oideachais chun a gcumas teagaisc, ceannaireachta agus tacaíochta daltaí a neartú, trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus trí fhorbairt a dhéanamh ar an taithí a fuarthas le linn COVID-19 chun an méadú d'aon ghnó agus arna mheas ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a sholáthar sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Cuireadh roinnt beart breise maidir le soláthar múinteoirí i bhfeidhm mar fhreagairt ar éigeandáil COVID-19, lena n-áirítear socruithe solúbtha do mhúinteoirí faoi oideachas tosaigh múinteoirí (OTM), athruithe sealadacha ar an scéim sos gairme chun ligean do mhúinteoirí atá ar sos gairme obair ionadaí neamhtheoranta a dhéanamh, leasuithe ar na Rialacháin Chlárúcháin chun deis a thabhairt do mhic léinn sa tríú bliain agus sa bhliain deiridh clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

- Maoiniú de €62 milliún mionoibreacha do bhunscoileanna, do scoileanna speisialta agus d'iar-bhunscoileanna
- Seoladh an Clár Ceannródaí (*Pathfinder*), atá maoinithe ag an Rialtas, le buiséad €14 mhilliún, lena ndéantar éifeachtúlacht fuinnimh agus cineálacha cur chuige iarfheistithe dícharbónaithe in earnáil na scoileanna a thástáil agus a léiriú

Ár Misean

Leanaí agus daoine óga a éascú, tríd an bhfoghlaim, chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun cur le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.

Ár Spriocanna

Agus muid ag leanúint lenár misean, i dtimpeallacht dhúshlánach dhinimiciúil, tá an Roinn ag obair don tréimhse 2021 go 2023 chun na Spriocanna Straitéiseacha seo a leanas a bhaint amach:

Sprioc 1:

Tacú le soláthar oideachais ardcháilíochta agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar riachtanais gach dalta, i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta

Sprioc 2:

Cinnte a dhéanamh de gur ann do chothromas deiseanna san oideachas agus go dtacaítear le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach

Sprioc 3:

In éineacht lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na gcóras agus an bhonneagair chirt don earnáil

Dul chun cinn maidir leis na 3 phríomhsprioc straitéiseacha in 2021

Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach maidir leis na spriocanna atá sonraithe sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach in ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le paindéim leanúnach COVID-19 in 2021. Aithnítear i dTuarascáil Bhliantúil 2021 an dul chun cinn a rinneadh faoi gach ceann de na trí sprioc atá againn.

Sprioc 1: Tacú le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar agus an taithí foghlama a fheabhsú chun freastal ar riachtanais gach dalta i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta

Is éard atá i gceist leis an sprioc seo eispéireas foghlama a chur ar fáil do gach leanbh agus duine óg a thacaíonn leo a gcumas a bhaint amach agus an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn uathu a fhorbairt chun dul i ngleic le saol casta an lae inniu. Déanfaidh an Roinn foghlaim agus measúnú a fhorbairt agus a fheabhsú trí leanúint leis an gclár athchóirithe curaclaim agus trí iniúchadh a dhéanamh ar chur chuige nua i leith an teagaisc agus na foghlama. Beimid ag díriú ar fhorbairt an duine ina iomlán ag cuimhneamh ar na dúshláin atá roimh leanaí agus daoine óga i saol an lae inniu, go háirithe iad siúd a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta.

1.1 Curaclam ag leibhéal na bunscoile

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile le haghaidh comhairliúcháin i mí Feabhra 2020. Ag tarraingt ar obair le Fóram na Scoileanna, ar thaighde, agus ar obair le comhpháirtithe oideachais agus le páirtithe leasmhara níos leithne, leagtar amach sa dréachtchreat moltaí maidir le hathfhorbairt churaclam na bunscoile. Cuireadh trí théama shuntasacha i láthair chun tacú leis an ngá atá le struchtúr Churaclam na Bunscoile a athrú:

- Ailíniú agus leanúnachas eispéiris oideachais na bhfoghlaimeoirí; ó theacht isteach go dtí an bhunscoil ó oideachas luathbhlianta agus ar imeacht ón mbunscoil go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile.
- Eispéireas oideachasúil téamach cuí luathbhlianta a sholáthar i ranganna naíonán bunscoile chun teacht le creat curaclaim Aistear.
- Oideachas cuí ábharlárnach a sholáthar sna blianta ina dhiaidh sin den oideachas bunscoile chun an foghlaimeoir a ullmhú don aistriú go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile agus eispéireas na Sraithe Sóisearaí nua

Mar gheall ar thionchar COVID-19, bhí gá le hathruithe ar amlíne an chomhairliúcháin le cur chuige athbhreithnithe dhá chéim a comhaontaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm. Seoladh céim a dó den chomhairliúchán ar an 19 Deireadh Fómhair 2021 agus dhírigh sí ar aiseolas ó phobal na scoile, lena n-áirítear múinteoirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus daltaí, chomh maith le grúpaí páirtithe leasmhara níos leithne. Tugadh an próiseas sin chun críche ag deireadh mhí na Nollag 2021.

Le linn chéim a dó, tugadh an deis do rannpháirtithe páirt a ghlacadh ar na bealaí seo a leanas:

- fócasghrúpaí
- ceistneoir ar líne
- aighneachtaí scríofa
- ábhair chomhairliúcháin do cheardlanna scoilbhunaithe.

Tá an Creat Curaclaim Bunscoile críochnaithe le bheith foilsithe in 2022, agus beidh forbairt na sonraíochtaí curaclaim ar siúl sna blianta ina dhiaidh sin. Is dócha gurb í scoilbhliain 2025/26 ar a luaithe a bheidh ann sula dtabharfar sonraíochtaí ábhair aonair isteach i scoileanna seachas curaclam Matamaitice na Bunscoile a thabharfar isteach níos luaithe.

1.2 Curaclam ag leibhéal na hiar-bhunscoile — An tSraith Shóisearach

Tá cur chun feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) ag dul ar aghaidh. Tá sonraíochtaí nua tugtha isteach i ngach ábhar i gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach ó mhí Mheán Fómhair 2019 i leith. Is iad daltaí a bheidh ag dul isteach sa tríú bliain in 2021 an chéad chohórt a dhéanfaidh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí ina n-iomláine faoin gCreat nua. Baintear úsáid as clár cuimsitheach FGL do mhúinteoirí chun tacú leis na sonraíochtaí nua seo a thabhairt isteach.

As an 21 ábhar atá ar fáil faoin gCreat don tSraith Shóisearach, tá ceithre cinn — Gaeilge, Béarla, Matamaitic agus Stair — éigeantach. Tagann an riachtanas chun staidéar a dhéanamh ar an Stair sa tSraith Shóisearach mar thoradh ar chinneadh an Aire Oideachais agus Scileanna i mí Dheireadh Fómhair 2019 croístádas speisialta a bhronnadh ar Stair laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach.

Tá treo athchóiriú na Sraithe Sóisearaí ag teacht leis an gcleachtas i gcórais oideachais ardfheidhmíochta eile ar nós an Nua-Shéalainn, Queensland, an Eastóin agus an Fhionlainn, áit a bhfuil neamhspleáchas agus solúbthacht níos fearr tugtha do scoileanna i bhforbairt na gclár a chuireann siad ar fáil.

1.2.1 Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh

Dheimhnigh an tAire Oideachais nach reáchtálfaí scrúduithe na Sraithe Sóisearaí in 2021 tar éis chinneadh an Rialtais ar an 17 Feabhra. Cuireadh treoir ar fáil do scoileanna maidir le leanúint ar aghaidh agus grúpa na bliana seo a mhealladh le bheith rannpháirteach san fhoghlaim agus sa mheasúnú ar líne le linn thréimhse dúnta na scoile agus tríd an bhfoghlaim i bpearsa nuair a athosclaítear scoileanna.

Rinneadh an cinneadh seo tar éis dianteagmhála le páirtithe leasmhara oideachais go déthaobhach agus tríd an nGrúpa Comhairleach agus foghrúpa um Pleanáil do Scrúduithe Stáit 2021.

I gcomhréir le socruithe a comhaontaíodh roimhe seo i ndáil leis an tSraith Shóisearach 2020, tugadh féinriail do scoileanna cinneadh a dhéanamh ar cheart measúnuithe scoilbhunaithe a reáchtáil agus cén fhoirm a bheadh acu. I measc na roghanna a bhí acu bhí scrúduithe scoile, tascanna, tionscadail, tascanna, ceisteanna stíle aistí, cuir i láthair, nó tascanna eile a aontaíodh ag leibhéal áitiúil.

Fuair daltaí a bhí leis an tSraith Shóisearach a chur i gcrích in 2021 tuairisc scríofa scoile ar a gcuid gnóthachtálacha foghlama i ngach ábhar, gearrchúrsa agus/nó aonad foghlama tosaíochta. Aithníodh obair agus gnóthachtáil daltaí na Sraithe Sóisearaí sa tríú bliain le teastas stáit ón Roinn Oideachais mar gheall ar an gcinneadh gan scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a reáchtáil in 2021.

Chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit socruithe sonracha i bhfeidhm freisin d'fhoghlaimeoirí fásta agus do luathfhágálaithe scoile chun deis a thabhairt dóibh scrúduithe deiridh na Sraithe Sóisearaí a dhéanamh agus, roimh chinneadh an 17 Feabhra, bhí siad lena ndéanamh in 2021.

1.3 Curaclam ag leibhéal na hiar-bhunscoile — An tSraith Shinsearach

Tá roinnt forbairtí ar siúl sa tSraith Shinsearach, lena n-áirítear athbhreithniú agus cur i bhfeidhm leathan sonraíochtaí nua agus athbhreithnithe.

1.3.1 Ardteistiméireacht 2021

Don Ardteistiméireacht 2021, tar éis diansraith teagmhálacha le páirtithe leasmhara, chinn an Rialtas socruithe i leith scrúduithe stáit 2021 ar an 17 Feabhra 2021, agus bhí scrúduithe scríofa agus Gráid Chreidiúnaithe araon ar fáil do dhaltaí na hArdteistiméireachta. Cuireadh tús le scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta ar an 9 Meitheamh 2021 agus cuireadh tús leis na béaltrialacha in ábhair teanga agus na comhpháirteanna praiticiúla in ábhair eile níos luaithe, lena n-áirítear i rith laethanta saoire na Cásca.

1.3.2 Ag tacú le Gráid Chreidiúnaithe a bhunú

Ceapadh aon chigire is tríocha chun tacú le dearadh agus le cur i bhfeidhm chóras na nGrád Creidiúnaithe in 2021. Ghlac an Chigireacht páirt sa Ghrúpa Comhairleach um Pleanáil do Scrúduithe Stáit in 2021 agus sa Bhord Cláir do Ghráid Creidiúnaithe mar chuid den obair seo. Chuidigh cigirí le meabhráin agus páipéir bheartais a fhorbairt agus d'fhorbair siad an treoir do mhúinteoirí, do scoileanna agus d'iarrthóirí lasmuigh den scoil. Chuir cigirí freisin le dearadh agus mionchoigeartú an chórais bailithe sonraí a éascaíonn bailiú sonraí ó scoileanna. Chuidigh an chigireacht le próisis fheabhsaithe a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den scoil, agus le tacaíocht ar líne agus ar an teileafón a chur ar fáil do gach scoil agus iad i mbun na bpróiseas meastacháin agus ailínithe i scoileanna. Rinne cigirí líon an-bheag athbhreithnithe riaracháin maidir le Gráid Chreidiúnaithe freisin.

1.3.3 An tSeirbhís Tacaíochta do Ghráid Creidiúnaithe — Fón agus Ríomhphost

Rinne an Chigireacht seirbhís teileafóin na nGrád Creidiúnaithe a bhainistiú agus a oibriú i mí Aibreáin — mí an Mheithimh 2021. Dhéileáil an tseirbhís le 3,783 glao thar thréimhse deich seachtaine. Bhain breis agus leath de na glaonna ar fad (52.5%) le fiosruithe iontrála sonraí. Bhain beagnach aon chúigiú de na glaonna a fuarthas (19.3%) leis na próisis agus na nósanna imeachta chun cinneadh a dhéanamh faoi Ghrád Creidiúnaithe. I measc na dtéamaí suntasacha eile bhí treoir maidir le hábhair lasmuigh den scoil agus foghlaimeoirí lasmuigh den scoil (9.1%), an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (6.3%), Coimisiún na Scrúduithe Stáit (6.1%), agus na hiarmhairtí a bhaineann le leibhéil ábhair a athrú ar an lá scrúdaithe (1.4%).

Chomh maith leis an tseirbhís teileafóin, d'fhreagair cigirí 1,100 ceist ríomhphoist a fuarthas thar an tréimhse 23 Aibreán — 17 Meitheamh. Bhain níos mó ná aon chúigiú de na ríomhphoist uile (22%) le gnéithe de phróiseas na nGrád Creidiúnaithe d'iarrthóirí inscoile. D'iarr 22% eile athruithe ar roghanna na n-iarrthóirí ar an tairseach. Bhain 12% le gnéithe de phróiseas na nGrád Creidiúnaithe d'iarrthóirí lasmuigh den scoil agus bhain 11% leis an gcóras iontrála sonraí nó le ceartú sonraí. I measc na dtéamaí uileghabhálacha eile, bhí scrúduithe a shuí (6%), caighdeánú (6%), agus An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (3%).

1.3.4 Corpoideachas

Tá dhá fhorbairt a rinneadh le déanaí maidir leis an gCorpoideachas sa tSraith Shinsearach: sonraíocht nua d'ábhar Corpoideachais na hArdteistiméireachta (CAT) inscrúdaithe agus Creat nua neamh-inscrúdaithe do Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí (CSS). Tugadh an dá cheann isteach ar bhonn céimnithe ó Mheán Fómhair 2018.

Tugadh CAT isteach i 64 scoil mar chuid de réamhrá chéim 1 ó Mheán Fómhair 2018. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm CAT go náisiúnta ar bhonn céimneach i mí Mheán Fómhair 2020 le 194 scoil eile ag tairiscint CAT den chéad uair. Ó mhí Mheán Fómhair 2021 i leith, thairg 286 scoil CAT mar ábhar inscrúdaithe.

1.3.5 Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta

Tugadh ábhar nua Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta (RAT) isteach ar bhonn céimnithe go 40 scoil i mí Mheán Fómhair 2018. Ó Mheán Fómhair 2020, bhí RAT ar fáil do scoileanna go náisiúnta mar ábhar iomlán roghnach. Tá méadú ag teacht ar líon na scoileanna atá ag tairiscint an ábhair. Faoi láthair tá thart ar 145 scoil ar fud na tíre a thairgeann an t-ábhar seo dá ndaltaí.

I mí na Samhna 2021, chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) tús le próiseas léirithe spéise do scoileanna atá ag smaoineamh ar RAT a thabhairt isteach ar a gcuraclam, chun riachtanais foghlama gairmiúla múinteoirí a fháil amach chun tacú le seachadadh éifeachtach an ábhair nua i scoileanna.

1.3.6 Gaeilge na hArdteistiméireachta

Cuireadh tús le comhairliúchán na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir le dréacht-sonraíochtaí nua do Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2) i mí Feabhra 2021 agus, mar fhreagra ar ábhair imní agus ar iarratais ó pháirtithe leasmhara, chuir sé síneadh leis an spriocdháta go dtí deireadh mhí na Samhna 2021. Chun tacú le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, d'fhostaigh an CNCM réimse leathan uirlisí comhairliúcháin lena n-áirítear suirbhé ar líne, cruinnithe déthaobhacha agus fócasghrúpa agus aighneachtaí scríofa.

Leis an síneadh ama seo ar an dáta deiridh, bhí an CNCM in ann tús a chur le hathbhreithniú luath achtaithe ar shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí.

Bhí an-spéis sa chomhairliúchán agus bhí líon mór freagraí ann. Tá tús curtha ag an CNCM le mionanailís agus le breithniú a dhéanamh ar an aiseolas go léir a fuarthas.

1.3.7 Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach de chuid CNCM

Idir 2016 agus 2020 rinne an CNCM athbhreithniú cuimsitheach ar chláir na sraithe sinsearaí agus ar chonairí gairme. Cuireadh Tuarascáil Chomhairleach an CNCM ar an tSraith Shinsearach faoi bhráid na Roinne lena breithniú in 2021.

Sa Tuarascáil Chomhairleach, leagtar amach, i dtéarmaí ginearálta, clár oibre uaillmhianach, ina mbeifí in ann na comhpháirteanna a fhorbairt agus a thógáil a bheadh mar Chreat don tSraith Shinsearach agus ina mbeidh níos mó rannpháirtíochta agus comhairliúcháin atá leanúnach de chuid na bpáirtithe leasmhara.

Ó dheireadh 2021 amach, bhí an tAire agus a cuid oifigeach ag breithniú na Tuarascála go cúramach, d'fhonn clár na Sraithe Sinsearaí a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais dhaltaí an lae inniu agus na todhchaí, agus d'fhonn an Tuarascáil a fhoilsiú in 2022.

1.3.8 Réimsí ábhair eile

Tá forbairt sonraíochtaí nua don Araibis AT agus do theangacha Clasaiceacha AT curtha i gcrích ag an CNCM in 2021.

Reachtaíocht a bhaineann leis an Ardteistiméireacht

- An tAcht Oideachais (Ardteistiméireacht 2021) (Gráid Chreidiúnaithe) 2021 (Acht 8 de 2021)
- An tOrdú fán Acht Oideachais (Ardteistiméireacht2021) (Gráid Chreidiúnaithe) 2021 (Tosach Feidhme) 2021 (I.R. Uimh. 268 de 2021), airt. 2
- Na Rialacháin faoin Acht Oideachais (Teastas 2021) (Gráid Chreidiúnaithe) 2021 (Gráid agus Achomhairc Chreidiúnaithe a Choimeád Siar) 2021 (I.R. Uimh. 453 de 2021)

Ciorcláin a bhaineann leis an gcuraclam

- 0004/2021 — Ábhar Forordaithe do Scrúdú Béarla na hArdteistiméireachta in 2023
- 0016/2021 — Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú na Sraithe Sóisearaí in 2023 agus do Scrúdú na hArdteistiméireachta in 2023
- Ciorclán 0018/2021 — Tástáil Chaighdeánaithe agus Nithe Eile — Bliain Acadúil 2020/21 agus na Blianta ina dhiaidh sin
- 0059/2021 — Socruithe maidir le Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach agus tagairt ar leith do scoilbhliain 2021/22

Foilseacháin na nGrád Creidiúnaithe

- Treoir do Scrúduithe Stáit agus Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht 2021
- Scrúduithe Stáit agus Gráid Creidiúnaithe — Socruithe don Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2021
- Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra na hArdteistiméireachta 2021 — Treoir “Sula dTosaíonn Tú” - foilsithe do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus do dhaltaí
- Foilsíodh Treoir maidir le Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht 2021 d’ábhair lasmuigh den scoil agus d’fhoghlaimeoirí lasmuigh den scoil, ina leagtar amach an próiseas nua d’ábhair lasmuigh den scoil, d’fhoghlaimeoirí lasmuigh den scoil, agus do theangacha neamhchuraclaim (TNC)
- Foilsítear tacaíocht don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú i gcomhthéacs na nGrád Creidiúnaithe 2021
- Foghlaimeoirí lasmuigh den scoil agus daltaí atá ag déanamh staidéir ar ábhair go hiomlán lasmuigh den scoil — Gráid Chreidiúnaithe 2021 foilsithe
- Ardteistiméireacht 2021: Freagraí ar do Chuid Ceisteanna foilsithe
  Treoir do scoileanna agus do dhaltaí maidir le próiseas na nGrád Creidiúnaithe a chur i bhfeidhm d’ábhair lasmuigh den scoil agus d’fhoghlaimeoirí lasmuigh den scoil
- Leabharlann doiciméad 2021 don Ardteistiméireacht agus faisnéis eile foilsithe do dhaltaí agus do scoileanna
- Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht 2021. Foilsíodh treoir do scoileanna maidir le marcanna céatadáin measta a chur ar fáil mar aon leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2021 — Treoir do scoileanna maidir le marcanna céatadáin measta a chur ar fáil.
- Foghlaimeoirí agus daltaí lasmuigh den scoil atá ag déanamh staidéir ar ábhair go hiomlán lasmuigh den scoil — freagraí ar do cheisteanna.

1.4 Litearthacht agus Uimhearthacht

Tá an Roinn Oideachais tiomanta do chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a ardú i suíomhanna luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile. In 2011, d'fhoilsigh an Roinn Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020. Foilsíodh an t-athbhreithniú eatramhach ar an straitéis in 2017 le spriocanna nuashonraithe agus nua don litearthacht agus don uimhearthacht, ag sainaithint na réimsí tosaíochta ar nós an uimhearthacht agus CDSIS.

Cuireadh tús leis an obair in 2021 ar an gcéad leagan eile den straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta agus beidh taighde láidir mar bhonn leis an obair sin lena n-áireofar breithniú ar chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, trí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus trí chomhairliúchán poiblí.

Tá Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath gafa le soláthar poiblí chun athbhreithniú a dhéanamh ar litearthacht (lena n-áirítear litearthacht dhigiteach) agus uimhearthacht. Is iad seo a leanas an ghné taighde den phróiseas forbartha don straitéis nua:

- Athbhreithniú ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta reatha agus ar an Athbhreithniú Eatramhach
- Athbhreithniú ar thaighde ábhartha — náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Athbhreithniú ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Moltaí/gníomhaíochtaí a shainaithint.

Tabharfaidh an taighde aird ar an mBéarla, ar an nGaeilge, ar theanga chomharthaíochta na hÉireann agus ar éagsúlacht na dteangacha a úsáidtear i gcomhthéacs na hÉireann agus i dteangacha éagsúla sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Cuirfear san áireamh freisin an iliomad cineálacha foghlaimeoirí laistigh de na luathbhlianta agus córas scoile na hÉireann i.e. foghlaimeoirí príomhshrutha sna luathbhlianta, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, foghlaimeoirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise (BTB) acu, foghlaimeoirí i scoileanna sa chlár CDSIS agus foghlaimeoirí in ionaid oideachais, Youthreach go háirithe.

Tá an tuarascáil le bheith ag an Roinn go luath in 2022 agus beidh sí mar bhonn do gach céim eile den chomhairliúchán.

1.5 Tástáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

The Progress in International Reading Literacy Study (PIRLS) 2021 was carried out in 148 schools, of which 32 are schools in the DEIS programme, between 27 September and 21 October 2021. Results will be available at the end of 2022.

Rinneadh an Dul Chun Cinn um Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Léitheoireachta (FSILL) 2021 i 148 scoil, ar scoileanna iad 32 díobh sa chlár CDSIS, idir an 27 Meán Fómhair agus an 21 Deireadh Fómhair 2021. Beidh na torthaí ar fáil ag deireadh 2022.

1.6 Deontas do scoileanna chun leabhair, closleabhair agus meáin eile a cheannach

Fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021 maoiniú de €20 milliún chun gach scoil (bunscoil agus iar-bhunscoil) a chur ar a cumas leabhair, closleabhair agus meáin eile a cheannach chun na bainc acmhainní litearthachta atá acu cheana féin a fheabhsú.

Íocadh an maoiniú seo le scoileanna roimh dheireadh scoilbhliain 2021/2022 agus tá sé sa bhreis ar an maoiniú a tugadh cheana féin don scéim leabhar scoile ar cíos agus do dheontais leabhar do gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta laistigh den Scéim Saoroideachais chun costas leabhar scoile do thuismitheoirí a mhaolú

1.7 Ráiteas Polasaí agus Plean Forfheidhmithe maidir le hOideachas ETIM

I Ráiteas Beartais ETIM na Roinne don Scoil 2017–2026, a foilsíodh i mí na Samhna 2017, leagtar amach na spriocanna agus na gníomhartha uaillmhianacha atá riachtanach chun eispéireas agus torthaí oideachais ETIM a bhaint amach agus a fheabhsú do gach foghlaimeoir.

Tá plean cur i bhfeidhm ETIM 2017-2019 bunaithe ar réimse athchóirithe agus tionscnamh atá ar bun cheana féin in ETIM, i réimsí ar nós athchóiriú curaclaim agus measúnaithe, forbairt ghairmiúil múinteoirí, an fhoghlaim dhigiteach agus an dul chun cinn san oideachas tosaigh múinteoirí a chur i bhfeidhm agus treochlár a chur ar fáil ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí le haghaidh forbartha.

Cuireadh tús leis an bhforbairt den chéad chéim eile den phlean forfheidhmithe nuair a seoladh an comhairliúchán poiblí ar an 13 Nollaig 2021. Mhair sé sin go dtí an 26 Eanáir 2022. Fostaíodh comhairleoir chun sraith grúpaí fócais a reáchtáil in 2022 mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. Tionóladh cruinnithe déthaobhacha freisin le príomhpháirtithe leasmhara go luath in 2022.

I rith R3 agus R4 2021, d'fhorbair an Grúpa Comhairleach um Chothromaíocht Inscne in ETIM sraith moltaí chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn in oideachas ETIM. Foilsíodh na moltaí seo go luath in 2022. Tá sé i gceist go n-úsáidfear iad seo chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le Cothromaíocht Inscne in ETIM sa Phlean Forfheidhmithe nua.

Rinne an Grúpa Comhairleach ETIM agus na nEalaíon tairiscint d'athbhreithniú litríochta ar Chleachtais Oideachais ETIEM éifeachtacha. Cuireadh an t-athbhreithniú seo faoi bhráid Ghrúpa Chomhairleach ETIM agus na nEalaíon lena mheas ag deireadh 2021 agus foilseofar é in 2022. Cuirfidh an taighde seo bonn eolais faoi mholtaí maidir le ETIM agus foghlaim na nEalaíon nó ETIEM a chur chun cinn.

1.8 Teangacha Iasachta

Thug an tAire Foley cuireadh do bhunscoileanna páirt a ghlacadh i modúl samplóra bunscoile dar teideal "Say Yes to Languages" i rith 2021/22. Bhí tuairim is 500 scoil a rinne obair ar bhonn deonach agus éascaíodh iad go léir i dtrí chéim a bhí ar siúl ó mhí na Samhna 2021 go dtí mí na Bealtaine 2022.

Cuireadh deontas suas le €1,200 (le haghaidh ceithre sheomra ranga) ar fáil do scoileanna chun páirt a ghlacadh ann agus chuir idir mhúinteoirí seomra ranga agus sholáthraithe seachtracha an modúl ar fáil, lena n-áirítear múinteoirí iar-bhunscoile, cúntóirí teanga iasachta ó iar-bhunscoileanna, agus baill den phobal áitiúil lena n-áirítear tuismitheoirí. Roghnaigh na scoileanna an teanga roghnaithe ag brath ar a gcomhthéacs scoile aonair agus roghnaíodh 11 teanga: Fraincis, Spáinnis, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), Iodáilis, Gearmáinis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis, Mandairínis, Araibis agus Tamailis.

Rinne Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBSÉ) bainistíocht ar chur i bhfeidhm an mhodúil agus chuir siad oiliúint agus acmhainní ar fáil do scoileanna rannpháirteacha.

Bainfear úsáid as an bhfoghlaim ón modúl chun bonn eolais a chur faoin bhféidearthacht teangacha a thabhairt isteach ag an leibhéal bunscoile mar a mholtar i nDréachtchreat Churaclam na Bunscoile.

Leanadh le múscailt feasachta (www.languagesconnect.ie) maidir leis an tábhacht a bhaineann le teanga iasachta a fhoghlaim i rith 2021. Reáchtáladh ócáid athshamhlaithe #ThinkLanguages ar líne do bhreis agus 12,000 dalta Idirbhliana ó 150 scoil, méadú ó 3,000 rannpháirtí in 2020.

Ghlac Éire páirt i gClár Múinteoirí Spáinneacha ar Cuairt de chuid na Spáinne den chéad uair faoi scéim phíolótach 2 bhliain in 2021. Cuireadh beirt mhúinteoirí Spáinneacha i scoileanna na hÉireann in 2021 faoin scéim.

1.9 An Óige Chruthaitheach

Seoladh "Plean chun Acmhainneacht Chruthaitheach gach Linbh agus Duine Óg a chumasú" i mí na Nollag 2017. Is é aidhm an phlean seo gealltanas an Rialtais a chomhlíonadh chun a chinntiú go mbeidh rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc, taithí agus rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, sna healaíona agus sa chódú faoi 2022.

1.9.1 Scoileanna Ildánacha

Ó bhí deireadh 2021 ann, bhí níos mó ná 600 scoil páirteach i gclár na Scoileanna Ildánacha. Tacaíonn Scoileanna Ildánacha le scoileanna agus le hionaid Ógtheagmhála ina n-iarrachtaí an chruthaitheacht agus na healaíona a chur i gcroílár shaol leanaí agus daoine óga. Tá gach scoil incháilithe chun iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa chlár.

1.9.2 Braislí Cruthaitheacha

Tionscnamh píolótach de chuid na Roinne Oideachais is ea Braislí Cruthaitheacha, faoi stiúir agus i gcomhpháirtíocht leis na hIonaid Tacaíochta Oideachais (ITO) agus maoinithe tríd an gCiste Sármhaitheasa Scoileanna. Tá Braislí Cruthaitheacha ar cheann de phríomhthionscnaimh "inscoile" na hÓige Ildánaí agus tá siad oscailte do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon.

Is éard atá i mBraisle Chruthaitheach ná suas le 5 scoil atá ag comhoibriú ar dhearadh, ar chur i bhfeidhm, ar mheastóireacht agus ar scaipeadh tionscadail nuálaigh ealaíon agus foghlama cruthaithí a thacaíonn leo chun dul i ngleic le saincheist nó dúshlán coiteann, atá aitheanta ag an mbraisle sin. Cuimsíonn Braislí Cruthaitheacha scoileanna ag céimeanna éagsúla dá n-aistear maidir leis an gcruthaitheacht a úsáid sa seomra ranga. Tá braislí déanta suas de bhunscoileanna amháin, d'iar-bhunscoileanna amháin nó de mheascán de bhunscoileann agus d'iar-bhunscoileanna.

Cuireadh tús leis an tionscnamh Braislí Cruthaitheacha sa bhliain acadúil 2018-19 nuair a bunaíodh 23 braisle ina bhfuil 71 scoil ar fud na tíre, agus bunaíodh 21 braisle eile ina raibh 77 scoil agus tháinig siad isteach sa tionscnamh don bhliain acadúil 2019/20. Tháinig grúpa nua braislí, ina bhfuil 72 scoil, isteach sa chlár ó mhí Mheán Fómhair 2021. Tá rannpháirtíocht sa chlár bunaithe ar thimthriall dhá bhliain.

1.9.3 Comhpháirtíochtaí Áitiúla don Óige Chruthaitheach

Bunaíodh trí Chomhpháirtíocht Áitiúla don Óige Chruthaitheach in 2019 chun an chruthaitheacht a chur chun cinn do dhaoine óga mar chuid de Chlár Éire Ildánach agus

rinneadh iad a phíolótú thar thrí Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO). Bunaíodh trí chomhpháirtíocht bhreise in 2021.

Is líonraí iad na Comhpháirtíochtaí sin lena gcumasaítear comhroinnt faisnéise, comhoibriú idir soláthraithe seirbhísí óige cruthaitheacha áitiúla chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní, cleachtais agus tionscnaimh atá ann cheana féin i limistéar BOO, agus ag an am céanna deiseanna nua á gcur ar fáil do dhaoine óga chun rochtain a fháil ar thionscnaimh chruthaitheacha.

Is iad seo a leanas na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) lena mbaineann:

- Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
- Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
- Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
- Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
- Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Cuireann an Roinn maoiniú bliantúil de €100,000 ar fáil do gach Comhpháirtíocht Áitiúil don Óige Chruthaitheach chun cabhrú leo a gComhpháirtíocht a fhorbairt agus a ngníomhaíochtaí oibriúcháin a chur i gcrích. Áirítear ar an bhforbairt go dtí seo rannpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus Mol na nÓg.

1.9.4 Clár Comhpháirtíochta Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Múinteoirí

Forbraíodh FGL agus tionscnamh cónaitheachta na Comhpháirtíochta do Mhúinteoirí/Ealaíontóirí (CME) in 2014 mar fhreagra ar na cuspóirí atá leagtha amach i gCairt na nEalaíon san Oideachas 2012 chun tacú le hOideachas na nEalaíon agus chun é a fheabhsú. Is tionscnamh uathúil é na healaíona san oideachas ina n-oibríonn ealaíontóirí i gcomhpháirtíocht le múinteoirí bunscoile

Tá an clár CME ann anois i bhformáid CME duine le duine agus ar líne. Ina theannta sin, i bhfianaise spéis idirnáisiúnta in CME, tá clár FGL idirnáisiúnta ar líne á cheapadh faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí Erasmus+ atá á stiúradh agus á bhainistiú ag Ionad Oideachais Thrá Lí i gcomhar le ceithre chomhpháirtí Eorpacha Ionnaithe sa tSeirbia, sa Ghréig, san Ostair agus san Ísiltír. Leithdháil an Roinn Oideachais €250,000 de mhaoiniú ar chlár CME in 2021.

1.9.5 Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach

Is éard atá sna healaíona sa tSraith Shóisearach sraith eispéireas forbartha gairmiúla do mhúinteoirí chun tacú le rannpháirtíocht sna healaíona agus san fhoghlaim sa tSraith Shóisearach. Léiríonn na ceardlanna na prionsabail agus na príomhscileanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an gCreat don tSraith Shóisearach agus don Chairt um na hEalaíona san Oideachas agus cuireann siad modheolaíochtaí praiticiúla agus cruthaitheacha ar fáil do mhúinteoirí chun dul i ngleic le torthaí foghlama ina seomra ranga. Tá an tionscnamh bunaithe ar chomhpháirtíocht agus ar chomhoibriú le príomh-chomhpháirtithe toghthacha ar fud na n-earnálacha ealaíon agus oideachais. Tá an tionscnamh á riar tríd an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus Ionad Oideachais Mhuineacháin. Tá maoiniú á chur ar fáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Oideachas i dtreo FGL bunscoile agus iar-bhunscoile faoi Chlár Éire Ildánach. Leithdháil an Roinn €244,000 ar chlár na nEalaíon sa tSraith Shóisearach in 2021.

1.9.6 TEBDM

D'fhorbair an Roinn Oideachais Tionscnamh na nEalaíontóirí Cónaitheachta TEBDM (Ag Tabhairt na nEalaíon Beo chuig Daltaí agus Múinteoirí) le haghaidh scoileanna in 2021. Bronnadh 489 cónaitheacht TEBDM ar scoileanna in 2021. Cuireann an tionscnamh seo scoileanna ar a gcumas iarratas a dhéanamh ar Ealaíontóir san Oideachas (AsO) oilte chun oibriú i gCónaíocht Ealaíon agus Chruthaitheach sa scoilbhliain 2021-2022. Leithdháil an Roinn €475,000 ar an gclár nua seo in 2021.

1.10 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)

Seoladh comhairliúchán poiblí comhpháirteach maidir le Straitéis Náisiúnta nua um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) go dtí 2030 i mí Aibreáin 2021 leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Úsáidfear eolas ó thart ar 90 aighneacht mhionsonraithe agus thart ar 150 freagra ar an suirbhé mar aon le haiseolas ó réimse fóram agus cruinnithe déthaobhacha chun straitéis nua OFI 2030 a fhorbairt, straitéis a bheidh ag teacht le Treochlár EOECNA maidir le OFI do 2030. Foilsíodh an straitéis agus plean forfheidhmithe (2022-2025) in 2022.

Tá trí shnáithe ag OFI: Comhshaol, Sóisialta agus Polaitiúil agus an aidhm atá leis ná a chinntiú "go bhfaighidh gach foghlaimeoir, faoi 2030, an t-eolas agus na scileanna atá ag teastáil chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc nithe eile, tríd an oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr síochána agus neamhfhoréigin a chur chun cinn, saoránacht dhomhanda agus meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar ionchur an chultúir san fhorbairt inbhuanaithe" (SFI 4.7). Leanfaidh OFI de bheith ag cur le Plean Forfheidhmithe Náisiúnta SFI agus leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

1.10.1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe — Plean Forfheidhmithe Náisiúnta

Lean an Roinn Oideachais lena páirt a ghlacadh i gcur i gcrích na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) mar atá leagtha amach sa Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta tras-rialtais, go háirithe maidir le SFI 4 — Oideachas Cáilíochta.
Rinneadh nuashonruithe maidir leis na SFIanna a iontráil sa roinn níos déanaí d'oibleagáid na SFIanna sa tuarascáil.

1.11 Alt 29

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, is féidir achomharc a dhéanamh leis an Roinn Oideachais maidir le cinneadh ó bhord bainistíochta scoile nó ó dhuine atá ag feidhmiú thar ceann boird bhainistíochta dalta a eisiamh go buan ón scoil, dalta a chur ar fionraí ó fhreastal ar an scoil ar feadh tréimhse nó tréimhsí nach lú ná 20 lá scoile i scoilbhliain nó dalta a dhiúltú chun rollú sa scoil.

I rith 2021, fuarthas 359 achomharc san iomlán faoi alt 29 den Acht, mar seo a leanas:

- Tharraing an tuismitheoir 74 achomharc siar sular bhreithnigh an Coiste Achomharc an t-achomharc
- Cheadaigh an coiste achomhairc 24 achomharc
- Rinne an coiste achomharc 177 achomharc a dhícheadú agus níor cinneadh 84 achomharc faoi fhorálacha alt 29(f) den Acht Oideachais 1998 a fhorálann nach gcinnfear achomhairc nuair nach ndéantar achomharc laistigh den tréimhse a shonraítear sna nósanna imeachta chun achomhairc a dhéanamh agus ar chúiseanna eile.

Reáchtáladh achomhairc faoi Alt 29 ar líne ó thosaigh paindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. D'fhág sé sin gur féidir le seirbhísí leanúint ar aghaidh agus do gach comhalta agus páirtí coiste freastal ar éisteachtaí go sábháilte de réir mar is gá.

1.12 Cosaint Leanaí

Fuair Aonad na dTuismitheoirí agus na bhFoghlaimeoirí 302 ábhar imní líomhnaithe maidir le cosaint leanaí in 2021. Cuireadh iad seo ar aghaidh chuig na húdaráis chuí de réir Nósanna Imeachta na Roinne um Fhreagairt d'Ábhair Imní faoi Chosaint Leanaí a thagann faoi bhráid na foirne atá fostaithe ag an Roinn Oideachais.

Ní mór do gach ball foirne sa Roinn oiliúint éigeantach ar sheimineáir ghréasáin a chur i gcrích maidir le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta seo.

Choimisiúnaigh an Roinn athbhreithniú neamhspleách ardleibhéil ar pholasaithe agus próisis reatha na Roinne maidir le cosaint leanaí i rith 2021. Tá an tuarascáil ar an athbhreithniú sin le foilsiú in 2022.

1.13 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Tá breis agus €20 m curtha ar fáil do réimse tacaíochtaí breise chun soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a neartú, go háirithe i scoileanna Gaeltachta, ó cuireadh tús le cur i bhfeidhm an Pholasaí go luath in 2017. Cuimsíonn sé sin leithdháileadh buiséid €6.4 m in 2021.

1.14 Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Leanadh le raon tacaíochtaí breise a chur ar fáil do 105 bunscoil agus do 29 iar-bhunscoil a bhí rannpháirteach sa scéim in 2021 chun tacú leo na critéir teangabhunaithe a chur i bhfeidhm. I measc na n-acmhainní breise seo bhí uaireanta breise teagaisc tacaíochta Gaeilge, deontas bliantúil le hacmhainní trí mheán na Gaeilge a cheannach agus forbairt ghairmiúil leanúnach bhreise curtha ar fáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus tacaíocht ón gCigireacht.

1.15 Tionscadal R-mhoil Gaeltachta

Leanadh le cur i bhfeidhm rathúil an tionscadail r-Mhoil foghlama chumaiscthe in iar-bhunscoileanna Gaeltachta in 2021 in ainneoin na ndúshlán a bhain le paindéim COVID-19. Rinne triúr ríomh-mhúinteoirí atá lonnaithe in dhá ríomh-mholscoil an cúrsa Fisice san Ardteistiméireacht a sheachadadh trí mheán na Gaeilge ar 21 dalta in ocht n-iar-bhunscoil Ghaeltachta faoi mhaoirseacht ríomh-mheantóirí. D'éirigh le hocht ndalta ón dara cohórt de dhaltaí rannpháirteacha Gráid Ríofa/Chreidiúnaithe a bhaint amach mar rogha eile ar ghnáthscrúduithe na hArdteistiméireachta in 2021 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Leanadh d'acmhainní breise, lena n-áirítear maoiniú chun trealamh TFC a cheannach agus uaireanta breise tacaíochta teagaisc a leithdháileadh, a chur ar fáil do scoileanna rannpháirteacha chun tacú le cur i bhfeidhm an tionscadail i rith 2021.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) de chuid Thuaisceart Éireann athbhreithniú neamhspleách ar an treoirthionscadal in 2021, rud a chinn go raibh an tionscadal e-mhoil an-éifeachtach. Dúirt na taighdeoirí go raibh acmhainní agus bainistíocht mhaith ar an tionscadal, go raibh na ceachtanna éifeachtach agus rathúil ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh ar an bhfoghlaim, agus go raibh an timpeallacht foghlama digití deartha go maith agus sábháilte. Thug siad faoi deara go bhféadfaí an tionscadal a mhéadú chun

réimse níos leithne ábhar a chur ar fáil do ghrúpaí beaga daltaí i níos mó scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

1.16 Tionscadal Píolótach Forás

Leanadh le cur i bhfeidhm chlár píolótach forbartha teanga Forás, a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le daltaí roghnaithe de chuid na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta rochtain a dhéanamh ar an gcuraclam trí mheán na Gaeilge i rith na bliana. Lean gach ceann den dá iar-bhunscoil sa Ghaeltacht a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh sa scéim phíolótach seo de leithdháileadh breise de mhúinteoir coibhéise lánaimseartha amháin chun tacú le cur i bhfeidhm an tionscadail in 2021.

1.17 Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Lean Staidéar Taighde agus Meastóireachta na Cigireachta/an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO) ar aghaidh i rith 2021 chun tionchar agus éifeachtacht na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a mheas.

D'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Cás-Staidéir chuimsitheach ar 12 bhunscoil agus seacht n-iar-bhunscoil mar chuid den tionscadal taighde seo i mí Mheán Fómhair 2021. Rinne an FTO na cás-staidéir sin i gcomhar leis an gCigireacht agus cuimsíonn siad féinmhachnamh ó scoileanna maidir le tionchar na Scéime. San áireamh sa tuarascáil seo bhí go leor torthaí dearfacha maidir le cleachtas bord bainistíochta, múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí maidir le húsáid na Gaeilge, fís athspreagtha na scoileanna don Ghaeilge agus d'fhéiniúlacht Ghaeltachta, úsáid agus cur chun cinn méadaithe na Gaeilge agus an chultúir i bpobail scoile, cur i bhfeidhm éifeachtach an luath-thumoideachais sa Ghaeilge i ngach bunscoil cás-staidéir, na straitéisí nuálacha atá á gcur i bhfeidhm i roinnt scoileanna chun úsáid na Gaeilge a leathnú, agus úsáid na teicneolaíochta digití mar acmhainn teagaisc i gcásanna áirithe.

Aithníodh go raibh gá le forbairt bhreise i roinnt réimsí, lena n-áirítear úsáid na Gaeilge mar theanga shóisialaithe i roinnt iar-bhunscoileanna, éascú níos fearr ar an aistriú éifeachtach ó naíonraí go bunscoileanna Gaeltachta i gcásanna áirithe, agus an gá le rannpháirtíocht tuismitheoirí agus daltaí/mac léinn a neartú i bpleanáil gníomhaíochta agus san fhéinmheastóireacht scoile. Moladh do scoileanna torthaí na Tuarascála Cás-Staidéir a úsáid chun cáilíocht an tumoideachais i scoileanna a neartú agus a fheabhsú.

1.18 Tacaíocht do Scoileanna ar Oileáin

Leanadh de phacáiste tacaíochtaí breise a chur ar fáil in 2021 do gach ceann de na cúig iar-bhunscoil oileánacha sa Ghaeltacht. Tá na hacmhainní seo, lena n-áirítear leithdháileadh méadaithe múinteoirí agus buiséad imfhálaithe bliantúil breise do gach iar-bhunscoil oileánach, curtha ar fáil mar chuid d'fhorfheidhmiú foriomlán an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus tá siad ar fáil chomh maith leis na tacaíochtaí a fhaigheann na scoileanna cheana féin mar chuid den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Cuireadh comhairle leanúnach ar fáil don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun tacú le Beartas náisiúnta na nOileán a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith atá roimh phobail na n-oileán agus a aithníodh sa phróiseas comhairliúcháin.

1.19 Cláir Oideachas Múinteoirí trí mheán na Gaeilge

Príomhaidhm de chuid an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 is ea cur leis an soláthar múinteoirí atá in ann oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

San iomlán, tá 108 mac léinn ag glacadh páirt sa chlár B.Oid lán-Ghaeilge sa bhliain acadúil 2021/22, 39 mac léinn sa chéad bhliain ina measc. Bainfidh an chéad chohórt de mhúinteoirí faoi oiliúint céim amach sa bhliain 2023.

Líonadh gach ceann den 30 áit mhaoinithe in 2021 ar an M.Oid san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta trí mheán na Gaeilge a mhaireann dhá bhliain (M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta), le critéir iontrála agus fágála Gaeilge breise, do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile, atá á seachadadh i gColáiste Mhuire gan Smál.

Ceadaíodh dhá phost mhúinteoireachta don Mháistir Gairmiúil san Oideachas (*Máistir Gairmiúil san Oideachas trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí iar-bhunscoile) in OÉ Gaillimh arís in 2021. Is é an aidhm atá le soláthar na n-acmhainní breise seo ná oibriú i dtreo líon na múinteoirí iar-bhunscoile a bhfuil cumas leordhóthanach Gaeilge acu le múineadh* trí mheán na Gaeilge a mhéadú.

1.20 Coiste Comhairleach don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Tionóladh dhá chruinniú ar líne den Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2021.

1.21 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Leanadh le tacaíochtaí agus acmhainní breise a chur ar fáil do COGG in 2021 chun tacú lena ról lárnach i gcur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Chuimsigh sé seo maoiniú leanúnach do dhá phost oifigigh oideachais a leithdháileadh ar COGG chun cur i gcrích an chláir FGL a éascú do scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Cuireadh an tacaíocht sin ar fáil ar líne i gcomhréir le riachtanais sláinte poiblí.

1.22 Polasaí Nua don Ghaeloideachas

Rinneadh obair phleanála ar fhorbairt polasaí don ghaeloideachas taobh amuigh den Ghaeltacht in 2021, faoi stiúir an Aonaid um Oideachas Gaeltachta i gcomhar le rannóga eile den Roinn Oideachais. Bunaíodh meitheal taobh istigh den Roinn i mí Mheán Fómhair 2021 chun an obair sin a chur chun cinn.

1.23 Leithdháileadh Múinteoirí

Leithdháileadh 71,620 post múinteoireachta ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile in 2020. Is é a bhí i gceist leis an bpróiseas ath-imlonnaithe in 2021 ná 257 múinteoir buana ag an leibhéal bunscoile agus 34 mhúinteoir buana ag an leibhéal iar-bhunscoile a ath-imlonnú. Baintear úsáid as painéal ath-imlonnaithe breise chun aon phoist bhuana eile a líonadh nuair a chuirtear an próiseas i gcrích chun barrachas múinteoirí buana a ath-imlonnú ag an leibhéal bunscoile. Bhí díreach faoi bhun 1,288 múinteoir ar an bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe in 2021.

1.24 Samhail Leithdháileacháin Nua d'Acmhainní Teagaisc RSO

Leithdháileadh 9,324 post múinteoireachta oideachais speisialta ar bhunscoileanna. Roinntear beagnach 1,400 de na poist seo i measc scoileanna, agus tá os cionn 2,750 scoil

páirteach i socrú comhroinnte. Leithdháileadh 4,392 post coibhéise lánaimseartha faoin tsamhail RSO ar iar-bhunscoileanna don scoilbhliain 2021/22.

1.25 Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

Cuireann Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) na Roinne seirbhís shíceolaíoch chuimsitheach, scoilbhunaithe, chomhairleach ar fáil do scoileanna aitheanta ar dhá bhealach — trí sheirbhís cás-oibre aonair a chur ar fáil do dhaltaí agus trí sheirbhís tacaíochta agus forbartha do bhaill foirne scoile.

Is é atá i gceist le seirbhís chásoibre SNSO ná seirbhís shíceolaíoch a chur ar fáil do dhalta, leis an síceolaí ag obair leis an dalta, leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí, agus le gairmithe eile más cuí, chun riachtanais a aithint agus chun pleanáil le hidirghabháil agus athbhreithniú a dhéanamh chun tacú leis an dalta ar scoil. Leathnaigh an tseirbhís seo go dtí os cionn 8500 dalta in 2021. Ina theannta sin, faoin Scéim um Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú, chuir síceolaithe príobháideacha measúnú ar fáil do scoileanna le haghaidh breis agus 900 dalta.

Seirbhís shíceolaíoch fheidhmeach do bhaill foirne scoile is ea an tseirbhís Tacaíochta agus Forbartha SNSO, a shroicheann thart ar 25,000 múinteoir in aghaidh na bliana, chun cur lena gcumas freagairt do riachtanais folláine, acadúla, shóisialta agus mhothúchánacha gach dalta, agus go háirithe dóibh siúd a bhfuil bacainní acu ar a bhfolláine, a bhfoghlaim, a gcuimsiú agus a rannpháirtíocht.

1.26 Tionscadal na scoileanna beaga

Sheol an tAire tionscadal taighde dhá bhliain atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'inbhuanaitheacht scoileanna beaga i mí Iúil 2021.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal scoileanna beaga a spreagadh chun braisliú le chéile i ngrúpaí áitiúla, ag cur ar a gcumas comhoibriú le chéile agus dúshláin choiteanna a aithint agus réitigh nuálacha a thástáil. D'fhorbair grúpa oibre de chomhlachtaí bainistíochta scoile agus de cheardchumainn na múinteoirí leis an Roinn Oideachais an tionscadal seo mar chuid de chlár oibre an Fhóraim Bhunoideachais (FBO). Cuimsíonn an FBO gach comhpháirtí bunoideachais, lena n-áirítear ionadaithe tuismitheoirí, ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais.

Bunófar sé bhraisle tionscadail de scoileanna beaga, dhá cheann i nGaillimh, agus ceann amháin i ngach ceann de Dhún na nGall, Ciarraí, Cill Mhantáin agus Port Láirge, ina mbeidh idir trí agus cúig scoil do gach braisle. Tacóidh comhordaitheoirí páirtaimseartha áitiúla atá urraithe ag na comhpháirtithe oideachais leis na braislí, ag obair le comhordaitheoir náisiúnta faoi threoir grúpa stiúrtha. Mar chuid lárnach den tionscadal, déanfar meastóireacht agus tiomsófar tuarascáil deiridh, lena n-áirítear anailís ar inscálaitheacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar.

1.27 Cáilíocht sa Luathoideachas

Is díol sásaimh go forleathan go bhfuil creat cáilíochta na Cigireachta um Oideachas Luathbhlianta (COL) dírithe ar cháilíocht na bpróiseas, ar an luathfhoghlaim, agus ar an oideolaíocht ghairmiúil agus ar an gcleachtas gairmiúil mar aitheantas agus bailíochtú ar obair gairmithe luathbhlianta agus ar an méid a chuireann siad le tacú le foghlaim, folláine agus forbairt leanaí ag an gcéim ríthábhachtach seo den saol.

Ba iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí a d'eascair as Tuarascáil an Phríomhchigire 2016-2020 maidir le cigireachtaí ar shuíomhanna FCL ina gcuirtear an clár COLÓ ar fáil i rith na tréimhse seo:

- Tá cáilíocht fhoriomlán an tsoláthair i mbeagnach gach suíomh FCL a chuireann an clár COLÓ ar fáil go maith, an-mhaith nó sármhaith
- D'fhéadfaí feabhas a chur ar chumarsáid na bhfoghlaimeoirí agus ar scileanna smaointeoireachta in ord níos airde
- Is gá athbhreithniú inmheánach agus féinmhachnamh a chur i bhfeidhm i ngach suíomh FCL
- Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun aistriú éifeachtach leanaí ón réamhscoil go dtí an bunoideachas a éascú

Athraíonn líon na suíomhanna FCL ar chonradh gníomhach gach bliain chun an clár COLÓ a sholáthar agus is é líon iomlán na gCigireachtaí Oideachais Luathbhlianta a rinneadh i suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim (FCL) ag soláthar na réamhscoile saor in aisce i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) ó cuireadh tús leis an gCigireacht ná 2,702 faoi dheireadh 2021. I mí Aibreáin 2021, cuireadh tús arís le clár cigireachta 2020/21 a cuireadh ar fionraí i mí an Mhárta 2020 mar gheall ar chomhairle sláinte poiblí chun leathadh phaindéim COVID-19 a theorannú.

Treocht thábhachtach ó 2017 i leith is ea an méadú suntasach ar chuimsiú leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna FCL. Tá tacaíocht á tabhairt do na leanaí seo le raon beart a cuireadh ar fáil mar thoradh ar thabhairt isteach na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) lena n-áirítear comhordaitheoirí cuimsithe oilte a imscaradh in go leor suíomhanna.

Tar éis iarraidh ar Chigireacht na Roinne raon feidhme COL a leathnú chun go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar do leanaí idir 0-6 bliana d'aois, seoladh comhairliúchán i mí na Samhna 2021 maidir le Samhail athbhreithnithe do Chigireacht Oideachais sna Luathbhlianta lena n-áirítear leanaí ó bhreith go trí bliana d'aois, agus é mar aidhm aige cigireachtaí a leathnú amach níos faide ná clár COLÓ.

Lean an Roinn ag táirgeadh sraith seimineár gréasáin Léargas in 2021 a forbraíodh chun torthaí ó COL agus taighde a roinnt le hOideoirí Luathbhlianta, le tuismitheoirí agus le múinteoirí naíonán i mbunscoileanna agus chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach le suíomhanna FCL agus le feabhsú cáilíochta i soláthar agus i gcleachtas. Foilsítear iad sin ar líne ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/leargas/.

1.27.1 Síolta agus Aistear

Tá ról lárnach ag an Roinn maidir lena chinntiú go dtacaíonn an t-oideachas luathbhlianta a chuirtear ar fáil i réamhscoileanna arna maoiniú tríd an scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), le leanaí ina gcuid foghlama agus forbartha trí *Síolta*, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, agus *Aistear*, Creatchuraclam na Luath-Óige, a chur i bhfeidhm.

Tá Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear (TNSA), ar cuireadh tús leis in 2016, ag tacú le forfheidhmiú agus cur i bhfeidhm comhordaithe náisiúnta ar bhonn céimneach an dá chreat, lena n-áirítear forbairt ábhar, acmhainní agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) do chleachtóirí luathbhlianta. Tá an Roinn ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), le Seirbhísí Forbartha Cáilíochta de chuid Tús Níos Fearr (SFC) agus leis an CNCM ar an tionscnamh le beirt Oifigeach Forbartha náisiúnta sa phost chun tacú le hobair an tionscnaimh. Stiúrann an Roinn obair Ghrúpa Stiúrtha an TNSA agus aontaíonn sí plean oibre bliantúil don tionscnamh.

Dhírigh ÚSNÉ in 2021, i gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach i *Na chéad 5*[1] agus i *Scileanna a Chothú*[2], ar chlár oiliúna cumaiscthe aonair modúlach a fhorbairt chun tacú le leathadh amach *Síolta* agus *Aistear*, le pleananna le haghaidh leathadh amach luathaithe chun clúdach náisiúnta iomlán a bhaint amach, agus naisc struchtúrtha idir an clár oiliúna agus tacaíochtaí meantóireachta arna gcur ar fáil ag Tús Níos Fearr SFC.

1.27.2 Cáilíochtaí Gairmiúla agus Caighdeáin Ghairmiúla — Luathbhlianta

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais Critéir Dámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (CDGT) i mí Aibreáin 2019. Leagtar amach sna treoirlínte an t-eolas, an cleachtas agus na luachanna atá riachtanach do dhaoine gairmiúla do chláir chéime san Oideachas Gairmiúil Tosaigh (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) don earnáil FCL. Is é cuspóir CDGT tacú le forbairt dámhachtainí gairmiúla as a dtiocfaidh bunú céimithe oideoirí luath-óige atá go hiomlán réidh le tabhairt faoi dhúshláin chasta an chleachtais sa réimse seo.

Rinne an tAire Oideachais agus an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhpháirt le chéile Bord Comhairleach na gCáilíochtaí (BCC) a thionscnamh in 2020 ar bhonn neamhreachtúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chláir Chéime an Oideachais Ghairmiúil Tosaigh (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) don Earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim (FCL) ar mhaithe lena gcomhleanúnachas le CDGT Cuireadh tús le formheasanna i mí na Bealtaine 2020 agus ó bhí deireadh mhí na Nollag 2021 ann, bhí 20 clár ar an iomlán formheasta ag an BCC agus iad ag bualadh le CDGT. Leanann soláthraithe de bheith ag plé leis an BCC agus tá cláir á gcur isteach go fóill le bheith formheasta.

1.27.3 Plean Forbartha don Lucht Oibre don Earnáil FCL

Tá an Plean Forbartha don Lucht Oibre don earnáil FCL ríthábhachtach chun na scileanna agus an tacaíocht atá de dhíth orthu a thabhairt do chleachtóirí luathbhlianta chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí óga. Tá sé mar chuspóir chomh maith le cur i bhfeidhm *Na chéad 5* den Phlean Forbartha don Lucht Oibre a bheith á stiúradh ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Éagsúlachta, Imeasctha agus Óige agus ag an Roinn Oideachais.

Rinneadh dul chun cinn ar obair an Ghrúpa Stiúrtha agus na nGrúpaí Comhairliúcháin, a bunaíodh in 2019 agus a dhéanann ionadaíocht ar réimse leathan páirtithe leasmhara in FCL agus i gCúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS) in 2021. D'oibrigh an Roinn Oideachais go dlúth leis an RLCMLÓ ar ghrúpaí oibre a stiúradh a bhaineann lenár saineolas agus lenár n-ionchur sa phlean deiridh, *Scileanna a Chothú*, a d'fhoilsigh RLCMLÓ i mí na Nollag 2021, chomh maith le Plean Forfheidhmithe trí bliana a chuimsíonn 2022-2024. Tá roinnt gníomhartha sa Phlean Forfheidhmithe a bheidh faoi stiúir, nó faoi chomhstiúir, na Roinne Oideachais.

1.27.4 Ionchur i bhForbairt Polasaí na Luathbhlianta

Bhí ionchur ag COL agus ag an Aonad Beartais um Oideachas agus Oideachas sna Luathbhlianta i roinnt tuarascálacha in 2021. Chuaigh an Roinn i dteagmháil go dlúth leis an ECFE ar a nAthbhreithniú ar Pholasaí Tíre ar Oideachas agus Cúram Luath-Óige in Éirinn. Déantar breithniú sa tuarascáil ar an gcaoi ar féidir le polasaithe atá deartha go

[1] Na Chéad 5 Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028

[2] Scileanna a Chothú, Plean an Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile, 2022-2028

cúramach tacú le hidirghníomhaíochtaí fiúntacha do gach leanbh mar chuid dá n-eispéireas FCL agus déantar moltaí inti d'Éirinn i dtrí réimse, lena n-áirítear forbairt an lucht saothair agus dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta atá ábhartha d'obair na Roinne Oideachais. Déanfaidh an Roinn breithniú ar chur i bhfeidhm na moltaí i gcomhairle le comhghleacaithe in RLCMLÓ, ag féachaint do roinnt tuarascálacha eile RLCMLÓ a foilsíodh freisin in 2021 agus a raibh ionchur ag an Roinn iontu freisin.

Bhí an Roinn ina ball den Sainghrúpa ar shamhail mhaoinithe nua do Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS). D'fhoilsigh an Grúpa Saineolaithe tuarascáil, Comhpháirtíocht do Leas an Phobail, samhail mhaoinithe nua do Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile.

Bhí an Roinn ina ball freisin den Ghrúpa Athbhreithnithe Mhaoirseachta um Athbhreithniú ar an tSamhail Oibriúcháin FCL agus CLAS a choimisiúnaigh an RLCMLÓ in 2021.

1.28 An Straitéis Dhigiteach

Chun cur leis an méid atá bainte amach faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 roimhe seo, cuireadh tús leis an obair ar Straitéis Dhigiteach nua do scoileanna a fhorbairt in 2020. In 2021, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin fairsing chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an phróisis sin agus chun a chinntiú go gcloisfear gach guth. Tacófar le cur i bhfeidhm na Straitéise Digití nua trí infheistíocht de €200 milliún a gealladh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus Tionscadal 2040.

Is é fís na Straitéise Digití scoileanna a chumhachtú chun leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an gclaochlú digiteach chun inniúlacht dhigiteach agus éiceachóras oideachais dhigitigh éifeachtach a fhorbairt chun foghlaimeoirí gníomhacha atá inniúil, rannpháirteach go criticiúil agus gníomhach a fhorbairt agus ag an am céanna tacú leo a n-acmhainneacht a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh mar shaoránaigh dhomhanda i ndomhan digiteach.

Cuireann an straitéis nua leis na príomhéachtaí faoin straitéis a bhí ann roimhe seo agus tá sí ag teacht go dlúth le Plean Gníomhaíochta an AE don Oideachas Digiteach 2021-2027. Cuirtear san áireamh ann freisin an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach dar teideal 'Leas a Bhaint as Digitiú: Creat Digiteach na hÉireann' chomh maith le beartais agus straitéisí ábhartha eile. Leanfaidh an Straitéis de bheith ag obair chun a chinntiú go mbeidh na deiseanna ag foghlaimeoirí a gcuid scileanna digiteacha a fhorbairt ionas gur féidir leo a mbealach a dhéanamh sa domhan digiteach go muiníneach agus go hinniúil. Sa deireadh, is fócas bunúsach sa straitéis é foghlaimeoirí agus a bhfolláine agus a chinntiú go bhfuil gach ceann de na beartais, tacaíochtaí agus acmhainní dírithe ar dheiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí a gcuid scileanna digiteacha a fhorbairt.

1.29 An Creat Foghlama Digití

Sular foilsíodh go foirmiúil an Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna go 2027 in 2022, eisíodh €50m i maoiniú deontais TFC do scoileanna. Ina theannta sin, eisíodh maoiniú €50m mar chuid de Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais tríd an deighilt dhigiteach. Tacaíonn saoráid An Chéad Ghlúin Eile de chuid an AE le PNTA.

Cuireann an Roinn nascacht leathanbhanda ar fáil do gach bunscoil, scoil speisialta agus iar-bhunscoil aitheanta tríd an gClár Leathanbhanda Scoileanna ar chostas bliantúil de thart ar €13 m. Tá go leor bunscoileanna ar 100 Mbps nó nascacht níos mó faoi láthair, agus tosaíocht luath sa Straitéis Dhigiteach nua go 2027 ná nascacht ardluais a chur ar fáil do

gach bunscoil faoi 2023. Bainfear é seo amach trí chur i bhfeidhm leanúnach Limistéar Idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, soláthar tráchtála.

In 2021 the Department was successful in including a project as part of Ireland's National Recovery and Resilience Plan funded by the EU's Recovery and Resilience Facility. This project will capture the schools not included in the National Broadband Plan Intervention Area, or to receive enhanced connectivity through industry provision. This project commenced implementation in 2021.

In 2021, d'éirigh leis an Roinn tionscadal a chur san áireamh mar chuid de Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann arna mhaoiniú ag Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an AE. Cuirfidh an tionscadal seo na scoileanna san áireamh nach bhfuil san áireamh i Limistéar Idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, nó chun nascacht fheabhsaithe a fháil trí sholáthar tionscail. Cuireadh tús leis an tionscadal seo a chur i bhfeidhm in 2021.

Táthar ag súil go bhfaighidh Éire níos mó ná €900 milliún i ndeontais thar shaolré na Saoráide. Is í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an ghné is mó de An Chéad Ghlúin Eile den AE, freagairt an Aontais Eorpaigh ar an bpaindéim dhomhanda. Is é an aidhm atá ann cabhrú chun an damáiste eacnamaíoch agus sóisialta láithreach a d'eascair as an bpaindéim a dheisiú agus chun ullmhú d'Eoraip iar-COVID-19 atá níos glaise, níos digití, níos athléimní agus oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an todhchaí.

Sprioc 2: Cinnte a dhéanamh de go bhfuil ann do chothromas deiseanna san oideachas agus go dtacaítear le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach

Is éard atá i gceist leis an sprioc seo ná a chinntiú gur prionsabail bhunúsacha inár gcóras oideachais iad cothromas deiseanna agus cuimsitheacht. Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo córas a fhorbairt a chuireann fáilte roimh gach dalta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

2.1 Aitheantas CDSIS

Leanadh leis an obair i rith 2021 maidir le samhail aitheantais CDSIS a fhorbairt chun leibhéil chomhchruinnithe míbhuntáiste scoileanna a shainaithint. Is próiseas oibiachtúil, bunaithe ar staitisticí, é an tsamhail bheachtaithe, bunaithe ar shonraí rollaithe scoile agus ar shonraí atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2016 faoin Innéacs Díshealbhú HP.

2.2 Cur i bhFeidhm Phlean CDSIS

Sa bhliain acadúil 2021/22, tá 884 scoil i gClár CDSIS atá ag freastal ar níos mó ná 180,000 dalta — 687 dalta Bunscoile agus 197 dalta Iar-bhunscoile. Tá caiteachas iomlán na Roinne ar CDSIS in 2021 os cionn €150 milliún, lena n-áirítear €26.07 milliún don Chlár Críochnaithe Scoile. Áirítear leis seo soláthar 415 comhordaitheoir TBSP i mbunscoileanna uirbeacha agus iar-bhunscoileanna CDSIS, acmhainní breise teagaisc i scoileanna CDSIS Banda Uirbigh 1, deontais CDSIS, soláthar feabhsaithe Treorach in iar-bhunscoileanna CDSIS agus deontas feabhsaithe leabhar scoile a íoctar le scoileanna CDSIS.

I mBuiséad 2021, rinneadh soláthar don mhéid seo a leanas:

- Síneadh ar an gClár Críochnaithe Scoile i mí Mheán Fómhair 2021 chun 14 bhunscoil uirbeacha agus 14 iar-bhunscoil nua a chur san áireamh in CDSIS in 2017.
- Méadú 5% ar mhaoiniú don Chlár Críochnaithe Scoile ó Mheán Fómhair 2021 chun tacú le freastal agus rannpháirtíocht foghlaimeoirí leochaileacha agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.
- Laghdú ar an tairseach rollaithe do leithdháileadh príomhoide thánaistigh bhreise in iar-bhunscoileanna CDSIS, ó 700 go 600 dalta.

2.3 Taighde ERC maidir le CDSIS

I mí an Mheithimh 2021, d'fhoilsigh ERC tuarascáil inar scrúdaíodh timpeallachtaí foghlama baile agus scoile na ndaoine 15 bliana d'aois i scoileanna CDSIS agus i scoileanna nach scoileanna CDSIS iad. Déanann an tuarascáil – *Thar an ngnóthachtáil: torthaí baile, scoile agus folláine ó PISA 2018 do dhaltaí i scoileanna CDSIS agus i scoileanna nach scoileanna CDSIS iad* - cur síos freisin ar thorthaí maidir le dearcthaí, mianta oideachais agus gairme, agus folláine na ndaltaí.

I measc na bpríomhthorthaí dearfacha bhí rochtain ag daltaí i scoileanna CDSIS agus is scooileanna nach scoileanna CDSIS iad araon ar réimse leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim, agus bhí príomhoidí ag beagnach gach dalta a bhí rannpháirteach a thuairiscigh go raibh polasaithe scoile i bhfeidhm chun tacú le folláine na ndaltaí. Toradh fáilteach eile ba

ea go raibh tuairimí dearfacha ag tuismitheoirí daltaí i scoileanna CDSIS maidir le polasaithe scoile a bhí dírithe ar thacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí san oideachas.

2.4 Coinneáil go dtí an Ardteistiméireacht in Iar-bhunscoileanna CDSIS

Tomhaistear sa Tuarascáil Coinneála is déanaí a d'fhoilsigh an Roinn i mí na Samhna 2021 céatadán na ndaltaí a chuaigh isteach sa chéad bhliain den iar-bhunscoil in 2014 agus a chríochnaigh an Ardteistiméireacht in 2019, nó 2020 (dóibh siúd a bhain leas as an idirbhliain). Léirítear sa Tuarascáil gur chríochnaigh 91.5% de na daltaí a chuaigh isteach sa chéad bhliain den iar-bhunscoil in 2014 a nArdteistiméireacht in 2019 nó 2020, agus go ndearna 97.6% díobh scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2017 nó 2018.

Tá feabhas ar rátaí coinneála na hArdteistiméireachta ó tugadh isteach CDSIS feicthe ag scoileanna atá rannpháirteach i clár CDSIS — ó 68.2% do chohórt iontrála 2001 go 84.8% do chohórt iontrála 2014. Tá an bhearna sna rátaí coinneála idir scoileanna CDSIS agus scoileanna nach scoileanna CDSIS iad laghdaithe ó bhearna 16.8% do chohórt iontrála 2001 go 8.6% do chohórt iontrála 2014.

2.5 Laethanta Scoile Laghdaithe

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais treoirlínte maidir le húsáid laethanta scoile laghdaithe a thaifeadadh agus a fhógairt i mí Mheán Fómhair 2021. Forbraíodh na treoirlínte chun soiléireacht a thabhairt d'údaráis scoile agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le laethanta scoile laghdaithe a úsáid i scoileanna agus chun a chinntiú nach n-úsáidtear laethanta scoile laghdaithe ach amháin ar bhealach atá teoranta, cuí agus fíor-riachtanach.

Foilsíodh na treoirlínte seo a leanas maidir le húsáid laethanta scoile laghdaithe in 2021:

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ga-usaid-laghdaithe-laethanta-scoile/

2.6 Feidhmeanna Leasa Oideachais a Aistriú

I gcomhréir leis na socruithe atá leagtha amach mar chuid d'fhoirmiú reatha an Rialtais, agus a cuireadh ar bhonn foirmiúil faoi IR 588 de 2020, tá feidhmeanna leasa oideachais, lena n-áirítear riaradh an Chláir Críochnaithe Scoile (CCS) agus na scéime Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) faoi chúram an Aire Oideachais ó mhí Eanáir 2021. Leasaigh Acht na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Leasú) 2021 Acht na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach 2013, agus é mar éifeacht leis sin go dtuairiscíonn Tusla don Aire Oideachais maidir le feidhmeanna leasa oideachais.

Foilseacháin in 2021 (Cuimsiú Sóisialta):

Athbhreithniú ar Mhéid an Ranga i mBunscoileanna CDSIS Banda Uirbeach 1
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/athbhreithniu-ar-mheid-an-ranga-i-deis-uirbeach-banda-1-bunscoileanna/

SNITR Tuarascáil Taighde Bonnlíne Píolótach Amach As na Scáthanna

https://1d3ad8c0-4fe5-46e5-9b07-dc213044ac84.filesusr.com/ugd/5cfafe_0dc001ab34414419b855ebe82b7890f1.pdf

2.7 Riachtanais Speisialta Oideachais

2.7.1 Freastal ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Déanann an Roinn maoirseacht ar sholáthar raon tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht chúnta, saintrealamh, caipitíocht fheabhsaithe agus socruithe speisialta iompair.

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) freagrach, trína líonra d'Eagróirí Riachtanais Speisialta Oideachais, as iarratais ó scoileanna ar thacaíochtaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a phróiseáil.

2.7.2 Soláthar Oideachais Speisialta

Faoi láthair caitheann an Stát os cionn 25% dá bhuiséad oideachais agus oiliúna bliantúil de €9.2 mbilliún ar sholáthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is iad seo a leanas na príomhthacaíochtaí a gcuirtear an maoiniú seo ar fáil dóibh:

2.7.3 Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Chuir Buiséad 2021 990 Cúntóir Riachtanas Speisialta sa bhreis ar fáil. Mar thoradh air sin, leithdháileadh 18,004 CRS ar scoileanna faoin 31 Nollaig 2021.

2.7.4 Múinteoirí Oideachais Speisialta

Rinneadh soláthar i mBuiséad 2021 do 145 múinteoir oideachais speisialta breise, rud a d'fhág go raibh soláthar iomlán de 13,765 múinteoir in 2021.

2.7.5 Ranganna Speisialta

Tá 2,148 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha a chuireann sainoideachas ar fáil do 12,289 dalta le 2,457 múinteoir ranga speisialta do scoilbhliain 2021/2022.

Baineann páistí atá ag freastal ar ranganna speisialta tairbhe as cóimheas laghdaithe idir daltaí agus múinteoir ó 6:1 go 11:1.

2.7.6 Scoileanna Speisialta

Tá 126 scoil speisialta ann a chuireann sainoideachas ar fáil do 8,682 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear Scoileanna Ospidéil agus Aonaid Seirbhísí Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach (SMLÓ) ina bhfuil níos mó ná 1,500 múinteoir. Baineann páistí atá ag freastal ar scoileanna speisialta tairbhe as cóimheas laghdaithe idir daltaí agus múinteoir ó 6:1 go 11:1. D'oscail dhá scoil speisialta nua i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath do scoilbhliain 2021/22.

2.7.7 An Scéim um Theicneolaíocht Chúnta

Rinneadh 2,775 íocaíocht le bunscoileanna, agus 991 íocaíocht le hiar-bhunscoileanna, i leith chostas na teicneolaíochta cúnta, arbh ionann é agus os cionn €3.6M in 2021.

Tá an cineál trealaimh a chuirtear ar fáil faoin scéim teicneolaíochta cúnta éagsúil, lena n-áirítear tacaíochtaí fuaime do leanaí a bhfuil lagú éisteachta orthu, trealamh chun cabhrú le leanaí atá faoi mhíchumas lagamhairc, agus trealamh ríomhaireachta do leanaí faoi mhíchumas cumarsáide fisiciúla nó diana, áit a bhfuil sé leagtha amach go bhfuil an trealamh riachtanach chun rochtain a dhéanamh ar an gcuraclam.

2.7.8 Scéim Theanga Chomharthaíochta na hÉireann

Cabhraíonn Scéim Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) le páistí atá bodhar/nach bhfuil an éisteacht go maith acu agus lena dteaghlaigh, cumas teanga a fháil a luaithe agus is féidir.

D'fhéadfadh baill teaghlaigh, tuismitheoirí agus siblíní an pháiste a bheith san áireamh freisin sa teagasc TCÉ, atá curtha ar fáil, den chuid is mó, i dteach an pháiste, faoin scéim seo chun a chinntiú gur féidir leis an bpáiste cumarsáid a dhéanamh lena b(h)aill teaghlaigh agus cabhrú leis/léi scileanna líofa teanga a shealbhú agus é/í ag gabháil do ghníomhaíocht bhríoch le húsáideoirí cumasacha na teanga agus daoine suntasacha eile. Íoctar deontas le tuismitheoirí chun teagascóir TCÉ a fhostú. I bhformhór na gcásanna, tá teagasc TCÉ ar feadh 1 uair an chloig in aghaidh na seachtaine suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh, ag ardú go dtí 7.5 uair an chloig sa tseachtain do mhí Iúil agus do mhí Lúnasa.

Tá an maoiniú iomlán atá ar fáil don scéim teagaisc TCÉ thart ar €310,000 in aghaidh na bliana. Fuair 176 leanbh agus a dteaghlaigh tacaíocht faoin scéim ó thuairim is 47 teagascóir i scoilbhliain 2020/21.

2.7.9 An Scéim Teagaisc Baile Oideachais Speisialta

Is é cuspóir na Scéime Deontais um Theagasc Baile seirbhís chúiteach oideachais a chur ar fáil do dhaltaí, atá cláraithe i scoileanna, a bhfuil riocht sláinte suntasach orthu, a chuir isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil, agus ar dócha go leanfaidh sé de bheith ina gcúis leis sin. Cuireann an scéim seirbhís chúiteach oideachais ar fáil freisin do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhfuil socrúchán oideachais á lorg acu. Déantar soláthar freisin d'idirghabháil luathoideachais do leanaí a bhfuil uathachas orthu.

€26.17 m de mhaoiniú deontais eisithe do thuismitheoirí chun teagasc baile a sholáthar in 2021. Ceadaíodh 424 deontas teagaisc baile do Theagasc Baile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i rith na scoilbhliana 2020/21.

2.7.10 Clár Oideachais Samhraidh 2021

In 2021, leathnaíodh Clár Oideachais mhí Iúil go cláir oideachais samhraidh do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chasta acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Is mar fhreagairt ar COVID-19 a bhí sé sin.

Beidh rochtain ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ar chlár feabhsaithe oideachais samhraidh faoin leathnú seo ar an gclár samhraidh.

An maoiniú iomlán a bhí ar fáil chun an clár a chur ar fáil ná suas le €40 milliún, méadú 100% ar an leithdháileadh do sholáthar an tsamhraidh in 2020.

Ba iad aidhmeanna an chláir ná tacú le daltaí dul i ngleic leis an oideachas an athuair, cur lena muinín agus a n-inspreagadh a mhéadú, folláine a chur chun cinn agus do roinnt daoine atá ag na príomhchéimeanna aistrithe, cabhrú lena chinntiú gur féidir leo bogadh ar aghaidh chuig an socrúchán oideachais atá beartaithe acu i mí Mheán Fómhair, in éineacht lena bpiaraí.

Den chéad uair riamh, is féidir le gach scoil (bunscoil agus iar-bhunscoil) cláir shamhraidh a chur ar fáil. Roimh an leathnú seo, ní raibh cláir shamhraidh ar fáil ach do scoileanna speisialta agus do dhaltaí i ranganna speisialta i mbunscoileanna agus i scoileanna CDSIS.

Leanadh le clár samhraidh bailebhunaithe a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu nuair nach bhfuil a gcuid scoileanna ag cur clár scoilbhunaithe ar fáil

2.7.11 Lárionad Uathachais Middletown

Is tionscnamh cómhaoinithe é tionscadal Lárionad Uathachais Middletown (LUM) idir an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (RO) agus an Roinn Oideachais atá dírithe ar thacú le cur chun cinn barr feabhais i bhforbairt agus i gcomhchuibhiú oideachais agus seirbhísí gaolmhara do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil neamhoird speictrim uathachais orthu.

Ceapadh Cathaoirleach nua agus 4 Stiúrthóir nua ar Bhord Lárionad Uathachais Middltown (LUM) in 2021. Déantar ceapacháin ar an gCathaoirleach agus ar an Leas-Chathaoirleach ar uainíocht idir RO agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, nuair a cheaptar gach bord. Rachaidh téarma oifige chomhaltaí an Bhoird in éag i mí an Mhárta 2024.

Cuireann an tIonad seirbhís oiliúna chuimsitheach náisiúnta ar fáil do thuismitheoirí agus do ghairmithe oideachais. Is féidir le tuismitheoirí breathnú ar an réimse cúrsaí atá ar fáil ag an lárionad tríd an suíomh gréasáin www.middletownautism.com. Tá rannóg taighde ag an lárionad freisin.

Ar iarratas ón Roinn seo agus mar a cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, chuir Lárionad Uathachais Middletown (LUM) tús, ar bhonn píolóta ch teoranta ó dheas, le seirbhís dianmheasúnaithe oideachais agus tacaíochta foghlama a chur ar fáil do leanaí ar bhonn for-rochtana (Clár Píolótach LUM). Chomh maith le méadú a dhéanamh ar líon na n-úsáideoirí a bhain tairbhe as seirbhísí an lárionad, aidhm thábhachtach le leathnú na seirbhísí ba ea an lárionad a dhaingniú níos mó mar chomhlacht riachtanach seachadta den réimse seirbhísí atá ar fáil chun tacú le leanaí a bhfuil uathachas acu ar bhonn uile-oileáin.

Chuir leathnú sheirbhísí an lárionaid sa Deisceart ar chumas an láronaid píolótú a dhéanamh ar sholáthar tacaíochta dírí do leanaí, cur i gcrích tionscadal taighde spriocdhírithe chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais amach anseo agus méadú ar líon na n-áiteanna oiliúna a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí agus do ghairmithe araon, go háirithe ag cur béim ar phríomhchéimeanna saoil do leanbh a bhfuil uathachas air/uirthi.

2.7.12 Athbhreithniú cuimsitheach ar Scéim CRS agus ar an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SCS)

Fuarthas amach in Athbhreithniú Cuimsitheach an CNOS ar an Scéim CRS, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2018, go n-oibríonn Scéim an CRS, mar atá cumraithe faoi láthair, go maith chun freastal ar riachtanais leanaí agus daltaí níos óige ar ceapadh í dóibh ar dtús, agus go bhfuil meas mór ag tuismitheoirí, daltaí agus scoileanna uirthi. Mar sin féin, fuarthas amach nach raibh sé chomh héifeachtach céanna do dhaltaí bunscoile níos sine agus do dhaltaí iar-bhunscoile.

Cheadaigh an Rialtas Samhail nua um Chuimsiú Scoile (SCS) a thriail i mí Feabhra 2019. Tá an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SCS) bunaithe ar chomhairle polasaí ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta bunaithe ar an bprionsabal go gcuirtear an tacaíocht cheart ar fáil ag an am ceart arna soláthar ag raon pearsanra a bhfuil cáilíochtaí agus tacair scileanna ábhartha acu. Is é an cuspóir ná cabhrú le daltaí torthaí níos fearr a bhaint amach. Is cuid lárnach den tionscadal í an mheastóireacht neamhspleách agus beidh an toradh mar bhonn eolais do bheartas amach anseo maidir le síneadh a chur leis an SCS. Tá roinnt gnéithe san áireamh sa tionscadal:

- Teiripí inscoile a sholáthar (urlabhra agus teanga, saothar)
- CRSanna a leithdháileadh ar bhonn túsualaithe
- Tacaíochtaí gairmiúla breise don scoil lena n-áirítear síceolaíocht, forbairt iompraíochta agus ghairmiúil
- Oiliúint CRSanna

Cheadaigh an Rialtas triail a bhaint as an tsamhail don scoilbhliain 2019/20 i mí Feabhra 2019. Ceapadh é ar dtús mar chlár píolótach bliana ina raibh suas le 75 scoil rannpháirteach i réigiún ECSP 7, chuir COVID-19 isteach air mar gheall ar dhúnadh scoileanna agus atreorú teiripeoirí FSS ón tionscadal chuig obair a bhain le COVID-19. Cuireadh síneadh leis ansin go dtí an scoilbhliain 2020/21 ar chuir an phaindéim isteach uirthi freisin.

Tá dul chun cinn déanta ar ghnéithe den tsamhail ach tá go leor fós le déanamh maidir le cur i bhfeidhm agus meastóireacht inscoile Tá tús curtha arís leis an gclár píolótach anois in ECSP 7 agus tá pleanáil lena leathnú ar siúl faoi láthair.

2.7.13 Teiripe Urlabhra agus Teanga in-Scoile agus an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SCS)

Reáchtáladh tionscadal taispeántais chun seirbhísí teiripe inscoile agus réamhscoile a chur ar fáil i rith na scoilbhliana 2018/19. D'fhorbair an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhí ann an uair sin, an Roinn Sláinte, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an tionscadal agus rinne an CNOS bainistiú agus comhordú air.

Ba é cuspóir an tionscadail tástáil a dhéanamh ar shamhail de thacaí teiripeacha saincheaptha trí urlabhra agus teanga agus teiripe shaothair a chur ar fáil laistigh de 'shuíomhanna oideachais'. Chuir an clár píolótach nuálach seo le soláthar seirbhísí teiripe riachtanacha atá maoinithe cheana féin ag FSS.

Bhí an tionscadal ar siúl in Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) 7 Réigiún in Iardheisceart Bhaile Átha Cliath, Cill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin. Ghlac 75 scoil páirt, lena n-áirítear sampla ionadaíoch de bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna agus de scoileanna speisialta. Bhí 75 suíomh réamhscoile bainteach le bunscoileanna a bhí páirteach sa tionscadal san áireamh. Ghlac 150 suíomh páirt sa tionscadal taispeántais san iomlán.

Lean leanaí a bhí ag freastal ar scoileanna píolótacha agus a fuair tacaíochtaí teiripe ó FSS le rochtain a fháil ar na seirbhísí sin freisin. Dearadh an tsamhail teiripe inscoile chun cur leis na seirbhísí atá ann cheana féin, ní chun teacht in áit na seirbhísí atá ann cheana féin.

Rinneadh meastóireacht ar an tionscadal le linn na scoilbhliana 2018/19. Tá an tuarascáil mheastóireachta seo críochnaithe anois agus tá sí ar fáil ag https://ncse.ie/wp-content/uploads/2020/11/Demo-project-evaluation-flnal-for-web-upload.pdf

Cé gur ceapadh é ar dtús mar chlár píolótach bliana, i gcinneadh ón Rialtas ar an 12 Feabhra, 2019, maidir leis an Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta, aontaíodh freisin le scéim phíolótach de Shamhail um Chuimsiú Scoile nua a bhunú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus cúraim bhreise acu lena mbaineann suas le 75 scoil rannpháirteach i réigiún ECSP 7 thar an scoilbhliain 2019/20.

Leanadh leis an tionscadal taispeántais chun seirbhísí teiripe inscoile agus réamhscoile a chur ar fáil, mar chuid den tSamhail um Chuimsiú Scoile, i rith na scoilbhliana 2019/20.

Ós rud é gur dúnadh na scoileanna go léir ón 12 Márta 2020, mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, níorbh fhéidir scéim phíolótach na Samhla um Chuimsiú Scoile a chur i gcrích go hiomlán i rith na scoilbhliana 2019/20

Chun tacú le hobair FSS maidir le freagairt do COVID-19, rinneadh na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Saothair a bhí ceaptha don tSamhail um Chuimsiú Scoile a aisghairm

chuig FSS ón 12 Márta 2020 agus leanann siad de bheith fostaithe ag FSS. Cuireadh tús arís leis an scéim phíolótach in ECSP 7 i mí na Samhna 2021.

Ceadaíodh don CNOS teiripeoirí a earcú go díreach chun leanúint le Scéim Phíolótach na Samhla um Chuimsiú Scoile, i rith na scoilbhliana 2020/21.

Fógraíodh freisin, mar chuid de bhearta Bhuiséad 2021, gur cuireadh maoiniú ar fáil chun an tSamhail um Chuimsiú Scoile (SCS) a leathnú, lena n-áirítear soláthar teiripe. Tá pleanáil ar bun chun é a leathnú.

2.7.14 Oiliúint CRSanna

Tá an Clár Náisiúnta Oiliúna do Chúntóirí Riachtanas Speisialta mar chuid den 'tSamhail um Chuimsiú Scoile' a bhfuil sé mar aidhm aige cumas scoileanna a fhorbairt chun leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu a chur san áireamh agus chun tacaíochtaí eile a chur ar fáil do dhaltaí. Tá an tionscnamh á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais, mar chuid den tSamhail um Chuimsiú Scoile. (SCS)

Bíonn ról ollmhór ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta chun cabhrú lena chinntiú go gcuimsítear daltaí a bhfuil riachtanais chúraim shuntasacha acu san oideachas agus i saol na scoile. Aithníodh é seo san Athbhreithniú Cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a d'fhoilsigh an CNOS in 2018. Rinneadh roinnt moltaí san athbhreithniú maidir le CRSanna agus an gá atá ann le sraith tacaíochtaí níos leithne lena n-áirítear tacaí teiripeacha do dhaltaí a bhfuil riachtanais chasta acu. Rinne an t-athbhreithniú tagairt freisin do riachtanais oiliúna na CRSanna. Mhol an CNOS go bhforbrófaí clár oiliúna náisiúnta nua do CRSanna atá ann cheana féin nach bhfuil an leibhéal riachtanach oiliúna acu agus do CRSanna nua nuair a cheaptar iad. Mhol an CNOS freisin go gcuirfí oiliúint ar fáil freisin atá curtha in oiriúint do riachtanais chasta shonracha roinnt daltaí a bhfuil CRSanna ag tabhairt aire dóibh.

Rinne an Roinn breithniú ar an gcomhairle polasaí. Cinneadh go dtabharfaí tosaíocht do chlár oiliúna a fhorbairt le haghaidh CRSanna nach mbeadh an deis acu le déanaí rochtain a dhéanamh ar chlár oiliúna a bhí saincheaptha dá ról.

Tá conradh ceithre bliana bronnta ag an CNOS ar Scoil Oideachais, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, chun clár oiliúna náisiúnta nua ar líne a dhearadh agus a sheachadadh do chúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna) atá fostaithe i scoileanna na hÉireann. Is é an sprioc ná oiliúint a chur ar fáil do 3,500 CRSanna le linn na tréimhse sin.

Cuireadh tús leis an gclár i mí Eanáir 2021 agus é mar aidhm aige an chéad chohórt 500 CRS a earcú sa chéad bhliain, agus 3,500 áit ar fáil ar an gclár thar an tréimhse ceithre bliana ina dhiaidh sin. Is éard atá sa chlár ná clár náisiúnta oiliúna do CRSanna atá ag obair i gcóras oideachais na hÉireann, i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Tá an clár ar oscailt saor in aisce do gach CRS atá fostaithe i ngach scoil aitheanta, bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. Is mórthionscnamh oideachais é seo, a chuirfidh feabhas ar eolas, ar scileanna agus ar shaineolas an phearsanra atá ríthábhachtach chun daltaí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu a chuimsiú sa chóras oideachais.

Tá an clár curtha i gcrích ag an gcéad chohórt de mhic léinn anois, agus comhlíonann 460 mac léinn riachtanais an chláir ina n-iomláine. Chláraigh an dara cohórt de 950 mac léinn i mí Mheán Fómhair 2021 agus críochnóidh siad an clár i mí na Bealtaine 2022.

2.8 Scéimeanna um Theagasc Baile

Próiseáladh 186 iarratas ar theagasc baile in 2021 i ndáil leis na scéimeanna seo a leanas — teagasc baile do dhaltaí nach bhfuil áit scoile acu, leanaí faoi chúram gan áit scoile agus daltaí ar neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas. Astu seo, bhí 159 díobh nach

raibh socrúchán scoile ar bith ann dóibh, bhí 17 gcinn acu as leanaí nach raibh aon socrúchán scoile acu agus rinneadh 10 n-iarratas san iomlán faoin scéim neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas.

Foilseacháin in 2021 maidir leis an Deontas um Theagasc Baile:

Ciorclán 0048/2021

Scéim Deontais um Theagasc Baile do pháistí nach bhfuil áit scoile acu

1. Leanaí gan áit scoile — (GAS)
2. Leanaí i gCúram gan áit scoile — (LIC)

Ciorclán 0049/2021

Scéim Deontais do Theagasc Baile i leith Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas.

2.9 Cur chun cinn na folláine

Leanadh den obair chun tacú le meabhairshláinte agus folláine na ndaltaí tríd an *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Creat Cleachtais* a chur i bhfeidhm in 2021. Bhí go leor d'fhócas na hoibre folláine in 2021 ar thacaíocht a thabhairt do scoileanna le linn COVID-19. Forbraíodh réimse acmhainní folláine do thuismitheoirí, do dhaltaí agus d'fhoireann na scoile.

Cuireadh dearadh an chláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach Folláine (FGL) do scoileanna i gcrích. Mar sin féin, cuireadh moill ar oiliúint duine le duine a chur ar fáil do scoileanna mar gheall ar COVID-19.

Forbraíodh leathanach tiomnaithe Folláine san Oideachas ina dtugtar le chéile tacaíochtaí folláine a d'fhorbair an Roinn agus seirbhísí tacaíochta na Roinne in 2021.

Rinneadh athbhreithniú ar Threoirlínte na Foirne Tacaíochta do gach iar-bhunscoil a chur i gcrích agus a dháileadh ar gach iar-bhunscoil in 2021.

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, fuair gach scoil cóipeanna de bhileog ina leagtar amach raon na seirbhísí meabhairshláinte atá ar fáil do dhaoine óga.

2.10 Rochtain agus Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta

2.10.1 Tús Luath

Maoiníonn agus riarann an Roinn na ranganna réamhscoile Tús Luath a bunaíodh in 1994/95 in 40 bunscoil i gceantair ainmnithe faoi mhíbhuntáiste uirbeach ar fud na tíre. Is scéim réamhscoile bliain amháin é Tús Luath ina bhfuil clár oideachais atá dírithe ar fhorbairt fhoriomlán a fheabhsú, cabhrú le teip scoile a chosc agus éifeachtaí míbhuntáiste shóisialta a fhritháireamh. Is féidir leis an gclár oideachais freastal ar 1,620 páiste.

Meallann gach páiste réamhscoile Tús Luath maoiniú caipitíochta de €95.23 in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, faigheann gach aonad iomlán agus leath d'aonad Tús Luath maoiniú neamhphá i ndáil le deontais nua-thionscanta d'ábhair nó do threalamh, chomh maith le deontas bliantúil chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a chothú.

Íocadh maoiniú neamhphá arbh ionann é agus €214,109.23 le haonaid Tús Luath in 2021.

2.10.2 Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland

Is clár réamhscoile dhá bhliain é Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland, a bunaíodh in 1969, i bpobal lár chathair Bhaile Átha Cliath, a fhreastalaíonn ar leanaí idir 3-5 bliana d'aois Cé nach bhfuil sé mar chuid den Tús Luath, baineadh úsáid as chun triail a bhaint as go leor de na cineálacha cur chuige a cuireadh san áireamh níos déanaí i gclár Tús Luaith. Is í an Roinn a riarann buiséad Thionscadal Réamhscoile Shráid Rutland le haghaidh gnéithe neamhtheagaisc pá agus neamhphá. Foireann na scoile ná príomhoide riaracháin, seachtar múinteoirí agus cúigear oibrithe cúraim leanaí do 103 leanbh. Fuair Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland deontas bliantúil €122,580 ón Roinn in 2021.

2.10.3 Ag Tacú le Cuimsiú agus le hÉagsúlacht

Tá ról tacaíochta ag an Roinn i bhforbairt leanúnach na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) a sheol an RLCMLÓ i mí an Mheithimh 2016. Samhail de thacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírithe is ea SRC atá deartha chun a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a dhéanamh ar an gclár COLÓ. Tá an Roinn ina ball den Ghrúpa Forfheidhmithe Trasearnála a stiúrann tionscnamh SRC, agus lean sí uirthi ag cur tacaíochtaí ar fáil do shamhail SRC trí pháirt a ghlacadh ina meithleacha in 2021.

Rinneadh meastóireacht ag deireadh na trí bliana ar SRC (ar cuireadh moill air in 2020 mar gheall ar COVID-19) idir mí na Nollag 2020 agus mí na Nollag 2021.

Sprioc 3: In éineacht lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na gcóras ceart agus an bhonneagair chirt don earnáil

Baineann an sprioc seo leis an ról tábhachtach atá ag an Roinn agus ag a gníomhaireachtaí maidir le ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil laistigh den earnáil agus ar fud an rialtais. Baineann sé le comhordú a dhéanamh le páirtithe leasmhara earnála, leis an earnáil phoiblí i gcoitinne, leis an gcóras polaitiúil agus le comhlachtaí rialtais eile agus le cláir oibre thrasearnála. Is é aidhm na sprice seo na comhpháirtíochtaí seo a neartú agus oibriú le chéile agus muid ag seachadadh eispéireas oideachais den chéad scoth do gach dalta.

3.1 Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Múinteoirí

Tar éis glao ón ÚAO, thar ceann na Roinne, ar gach soláthraí oideachais tosaigh múinteoirí, cuireadh tús le trí chlár i mí Eanáir 2021 chun múinteoirí cláraithe a uas-sciliú in ábhair spriocdhírithe iar-bhunscoile (Spáinnis, matamaitic agus fisic).

I mí na Bealtaine 2021, foilsíodh tuarascáil theicniúil nuashonraithe Samhail maidir le hÉileamh agus Soláthar Múinteoirí a Fhorbairt d'Éirinn 2020-2038, agus forbairtí beartais agus réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha athbhreithnithe na ndaltaí á gcur san áireamh.

Tionóladh fóram comhairliúcháin náisiúnta do pháirtithe leasmhara maidir le soláthar múinteoirí i mí na Bealtaine 2021. Tionóladh an fóram ar líne mar gheall ar shrianta COVID-19.

Ag freagairt do dhúshláin COVID-19 i gcomhthéacs Soláthar Múinteoirí

Cuireadh roinnt beart bhreise um sholáthar múinteoirí i bhfeidhm in 2021 mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, lena n-áirítear:

Socruithe solúbtha do mhic léinn atá faoi oideachas tosaigh múinteoirí (OTM):

Chuaigh an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta i dteagmháil le hinstitiúidí ardoideachais a chuireann cláir mháistreachta gairmiúla san oideachas (MGO) ar fáil chun solúbthacht i soláthar clár a chinntiú agus chun feabhas a chur ar líon mhic léinn MGO atá ar fáil chun tacú le scoileanna.

Sos gairme agus scéimeanna postroinnte:

Don scoilbhliain 2021/22, rinneadh athruithe sealadacha ar an scéim sosanna gairme chun deis a thabhairt do mhúinteoirí atá ar sos gairme obair ionaid gan teorainn a dhéanamh agus ar an scéim postroinnte, rud a ligfeadh do mhúinteoirí postroinnte obair ionaid a dhéanamh ar na laethanta nach ndearnadh iad a uainchlárú.

Feachtas na Comhairle Múinteoireachta:

Chuaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta i dteagmháil leis an 111,700 múinteoir ar a clár chun feasacht a ardú maidir le dúshláin a bhaineann le hionadú múinteoirí agus chun iarraidh ar mhúinteoirí, nuair is féidir, iad féin a chur ar fáil lena n-ionadú i scoileanna.

Socruithe ionduchtúcháin do mhúinteoirí nuacháilithe lasmuigh d'Éirinn:

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta athnuachan ar an bhforáil a rinneadh in 2020, go 2021, trí Rialacháin Chlárúcháin, rud a cheadaíonn, ar bhonn eisceachtúil, do mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn ach nach raibh an tréimhse riachtanach ionduchtúcháin curtha i gcrích acu sa tír inar cháiligh siad, dul san iomaíocht lena n-ionduchtú a dhéanamh in Éirinn.

Bealach Clárúcháin do Mhic Léinn OTM sa Tríú Bliain agus sa Bhliain Deiridh:

Leasaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta na Rialacháin Chlárúcháin chun ligean do mhic léinn OTM sa tríú bliain agus sa bhliain deiridh clárú leo. Chuir sé sin ar chumas na mac léinn sin múineadh i scoileanna agus easnamh na múinteoirí ionaid a mhaolú i gcomhthéacs na paindéime. D'oibrigh an Roinn leis an gComhairle chun an toradh sin a bhaint amach.

Foilseachán a bhaineann le Soláthar Múinteoirí:

Foilsíodh "Samhail maidir le hÉileamh agus Soláthar Múinteoirí a Fhorbairt d'Éirinn 2021-2038, Tuarascáil Theicniúil" i mí na Bealtaine 2021, i gcomhar leis an Rannóg Staitisticí.

Reachtaíocht a bhaineann leis an gComhairle Mhúinteoireachta:

Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 745 de 2021: Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú) (Uimh. 2) 2021.

3.2 Polasaí Oideachas Múinteoirí, OTM & Forbairt Ghairmiúil

Cuireann an Roinn an leanúint den fhoghlaim agus de cháilíocht an teagaisc agus na foghlama chun cinn, trí oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus tacaíochtaí do mhúinteoirí agus do phríomhoidí a sholáthar. Is iad na cláir oideachais tosaigh do mhúinteoirí, seirbhísí tacaíochta náisiúnta d'oideachas múinteoirí agus ionaid oideachais áitiúla a chuireann formhór na tacaíochta sin ar fáil. Is iad na seirbhísí tacaíochta náisiúnta d'oideachas múinteoirí an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL).

Cuireadh FGL do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ar fáil i raon leathan réimsí ábhair le linn 2021. Áiríodh leo sin tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Churaclam na dTeangacha Bunscoile agus d'ábhair nua inscrúdaithe na sraithe sinsearaí agus sonraíochtaí athbhreithnithe ábhair na sraithe sinsearaí. Ina theannta sin, cuireadh os cionn 600 áit ar fáil ar chláir iarchéime coláistebhunaithe i gceannaireacht agus riachtanais speisialta oideachais.

Leanadh de thosaíocht a thabhairt in 2021 do thacaíocht forbartha gairmiúla chun na gníomhaíochtaí ábhartha a chur i bhfeidhm i réimsí na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta, na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (ETIM), Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (CDSIS), Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, Nasc Teangacha, Cruthaitheacht, Tionscadal FCÁT a fhaigheann tacaíocht ó SFGM, Sláinte & Folláine agus Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI).

3.2.1 Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Nósanna imeachta maidir le Creidiúnú Gairmiúil Chláir OTM (2021)

Ní mór do gach clár nua bunscoile agus iar-bhunscoile a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta i gcomhair creidiúnú a bheith ar aon dul le Céim anois. Leagann Céim amach na riachtanais nach mór do gach clár cáilíochta don mhúinteoireacht in Éirinn a chomhlíonadh chun creidiúnú a fháil ón gComhairle Mhúinteoireachta. Is tagarmharc é freisin d'aon duine atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoir in Éirinn.

Foilsíodh na Nósanna Imeachta um Chreidiúnú Gairmiúil do Chláir OTM i mí Aibreáin 2021 agus tacaíonn siad le Céim trí achoimre a thabhairt ar nósanna imeachta na Comhairle maidir leis an gcaoi a ndéantar athbhreithniú agus creidiúnú ar na cláir i gcomhréir le Céim

I mí na Samhna 2021, chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta tús le creidiúnú Thimthriall 2 ar chláir atá ann cheana féin, lena mbaineann athbhreithniú sceidealta ar 68 clár OTM in 14 Institiúid Ardoideachais, idir 2021 agus 2023.

Bealach Iontrála na Gaeltachta chuig Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) Bunscoile

Faoi shocrú atá déanta le fada, tá suas le 10% de na háiteanna i gcláir OTM bunscoile atá maoinithe ag an stát curtha in áirithe d'iarrthóirí ón nGaeltacht, a bhfuil gnáthchónaí orthu i gceantar oifigiúil ainmnithe Gaeltachta agus arb í an Ghaeilge an ghnáth-theanga labhartha acu sa bhaile.

Dearadh an bealach iontrála go sonrach chun daltaí a mhealladh isteach sa bhunmhúinteoireacht arb as an nGaeltacht iad agus a labhraíonn an Ghaeilge mar a gcéad teanga. Tá aidhm Bhealach Iontrála na Gaeltachta ag teacht le Polasaí na *Roinne Oideachais don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*, ina leagtar amach fís don oideachas Gaeltachta a aithníonn an ról atá ag scoileanna agus ag suíomhanna luathbhlianta maidir le hoideachas trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus maidir le hinniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú i measc mhórphobal na Gaeltachta.

Bhí plé idir an Roinn agus na páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis na dúshláin a bhaineann le riarachán Bhealach Iontrála na Gaeltachta. D'fhoilsigh an Roinn ciorclán inar cuireadh in iúl athrú ar na critéir don Bhealach Iontrála ó Mheán Fómhair 2022 i mí an Mheithimh 2021. Ardófar an t-íosghrád don Ghaeilge go A3 — á thógáil os cionn leibhéal iontrála ginearálta A4, ach cosnófar na háiteanna do dhaltaí atá ina gcónaí i gceantar pleanála Teanga Gaeltachta. Tá sé seo chun a chinntiú go leanfar de bhealach a chur ar fáil do mhic léinn ar féidir leo saibhreas na Gaeilge mar phríomhtheanga a thabhairt do ghairm na múinteoireachta.

Coinneofar téarmaí Bhealach Iontrála na Gaeltachta faoi athbhreithniú i gcomhthéacs fhorbairt pholasaí na Roinne Oideachais maidir leis an nGaeilge agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge.

Socrúchán Scoile

D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta an tuarascáil ar Nuálaíocht Socrúchán Scoile i mí Lúnasa 2021. Leagadh béim ann ar an gcleachtas nuálach a forbraíodh i socrúcháin scoile mar fhreagairt ar bhearta COVID-19.

Is cuid ríthábhachtach den OTM é Socrúchán Scoile mar cuireann sé ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint taithí a fháil ar theagasc agus ar fhoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla, agus páirt a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach struchtúrtha agus tacaithe.

Thionóil an Chomhairle Mhúinteoireachta an Grúpa Oibre Socrúcháin Scoile (GoSs) i mí na Samhna 2018 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm treoirlínte maidir le socrúcháin scoile agus ar mholtaí taighde coimisiúnaithe na Comhairle Múinteoireachta ar shocrúchán scoile.

D'aithin an Grúpa roinnt príomhdhúshlán maidir le socrúchán scoile, lena n-áirítear socrúchán scoile a aimsiú agus a riar, costas airgeadais na socrúchán scoile, agus róil agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara (le béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint a óstáil). Bhí na dúshláin sin mar bhonn Plean Gníomhaíochta maidir le Socrúchán Scoile a eisíodh i mí an Mhárta 2021.

Mhol an SWPG Grúpa Forfheidhmithe Socrúchán Scoile a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar dhá Go, Meitheal um an gCóras Socrúcháin (MCS) agus Grúpa um Fhoghlaim Ghairmiúil Treoraithe. Cuireadh moill ar bhunú na ngrúpaí sin mar gheall ar thionchar COVID-19 ar acmhainní córais agus ar chleachtais oibre. Bunaíodh an MCS i R2 2021 agus tháinig sé le chéile trí huaire: Meán Fómhair, Deireadh Fómhair, agus Samhain 2021. Tá Grúpa Foghlama Gairmiúla Treoraithe le bunú in 2022.

Ráiteas Polasaí ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Thosaigh an Roinn ag forbairt ráitis bheartais le haghaidh OTM in 2019. Rinneadh comhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint acu le OTM, lena n-áirítear gach soláthraí OTM agus réimsí beartais na Roinne a bhaineann le OTM Déanfaidh an ráiteas beartais seo iarracht polasaí agus soláthar OTM a dhoiciméadú agus beidh roinnt soiléireachta ann maidir leis an bhfís do OTM.

Cé go rabhthas ag súil leis an doiciméad a fhoilsiú go déanach in 2021, leanadh den obair chun an ráiteas a thabhairt chun críche agus táthar ag súil go bhfoilseofar é in 2022.

Céimithe Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Bhí 1,202 céimí ó chláir oideachais tosaigh múinteoirí (OTM) chomhthráthacha agus as a chéile atá maoinithe ag an Stát agus 1,574 céimí ó chláir iar-bhunscoile chomhthráthacha agus as a chéile atá maoinithe ag an Stát in 2020. Bhí 683 céimí bunscoile agus 157 céimí iar-bhunscoile ar chláir as a chéile freisin ó Choláiste Hibernia in 2020

Cé nach bhfuil ach figiúirí measta ar fáil do 2021, táthar ag súil go mbeidh thart ar 1,200 bunchéimí agus os cionn 1,760 céimí iar-bhunscoile ó chláir atá maoinithe ag an Stát, agus táthar ag súil go mbainfidh thart ar 721 céimí bunscoile agus 188 céimí iar-bhunscoile céim amach ó Choláiste Hibernia.

Ag freagairt do dhúshláin COVID-19 i gcomhthéacs Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, ní raibh tréimhsí traidisiúnta foghlama na Gaeltachta in ann dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe agus d'aontaigh an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhféadfaí iad sin a dhéanamh ar líne. Chinntigh sé sin nach raibh aon bhacainní ar mhic léinn a gclár OTM a chríochnú agus céim a bhaint amach mar a bhí beartaithe in 2021. Cé gur éirigh go maith leis an gclár eile ar líne, is é an aidhm chomhroinnte atá ag na páirtithe leasmhara uile filleadh ar TFG pearsanta in 2022.

Chuir institiúidí ardoideachais (IAOanna) níos mó solúbthachta cláir ar fáil chun cur ar chumas múinteoirí faoi oiliúint i mBliain 3 agus i mBliain 4 ar chláir chomhthráthacha agus ar gach múinteoir faoi oiliúint ar chláir as a chéile (MGO) tacú le scoileanna suas go dtí deireadh an téarma (Nollaig 2021). Bhí tionchar dearfach ag na bearta sin ar an sprioc fhoriomlán chun ár scoileanna a choinneáil oscailte in ainneoin an bhrú ar sholáthar múinteoirí mar gheall ar shaincheist leanúnach COVID-19.

Lean an Roinn, institiúidí ardoideachais a sholáthraíonn oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) agus an Chomhairle Mhúinteoireachta de bheith ag obair le chéile chun sláine eispéiris OTM na mac léinn a chothabháil agus chun tacú le mic léinn a gcláir OTM a chur i gcrích go sásúil, agus ag an am céanna ag sainaithint oiriúnuithe féideartha chun a chinntiú go mbeidh múinteoirí faoi oiliúint ar fáil go leanúnach chun tacú le scoileanna roimh agus i ndiaidh na Nollag 2021.

Thacaigh seirbhísí tacaíochta TES, ar iarratas ón Roinn, le Foirne Scoileanna Sláinte Poiblí FSS le rianú teagmhálaithe scoilbhunaithe i mí an Mhárta 2021. Measadh gur fhíorthosaíocht í an obair sin sa chóras oideachais le linn earrach na bliana 2021 chun a chinntiú go bhféadfadh scoileanna beartais éifeachtacha mhaolúcháin a chur i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a theorannú i scoileanna agus i bpobail. Bhain an obair seo le SFGM agus comhairleoirí SSM chomh maith le comhordaitheoirí LCS ag obair i gcomhar le foirne Sláinte Poiblí atá ann cheana chun comhairle a chur ar phríomhoidí agus ar cheannairí i suíomhanna oideachais faoi na nósanna imeachta chun teagmhálacha de chásanna dearfacha a aithint agus iad a thuairisciú i gceart don FSS.

D'fhógair an Roinn bearta chun líon na múinteoirí ionaid atá ar fáil do scoileanna a mhéadú i mí na Samhna 2021:-

- Scaoil seirbhísí tacaíochta d'oideachas múinteoirí múinteoirí a bhí ar iasacht chun iad féin a chur ar fáil chun clúdach ionaid a chur ar fáil i scoileanna.
- Cuireadh an chuid is mó d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) áit a raibh gá le hionadú siar go dtí tar éis bhriseadh lár téarma mhí Feabhra 2022 agus leanadh ar aghaidh le FGL phleanáilte a bhaineann le hathchóirithe ar ábhair inscrúdaithe na Sraithe Sinsearaí.
- Le linn na tréimhse inar dúnadh na scoileanna, lean na seirbhísí tacaíochta d'oideachas múinteoirí de thacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí ó chian. Rinneadh an tacaíocht atá do FGL phleanáilte aghaidh ar aghaidh a oiriúnú agus a sheachadadh ó chian trí sheimineáir ghréasáin. Cuireadh leibhéal suntasach tacaíochta ar fáil chun tacú le scoileanna agus le múinteoirí chun cianteagasc agus cianfhoghlaim a chur ar fáil do dhaltaí.

Seirbhís Tacaíochta Múinteoirí Chomhtháite aonair

Cuireann an Roinn cáilíocht an teagaisc agus na foghlama chun cinn trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíochtaí a sholáthar do mhúinteoirí agus do phríomhoidí. Freastalaítear ar riachtanais forbartha gairmiúla múinteoirí trí chlár ionduchtaithe a chur ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe, tacaíocht thiomnaithe do cheannairí scoile, FGL náisiúnta don churaclam agus athchóiriú beartais, agus tacaíocht leanúnach do mhúinteoirí. Faoi láthair, cuireann ceithre sheirbhís éagsúla na tacaíochtaí thuasluaite ar fáil atá á maoiniú tríd an Rannóg Oideachais Múinteoirí:

- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) (seirbhís tras-earnála a chlúdaíonn an tsraith bhunscoile agus an tsraith shinsearach san iar-bhunscoil)
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) (an tsraith shóisearach)
- An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) (bunscoil agus iar-bhunscoil)
- Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS) (bunscoil agus iar-bhunscoil).

Chuir an Roinn tús le tionscadal in 2021 chun na ceithre sheirbhís tacaíochta a chomhtháthú isteach in aon seirbhís tacaíochta chomhtháite amháin. Tá forbairt na seirbhíse comhtháite tacaíochta múinteoirí aonair ag teacht le beartas na Roinne teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán a chur chun cinn trí FGL a sholáthar agus chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile. Bunaíodh grúpaí stiúrtha, grúpaí forfheidhmithe agus meithleacha chun cabhrú le comhtháthú na seirbhísí a chur chun cinn. Cruthaíodh plean tionscadail agus tionóladh roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara chun nuashonruithe a sholáthar agus aiseolas a bhailiú faoin tionscadal. Táthar ag leanúint leis an obair ar an tionscadal leis an tseirbhís chomhtháite nua atá le bunú faoi Mheán Fómhair 2023.

3.2.2 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

In 2021, lean an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) le clár cuimsitheach forbartha gairmiúla a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile. Cuireadh tús leis an mbliain leis an gclár iomlán de sheimineáir FGL, ceardlanna, pobail foghlama gairmiúla agus tacaíocht scoile chomh maith le sraith iomlán seimineár gréasáin agus cúrsaí ar líne.

Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar obair SFGM le linn 2021. Bhí roinnt impleachtaí aige maidir le hathdhearadh, athshamhlú agus athailíniú an tsoláthair. Mar thoradh ar dhúnadh na scoileanna i mí Eanáir/Feabhra 2021, bhí ar an bhfoireann a gcuid seirbhísí a chur in oiriúint mar a bhí siad i rith an chéad dúnadh i mí an Mhárta 2020.

Chuaigh FGL do Théarma 2 ar aghaidh mar a bhí beartaithe gan aon fhianaise go raibh fonn nó freastal laghdaithe ann in aon réimse. Chuir SFGM tuilleadh tacaíochtaí i bhfeidhm freisin chun freagairt go díreach do riachtanais múinteoirí agus ceannairí scoile a fuair iad féin, den dara huair, i mbun a gcuid oibre ó chian le daltaí. Lean SFGM ag freagairt d'iarratais ar thacaíocht scoile le scoileanna atá fós ag iarraidh tacaíocht curaclaim agus cláir a fháil ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile do ghrúpaí múinteoirí nó d'fhoireann iomlán.

Tugadh tús áite do réimsí ar leith in 2021 agus cuireadh modhanna soláthair in oiriúint chun foghlaim ó chian agus cianfhoghlaim a cheadú. San áireamh ansin bhí tairiscint clinicí ciantacaíochta a bhfuil cuspóir sonrach acu anseo agus anois de bheith freagrúil do riachtanais láithreacha na múinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Bhí éileamh ard fós ar thacaíocht speisialta scoile.

Tosaíocht ba ea leanúint de thacaíochtaí do cheannairí scoile nuacheaptha agus do mhúinteoirí nuacheaptha d'ábhair agus sonraíochtaí nua Ardteistiméireachta. Mar sin féin, b'éigean roinnt gnéithe de FGL a chur ar sos toisc nach bhféadfaí iad a éascú ach go pearsanta.

Sláinte agus Folláine

Lean an soláthar tacaíochta d'fhoirne bunscoile agus iar-bhunscoile in 2021 ar fud na réimsí seo a leanas: OSPS, OCG, Fan Slán, Cosaint Leanaí, Sábháilteacht Phearsanta don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach, Frithbhulaíocht, Meabhairshláinte agus Mí-úsáid Substaintí mar chuid den Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais nua. Bhí an Tionscadal Taighde um Ghníomhaíocht Folláine ina phríomhthosaíocht ag an bhfoireann i gcomhar le SNSO. Dhear agus d'éascaigh SFGM tacaíocht do gach scoil phíolótach lena mbaineann chomh maith le comhordú a dhéanamh ar imeacht foghlama comhroinnte chun deireadh an chláir phíolótaigh a mharcáil. Bhí an tionscadal sin mar bhonn eolais do sholáthar náisiúnta na tacaíochta don chreat in 2021.

In 2021, cuireadh FGL na Sraithe Sinsearaí ar fáil do shonraíochtaí ábhair na heacnamaíochta, na polaitíochta agus sochaí, na healaíne, an léinn chlasaicigh, na heolaíochta talmhaíochta, na ríomheolaíochta, na matamaitice feidhmí, CAT, agus do thuairisceoirí athbhreithnithe na modúl don ATF.

Bhí éileamh ard fós ar thacaíocht shaincheaptha scoile SFGM. In 2021, bhí 26700 idirghníomhú FGL do mhúinteoirí le linn tacaíochta bunscoile inscoile agus 7169 idirghníomhaíochtaí FGL do mhúinteoirí IBS le linn tacaíochta IBS laistigh den scoil.

Tugadh tús áite do thacaíocht do scoileanna i ngach réimse in 2021 lena n-áirítear Ceannaireacht Scoile inar éascaíodh modúil shaincheaptha laistigh de chláir náisiúnta SFGM. Leanadh le soláthar spriocdhírithe do scoileanna CDSIS trí thacaíocht chomhthéacsaithe scoile, Breith ar an Léitheoireacht, Aisghabháil Matamaitice, CSTS agus Tionscadail Bhraisle Feabhais CDSIS.

I gcomhar le hIonaid Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus na hUaimhe, d'ullmhaigh SFGM dhá sheimineár gréasáin oiliúna ar líne do mhúinteoirí a bhfuil campaí samhraidh maoinithe ag an Roinn á reáchtáil acu i mBéarla agus i nGaeilge i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa 2021. D'fhreastail 610 múinteoir ar an seimineár gréasáin beo Béarla agus d'fhreastail 94 múinteoir ar an seimineár gréasáin Gaeilge.

Ceannaireacht Scoile

Cuireadh tacaíocht ar fáil do cheannairí scoile trí chláir náisiúnta SFGM: Misneach, Tánaiste, Comhar, Forbairt, Lionraí agus Meitheal chomh maith le sraith tacaíochtaí d'Fhéinmheastóireacht Scoile. Tacaíonn foireann ceannaireachta SFGM le ceannairí scoile ar fud leanúntas na ceannaireachta, an príomhoide, an príomhoide tánaisteach, na meáncheannairí agus na gceannairí múinteoirí trí shraith clár náisiúnta, imeachtaí foghlama a dhíríonn ar shaincheisteanna reatha agus tacaíocht scoile comhthéacsaithe le rannpháirtíocht 3073 ag an leibhéal bunscoile, 1390 ag an leibhéal iar-bhunscoile agus 822 ag an leibhéal trasearnála.

Civitas Parium

Sheol Coiste Taighde SFGM Civitas Parium in 2021. Is creat coincheapúil saincheaptha é seo chun bonn eolais a chur faoi shraith tacaíochtaí forbartha gairmiúla comhoibríocha SFGM agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Fréamhaithe i gcleachtas machnamhach, tá an creat cumhachtaithe le fócas ar churaclam, oideolaíocht agus meastóireacht agus déantar é a inbhuanú leis an tosaíocht follasach a thugtar do riachtanais gach foghlaimeora. Cuireann sé modh ar fáil freisin trínar féidir meastóireacht bhreise a dhéanamh ar shamhlacha comhoibríocha SFGM agus tógáil orthu chun a n-éifeachtúlacht agus a n-inbhuanaitheacht amach anseo a chinntiú.

Is é Civitas Parium an creat coincheapúil lárnach do shamhlacha SFGM d'fhorbairt ghairmiúil chomhoibríoch. Tríd an doiciméad seo a roinnt, cuirfear an creat in iúl ar fud na heagraíochta chun bonn eolais a chur faoin gcleachtas, chun machnamh a spreagadh agus chun tacú le haidhm SFGM forbairt ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt a chuireann ar chumas múinteoirí agus scoileanna an t-oideachas is fearr is féidir a chur ar fáil do gach dalta/mac léinn. Tá an creat ag teacht freisin leis an sprioc fhoriomlán chun aitheantas forleathan a thabhairt do SFGM mar sholáthraí nuálach, freagrúil agus iontaofa d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus mar thacaíocht do mhúinteoirí agus scoileanna.

Is féidir teacht ar an gcáipéis anseo https://www.pdst.ie/publications

3.2.3 Teicneolaíocht san Oideachas SFGM

Lean foireann Theicneolaíocht san Oideachas SFGM (SFGM TsO) de bheith ag tacú leis an gclaochlú digiteach i scoileanna in 2021 trí naisc leathanbhanda agus uasghráduithe, tacaíocht bonneagair, cibearshlándáil, sábháilteacht idirlín agus tacaíochtaí cibearbhulaíochta, acmhainní do mhúinteoirí trí Scoilnet agus forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile chun inniúlacht dhigiteach ghairmiúil a fheabhsú.

Ghlac breis agus 80,000 leanbh agus duine óg ó scoileanna ar fud na hÉireann páirt ó chian i Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte (LIS) 2021, a d'eagraigh foireann Webwise. Ag teacht suas le Seimineár LIS, ghlac 100 dalta as gach cearn d'Éirinn páirt i gclár oiliúna faoi stiúir piaraí ar líne a bhfuil téama an chláir oiliúna ann i mbliana ag díriú ar athléimneacht dhigiteach a fhorbairt agus ar d'fholláine ar líne a bhainistiú.

Seoladh HTML Heroes, clár nua sábháilteachta ar líne do mhúinteoirí i rang a haon agus i rang a dó. Tá cúig cheacht san acmhainn a scrúdaíonn an t-idirlíon a úsáid go sábháilte, cumarsáid a dhéanamh ar líne, imirt agus foghlaim ar líne, cabhair agus tacaíocht a fháil

Tá os cionn 25,000 acmhainn ar fáil anois do Scoilnet, tairseach oifigiúil na Roinne d'acmhainní oideachais na hÉireann. Agus scoileanna á ndúnadh go luath in 2021, tháinig méadú thart ar 45% ar an trácht ar an suíomh gréasáin i bhformhór na bpríomhthuairimí maidir le húsáid an tsuímh ghréasáin (tuairimí leathanaigh; cliceanna acmhainne; cuardaigh ghníomhacha) i gcomparáid leis na chéad trí mhí de 2019 nuair a bhí scoileanna oscailte go hiomlán.

Ag eascairt as na hardleibhéil spéise in dhá leagan den chúrsa Múinteoireachta Ar Líne do mhúinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile, forbraíodh dhá shraith cúrsaí (don bhunscoil agus don iar-bhunscoil), rud a chuir ar chumas múinteoirí dul chun cinn a dhéanamh ar chuid de na scileanna agus de na hinniúlachtaí a forbraíodh le linn an chúrsa Múinteoireachta Ar Líne: Is iad seo a leanas an cúrsa:

- Aiseolas Measúnaithe agus Teicneolaíochtaí Digiteacha (iar-bhunscoil)
- Físeán a úsáid chun Acmhainní a Fheabhsú agus a Chruthú (iar-bhunscoil)
- Aiseolas Measúnaithe agus Teicneolaíochtaí Digiteacha (bunscoil)
- Conas Físeáin Teagaisc a Chruthú agus a Úsáid (bunscoil)

Bhí an-tóir ar thacair foghlama cumaiscthe i rith 2021 i measc múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile chun a scileanna nuabhunaithe a uasmhéadú i dteicneolaíochtaí digiteacha chun páirt a ghlacadh i gcur chuige foghlama cumaiscthe ina seomraí ranga.

Forbraíodh sraith de ghrafaicí faisnéise dátheangacha ag tabhairt aghaidh ar roinnt príomhréimsí.

Ba mhodh suntasach tacaíochta é tacaíocht scoile in 2021, agus cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do phobail dhigiteacha chleachtais, do bhraislí cistí barr feabhais scoile agus do thionscnaimh phunainne dhigiteacha.

3.3 Tacaíochtaí Gaeilge Eile

FCÁT

Aithnítear FCÁT (foghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha) i gCuraclam Teanga na Bunscoile mar oideolaíocht éifeachtach chun torthaí foghlama teanga a fheabhsú. Is modheolaíocht é FCÁT trína ndéantar teagasc teanga agus ábhair a chomhtháthú sa cheacht/sna ceachtanna céanna. Cuireadh tús le tionscadal píolótach i réimse FCÁT agus na Gaeilge i mbunscoileanna in 2019. Roghnaíodh seacht scoil chun páirt a ghlacadh sa tionscadal píolótach. Ar an 12 Bealtaine 2021, tugadh cuireadh do na seacht scoil a bhí páirteach freastal ar sheimineár gréasáin faisnéise leis an SFGM chun iad a thabhairt cothrom le dáta maidir le dul chun cinn an tionscadail phíolótaigh.

In 2021, dhear SFGM sraith ábhar corpoideachais, i gcomhar le COGG, le húsáid in 2022.

Gaeilge Bheo

Mar fhreagra ar an bhfilleadh ar scoil i mí Eanáir 2021, cheap foirne teanga SFGM sraith de sheisiúin bheo agus idirghníomhacha ar líne, dar teideal Gaeilge Bheo, a rinne iniúchadh ar réimse theagasc na Gaeilge. I ngach seisiún bhí mioncheacht Gaeilge ar líne mar aon le seisiún machnamhach /roinnte.

Mar gheall ar an rath agus ar an aiseolas ó rannpháirtithe Gaeilge Bheo, rinneadh an cur chuige a oiriúnú agus a leathnú sa bhliain acadúil 2021/22.

Ceardlanna/Seimineáir Ghréasáin Bunscoileanna

Cuireann foireann na Gaeilge sa SFGM sraith ceardlann/seimineár gréasáin ar fáil gach bliain ina ndéantar iniúchadh ar theagasc na Gaeilge. Mar shampla, chuir foireann na Gaeilge seimineár gréasáin ar fáil ar an nGaeilge Neamhfhoirmiúil (T2) agus seimineár gréasáin ar ullmhú do Sheachtain na Gaeilge (T2) sa scoilbhliain 2020/21.

3.4 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM)

Tacaíonn an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) le múinteoirí nuacháilithe bunscoile agus iar-bhunscoile a ionduchtú i ngairm na múinteoireachta in Éirinn de réir riachtanais na Roinne Oideachais agus beartas na Comhairle Múinteoireachta lena n-áirítear *Droichead*, *An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil do MNCanna* (2017). Bhí tionchar ag paindéim leanúnach COVID-19 ar go leor d'fhorálacha agus d'imeachtaí CNIM. Chríochnaigh 3,641 MNC bunscoile an clár Droichead in 2021, agus chríochnaigh 3,125 MNC iar-bhunscoile an clár.

Oiliúint FTG

Thug CNIM tús áite agus d'oiliúint na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG) agus rinne sé í a éascú in 2021, le 1,076 rannpháirtí ag an mbunscoil agus 238 rannpháirtí san iar-bhunscoil. Bhí sé mar aidhm aige an t-eolas tosaigh agus na scileanna a theastaíonn chun a bheith ina mbaill éifeachtacha FTG a chur ar fáil do rannpháirtithe chun tacú le múinteoirí nuacháilithe agus iad a threorú tríd an bpróiseas ionduchtúcháin. Leanadh le hoiliúint FTG a éascú ar líne don bhliain acadúil.

Cruinnithe Braisle

Is riachtanas de chuid na Comhairle Múinteoireachta é nach mór do mhúinteoirí nuacháilithe a thugann faoi *Droichead* mar bhealach ionduchtúcháin freastal ar chruinniú braisle 2 uair an chloig in aghaidh an téarma ar feadh thréimhse a bpróiseas Droichead. Ina theannta sin, d'éascaigh Socruithe Idirthréimhseacha *Droichead*, a d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta, comhréiteach do MNCanna nár chomhlíon a gcnuasach go hiomlán in 2019 agus 2020, mar gheall ar thionchar COVID-19. Na figiúirí rannpháirtíochta do 2021 ba ea 4,644 don bhunscoil agus 3,170 don iar-bhunscoil.

Imeachtaí Gutha MNC

Déanann CNIM comhordú ar an gcuireadh ó roghnú randamach de MNCanna a bhí páirteach sa phróiseas *Droichead* chuig imeacht foghlama comhroinnte Gutha MNCanna a bhaineann go sonrach leis an earnáil chun páirt a ghlacadh i gcomhráite gairmiúla faoina dtaithí de phróiseas *Droichead*. Tugann na himeachtaí seo deis chun athbhreithniú a dhéanamh ar ionduchtú ó thaobh an MNC de, chun féidearthachtaí a fhiosrú agus moltaí a dhéanamh. Cuireann MNCanna a dtaithí *Droichead* in iúl, ag roinnt taithí aonair agus taithí comhchoiteann. Baineann CNIM úsáid as an aiseolas seo chun cur le forbairt gnéithe éagsúla d'fhorálacha *Droichead* ar nós cruinnithe braisle, oiliúint FTG, forbairt ghairmiúil FTG, breathnuithe, *Taisce*, etc. Cé go raibh tionchar ag COVID-19 ar líon na ndaoine a bhí i láthair, reáchtáladh dhá imeacht in 2021 don earnáil bunscoile a ndearna 8 scoil ionadaíocht orthu. Bhí ionadaíocht ag 77 iar-bhunscoil i gcúig imeacht eile.

Forbairt Ghairmiúil FTG

Eagraíodh imeachtaí Athnuachana *Droichead* do rannpháirtithe iar-bhunscoile, agus bhí 305 duine i láthair. Ba é aidhm na n-imeachtaí seo cur le heolas FTG ar phróiseas *Droichead* chomh maith le comhairle, tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil chun cabhrú lena rannpháirtíocht le múinteoirí nuacháilithe i scoileanna.

Tacaíocht Scoile *Droichead*

Rinne CNIM foráil do thacaíocht físeán ar líne, teileafóin agus ríomhphoist, ag cur tuairim is 1,000 uair an chloig de thacaíocht scoile ar fáil i rith 2021.

Rinne CNIM, i gcomhar leis an rannóg Teagaisc agus Foghlama den Chomhairle Mhúinteoireachta, cur i láthair agus seimineár gréasáin comhpháirteach a thairiscint do gach mac léinn sa bhliain deiridh OTM i mí an Mhárta 2021. Reáchtáladh dhá imeacht i bpearsa, chomh maith le seimineár gréasáin comhpháirteach trasearnála amháin (thart ar 1,450 clárúchán trasearnála).

Ceardlanna Ionduchtúcháin ar Líne

Cuireann CNIM réimse tacaíochta saincheaptha ar fáil faoi láthair trína cheardlanna ionduchtúcháin ar líne atá ar fáil 24/7 mar áis do MNCanna. Ghlac 4,320 duine san iomlán páirt i gceardlanna ionduchtúcháin ar líne in 2021.

3.5 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) — Ag Tacú le hAthchóiriú na Sraithe Sóisearaí

D'fhreastail breis agus 24,000 múinteoir ar an mbraisle FGL ar líne sa tréimhse idir Eanáir agus Márta 2021. Cuireadh ceardlanna ar fáil d'ábhair uile na Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear an gearrchúrsa Corpoideachais. Thairg an fhoireann scoile uile ceardlanna ar líne do gach scoil, lena n-áirítear scoileanna speisialta, a raibh teagmháil le 8,826 múinteoir eile mar

thoradh orthu. Cuireadh ceardlanna idirghníomhacha ar líne ar fáil chun tacú le múinteoirí i gcuraclam folláine na Sraithe Sóisearaí i réimsí de ghearrchúrsaí OSSP agus OSPS agus bhí tuairim is 1,480 múinteoir i láthair.

Tugadh an deis do scoileanna agus do mhúinteoirí nach raibh in ann leas a bhaint as braislí, mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le COVID-19, freastal ar an dara sraith de bhraislí ar líne a tairgeadh i mí Mheán Fómhair 2021. Freastalaíodh ar 6,239 múinteoir sa bhreis de bharr an ní seo sa bhreis ar an sceideal.

Cuireadh sraith imeachtaí beo agus seimineár gréasáin ceisteanna agus freagraí ar fáil chun tacú le ceannairí scoile agus iad ag pleanáil an clár Folláine 400 uair an chloig a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cur i bhfeidhm céimnithe *an Chreata don tSraith Shóisearach* (2015).

Cuireadh réimse seimineár gréasáin agus ceardlann ar fáil in dhá mhór-imeacht foghlama ar líne, ceann amháin san earrach agus an dara ceann san fhómhar, chun tacú le múinteoirí ábhair agus ceannairí scoile le hathchóiriú na Sraithe Sóisearaí in 2021. Chuir gach foireann ábhair imeachtaí foghlama aonuaire ar fáil. Lean na healaíona sa tSraith Shóisearach le ceardlanna ar líne a chur ar fáil agus acmhainní agus cláir a fhorbairt chun tacú le foghlaim ghairmiúil agus le rannpháirtíocht sna healaíona agus san fhoghlaim sa tSraith Shóisearach. Lean ETI(E)M sa tSraith Shóisearach ag cur ceardlanna ar líne ar fáil do mhúinteoirí i gcomhpháirtíocht le soláthraithe seachtracha neamhfhoirmiúla FGL. Leathnaíodh an tionscnamh in 2021 chun sraith ceardlanna ar líne a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí comhoibriú ar fud réimsí ábhair na Sraithe Sóisearaí chun Tionscadal ETI(E)M i nGníomh i Scoileanna a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ina scoileanna. D'fhreastail 11,682 mhúinteoir san iomlán ar imeachtaí roghnacha ar líne idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2021.

Rinneadh ábhar braisle ar líne a athcheapadh agus a óstáil ar shuíomh gréasáin SSM chun go mbeadh rochtain neamhshioncronach ag múinteoirí ar an bhfoghlaim ghairmiúil i bhfianaise an bhrú ionadaithe ar scoileanna i bhfianaise chomhthéacs COVID-19. Thug sé seo deis do mhúinteoirí rochtain a dhéanamh ar ábhar ón dara hábhar teagaisc a bhí acu ag am ar a n-áisiúlacht féin. D'fhorbair gach foireann acmhainní agus tacaíochtaí chun cabhrú le múinteoirí filleadh ar scoil san earrach. Forbraíodh tacaíochtaí agus podchraoltaí ar líne chun tacú le múinteoirí a bhí ag feidhmiú i seomraí ranga paindéime agus chun cabhrú le múinteoirí agus le daltaí dul i ngleic leis an tírdhreach measúnaithe atá ag athrú a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar COVID-19. Taifeadadh 2,000,000+ amharc ar shuíomh gréasáin SSM, www.jct.ie, in 2021.

Bunaíodh Foireann Tacaíochta le Feidhmiú na Sraithe Sóisearaí (TFSS) i mí Mheán Fómhair 2021. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin chun cabhrú le scoileanna a riachtanais shonracha a aithint agus oibriú le foireann TFSS chun lá forbartha foirne a chomhdhearadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Bunaíodh dhá Phobal Chleachtais shuntasacha; ceann amháin chun tacú le scoileanna dul i ngleic leis an nGearchúrsa um Léiriú Ealaíne agus ceann eile chun tacú le ceannairí scoile cleachtais mheasúnaithe a fhorbairt ina scoileanna.

3.6 Breiseanna chun tacú le hoideachas Lán-Ghaeilge

Bunaíodh réigiún náisiúnta tiomnaithe TFSS chun tacú le Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta: Tacaíocht d'fheidhmiú na Sraithe Sóisearaí i nGaelcholáistí agus i Scoileanna Gaeltachta. Chun tacú leis an b*Polasaí don Oideachas Gaeltachta* (2017–2022), bunaíodh tionscnamh TFSS agus dearadh modúl tacaíochta nua chun feabhsúchán scileanna litearthachta agus cumarsáide na ndaltaí a chur chun cinn le ceann amháin de na spriocanna feabhsúcháin teanga a bhaint amach do scoileanna Gaeltachta agus do Ghaelcholáistí. In 2021, cuireadh cuid nua le suíomh gréasáin an SSM chun acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna a mhúineann an Ghaeilge trí ábhar eile trí pháirt a ghlacadh sa Chlár chun Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) a úsáid.

3.7 Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS)

Is comhpháirtíocht é an CSL idir an Roinn Oideachais, Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (LPBÉ), agus Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (CNPPT), agus bunaíodh é i mí Mheán Fómhair 2015 agus ról aige i stiúradh, i dtacaíocht, i bhfeabhsú agus i gcomhairle maidir le cláir ardcháilíochta (Meantóireacht, Cóitseáil agus Ceannairí Uaillmhianacha) chun ceannaireacht scoile a fhorbairt agus chun tacú léi, go háirithe príomhoidí ar fud an líonra bunscoile agus iar-bhunscoile.

Tá an Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht Scoile (DGCS) á thairiscint i measc líon mór ionad oideachais ó Mheán Fómhair 2018 i leith. Bhí 284 rannpháirtí páirteach sa chlár NQF Leibhéal 9 don chúigiú cohórt i mí Mheán Fómhair 2021. Cuireann cuibhreannas faoi stiúir Ollscoil Luimnigh (OL) an cúrsa ar fáil i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus Ollscoil na hÉireann (OÉG).

Tá teacht ag gach príomhoide nuacheaptha i mbunscoil nó iar-bhunscoil ar mheantóir oilte LCS ó Mheán Fómhair 2017. Tá os cionn 500 príomhoide a bhfuil taithí acu oilte mar mheantóirí. Tá rochtain ag príomhoidí sa dara bliain dá gceapachán ar chlár meantóireachta grúpa a oibrítear trí LPBÉ agus CNPPT. Sa bhliain 2021/2022 rinne LCS maoirseacht ar 238 caidreamh meantóireachta bunscoile agus 74 caidreamh meantóireachta iar-bhunscoile. Cuireadh foghlaim ghairmiúil ar líne ar fáil do mheantóirí i rith na bliana le roinnt *comhráite* agus seimineáir ghréasáin a bhí eagraithe ag an bhfoireann. D'fhorbair an fhoireann acmhainní freisin chun cabhrú le meantóirí príomhoidí nuacheaptha a threorú trí na dúshláin a chuir paindéim COVID-19 os comhair ceannairí scoile.

Tá 1,069 Príomhoide san iomlán tar éis leas a bhaint as cóitseáil duine le duine ó 2017 i leith. Tá 286 foireann cheannaireachta eile ag baint leasa as cóitseáil foirne i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna faoi láthair. Tá an chóitseáil dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar na tacair scileanna atá ag teastáil chun na caighdeáin atá sonraithe sna foilseacháin Ag Breathnú ar Ár Scoileanna a bhaint amach.

Rinne foireann LCS Tionscadal Taighde Gníomhaíochta Meáncheannaireachta píolótach a óstáil, a dhearadh agus a stiúradh, i gcomhar le LPBÉ, CNPPT, Cigireacht ROS agus Ionaid Oideachais an Chláir agus Chill Dara. Cuireadh tús leis an tionscadal seo le 34 scoil i gceantair ionaid oideachais an Chláir agus Chill Dara i mí Mheán Fómhair 2021.

3.8 Forbairt ar chreat bunaithe ar thaighde chun meastóireacht a dhéanamh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Lean an Roinn, i gcomhar leis an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO), d'fhorbairt creata meastóireachta do FGL in 2021. Cabhróidh an creat seo lena chinntiú go bhfreastalaíonn soláthar FGL ar riachtanais múinteoirí, scoileanna, daltaí agus na Roinne go héifeachtúil agus go héifeachtach agus lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Mar gheall ar COVID-19, leathnaíodh an sceideal ama chun an tionscadal taighde seo a chur i gcrích go dtí R1 2023.

3.9 Cosán

Tá an Roinn tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm Cosán, Creatlach Náisiúnta na Comhairle Múinteoireachta um Fhoghlaim Múinteoirí. Críochnaíodh an chéim forbartha agus seoladh Plean Gníomhaíochta 2021 inar cuireadh tús le céim fáis Cosán in 2021. Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cosán na gníomhartha chun tacú le céim fáis Cosán laistigh de leanúntas an oideachais múinteoirí, ag cur san áireamh tacaíochtaí, acmhainní agus struchtúir atá ann cheana féin. Tá ceardlanna Cosán á n-éascú faoi láthair i roinnt ionad tacaíochta oideachais.

Foilseacháin a bhaineann le hOideachas Múinteoirí:

Tuarascáil Bhliantúil SFGM 2020/2021

Soláthar agus Freagairt FGL SFGM ar Dúnadh Scoile Ean/Feabh 2021.

3.10 Cigireachtaí Cáilíochta

Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Cuairteanna Scoile

Nuair a athosclaíodh foirgnimh scoile i mí an Mhárta 2021, bhí sé ina thosaíocht náisiúnta a chinntiú go raibh siad fós oscailte ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe. Chun tacú leis an tosaíocht sin, thug an Chigireacht faoi chlár chun *Tacú le cuairteanna cigireachta Scolaíochta Sábháilte* (TSSS) ar scoileanna. Thug na cuairteanna seo, a raibh tuarascáil fhoilsithe mar thoradh orthu, dearbhú poiblí go raibh Plean Freagartha COVID-19 na Roinne á chur i bhfeidhm ag údaráis scoile. Chuir siad ar chumas cigirí freisin comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do cheannairí scoile maidir le timpeallacht foghlama agus oibre shábháilte a chruthú do chách.

Ag tacú le cur i bhfeidhm Threoirlínte RO maidir le clúdaigh aghaidhe i mbunscoileanna

Mar thoradh ar mholtaí FNéSP maidir le clúdaigh aghaidhe a bheith á gcaitheamh ag leanaí i rang a trí agus os a chionn i mbunscoileanna, cuireadh seirbhís líne chabhrach thiomnaithe ar fáil do scoileanna chun treoir agus tacaíocht a thairiscint maidir leis an moladh seo a chur i bhfeidhm. Ba chigirí a bhí sa tseirbhís sin a bhi mar bhaill foirne agus dhéileáil siad le níos mó ná 170 glao sa tréimhse Samhain — Nollaig 2021. Bhí an obair seo dírithe ar réiteach a fháil ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn maidir le clúdaigh aghaidhe a chaitheamh ar bhealach cothrom, agus lena chinntiú go bhfanfadh scoileanna sábháilte do leanaí agus do dhaoine fásta.

Líne Chabhrach don Churaclam

I rith na tréimhse teagaisc agus foghlama ó chian de bharr COVID-19 ó Eanáir — Márta 2021, thacaigh an Chigireacht le hobair na gceannairí scoile agus na múinteoirí chun a chinntiú go gcuirfí eispéireas foghlama saibhir ar fáil do gach leanbh agus do gach duine fásta óg sa timpeallacht foghlama ar líne. Mar chuid den tacaíocht sin, chuir an Chigireacht seirbhís chomhairleach fóin agus ríomhphoist thiomnaithe ar fáil do scoileanna a chuir ar chumas príomhoidí scoile saincheisteanna a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú a phlé i gcomhthéacs an chianteagaisc. Cuireadh tús leis an líne chabhrach thiomnaithe i mí Eanáir 2021 agus mhair sí go dtí mí Aibreáin 2021 nuair a cuireadh síneadh léi ansin chun fiosruithe maidir le fiosruithe Grád Creidiúnaithe a chumhdach.

I rith na tréimhse sin, dhéileáil an tseirbhís chomhairleach le 191 fiosrúchán. Bhain 48.69% leis an tseirbhís teileafóin, 20.94% leis an tseirbhís ríomhphoist agus tháinig an 30.37% eile ó theagmhálacha díreacha chuig cigirí aonair. Tháinig na ceisteanna is coitianta san earnáil bhunscoile (69.63%) agus bhí 73.16% de cheisteanna le múinteoirí (11.58%) agus tuismitheoirí (4.21%) ar fud an dá earnáil freisin.

Bhain breis agus an cúigiú de na ceisteanna (20.42%) le tacaíocht do dhaltaí leochaileacha. Thug 16.8% de na teagmhálacha aghaidh ar cheisteanna teagaisc agus foghlama, rud a léiríonn go díreach líon na gceisteanna a bhaineann le measúnú. Dhírigh 4.19% de na fiosruithe ar an gcuraclam le 41.88% d'fhiosruithe i gcatagóir níos ginearálta lena n-áirítear prótacail COVID-19, sláinte & sábháilteacht, reachtaíocht, ciorcláin, agus cúram foirne.

Ag tacú le hobair FSS

In 2021, sannadh cúig bhall foirne is caoga den Chigireacht d'Fhoirne na Scoileanna Sláinte Poiblí ar dtús le haghaidh 50% dá gcuid ama oibre agus, ó Aibreán go Meitheamh 2021, ar bhonn lánaimseartha. Chomh maith leis sin, sannadh seacht mball foirne is seasca eile ón Roinn, a gníomhaireachtaí agus na seirbhísí tacaíochta d'Fhoirne na Scoileanna Sláinte Poiblí ó mhí Aibreáin 2021.

Bhí an obair a rinne Foirne na Scoileanna Sláinte Poiblí dírithe ar na dlúththeagmhálacha a aimsiú a bhí ag foghlaimeoir a raibh toradh dearfach tástála COVID-19 aige nó aici agus na gníomhaíochtaí a bhí ag teastáil nuair a sainaithníodh na teagmhálacha sin. Tríd is tríd, dhéileáil na Foirne Sláinte Poiblí le breis agus 700 glao in aghaidh na míosa ó scoileanna agus áiseanna cúraim leanaí. Bhí ról lárnach ag an tionscnamh comhoibríoch seo chun tacú le scoileanna fanacht oscailte le linn na paindéime. D'éascaigh an obair freisin comhroinnt cleachtas eagraíochtúla agus cruthú sineirgí ar mhaithe leis an Roinn agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte araon.

Bhí na Foirne Sláinte Poiblí i bhfeidhm nuair a rinneadh cibearionsaí tromchúiseach ar Chóras Teicneolaíochta Faisnéise FSS i rith na tréimhse sin. Chomhoibrigh pearsanra Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus cigirí na Roinne Oideachais le sraith cur chuige nuálach oibre a fhorbairt chun soláthar leanúnach agus rianúil seirbhíse a chinntiú gan aon titim ar tháirgiúlacht i rith na tréimhse seo.

Taighde i rith thréimhse dhúnta na scoileanna d'fhoghlaim inscoile

Bhí an Chigireacht ar an eolas faoi na dúshláin shuntasacha a bhí roimh phobail scoile i rith mhíonna tosaigh 2021. I bhfianaise na ndúshlán sin, agus chun comhairle agus tacaíocht ardcháilíochta a chur ar fáil don chóras, thug an Chigireacht faoi chlár cuimsitheach taighde go luath in 2021.

Bhí an taighde seo dírithe ar an gcianteagasc agus ar an gcianfhoghlaim i scoileanna agus in ionaid oideachais nuair a dúnadh iad mar gheall ar COVID-19. Léirigh an taighde raon peirspictíochtaí, lena n-áirítear peirspictíochtaí ó phríomhoidí scoile, ó chomhordaitheoirí Ógtheagmhála, ó thuismitheoirí agus ó fhoghlaimeoirí. Rinneadh é trí fhócasghrúpaí le tuismitheoirí, comhráite teileafóin agus suirbhéanna le príomhoidí agus comhordaitheoirí, agus suirbhéanna ar líne ar thuismitheoirí agus ar fhoghlaimeoirí. Rinne cigirí teagmháil le 1,003 príomhoide bunscoile, 548 príomhoide iar-bhunscoile agus 62 comhordaitheoir in ionaid Ógtheagmhála. Rinneadh suirbhéanna na dtuismitheoirí in 29 mbunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta agus d'fhreagair 2,640 tuismitheoir san iomlán. Rinneadh suirbhéanna na bhfoghlaimeoirí in 32 bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta agus fuair siad 2,319 freagra san iomlán. I rith fócasghrúpaí a cuireadh i gcrích i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí-Bunscoileanna agus leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí-Iar-bhunscoileanna, bhailigh cigirí na tuairimí freisin de trí thuismitheoir is seasca de pháistí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna nó i ranganna speisialta.

Taighde san Earnáil Luathbhlianta

Chuir rannóg luathbhlianta na Cigireachta clár fairsing taighde i gcrích in 2021. Rinneadh suirbhéanna i sampla suíomhanna roimh atosú na cigireachta i mí Aibreáin 2021 chun an comhthéacs oibríochtúil agus na dúshláin a bhaineann leis na cuairteanna cigireachta a shuí.

Bhí rannpháirtíocht i suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim (FCL) i gceist le forbairt agus foilsiú faisnéise agus acmhainní freisin chun tacú le suíomhanna FCL in 2021. Is é seo an comhoibriú le go leor suíomhanna FCL agus bunscoileanna chun eiseamláirí de chleachtas agus íomhánna éifeachtacha a chur ar fáil chun *Léargas*: sraith *Seimineár Gréasáin Cáilíochta san Oideachas* (https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/leargas/) a léiriú. Thug na hacmhainní sin aghaidh ar réimse leathan ábhar lena n-áirítear aistrithe, comhpháirtíocht le tuismitheoirí, foghlaim faoin aer, luathlitearthacht, athléimneacht a chur chun cinn, oibriú le haoisghrúpaí measctha agus níos mó.

Meastóireacht ar an gChianteagasc agus ar an gCianfhoghlaim

Agus scoileanna ag gabháil leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sa timpeallacht ar líne, d'fhorbair an Chigireacht córas monatóireachta, meastóireachta agus tacaíochta don teagasc agus don fhoghlaim sa timpeallacht seo. Bhí sé mar aidhm ag an obair seo dearbhú a thabhairt go raibh scoileanna ag freastal ar riachtanais éagsúla a bhfoghlaimeoirí sa timpeallacht ar líne agus chun tacú le scoileanna agus iad ag idirghabháil bealaí nua teagaisc agus foghlama.

D'oibrigh an Chigireacht i gcomhar le níos mó ná 50 scoil agus ionad oideachais sa tréimhse ó Eanáir go Márta 2021 chun bealaí praiticiúla bunaithe a fhorbairt chun cáilíocht an tsoláthair cianoideachais a mheas. I rith na céime forbartha, ghlac cigirí páirt in dhá chéim taighde le pobail scoile agus rinne siad samhail mheastóireachta a phíolótú thar dhá chéim eile de réir mar a bhí cigirí ag iarraidh tuiscint a fháil ar eispéiris scoileanna cianteagasc agus cianfhoghlaim a chur ar fáil.

Is é a bhí mar thoradh ar an obair ná formheas an Aire maidir leis an tsamhail um Meastóireacht ar an gCianteagasc agus ar an gCianfhoghlaim (MCC) agus foilsiú na *Treorach maidir leis an Meastóireacht ar an gCianteagasc* agus ar an gCianfhoghlaim i mí na Bealtaine 2021.

3.11 Dearbhú Cáilíochta – An Chigireacht

Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh um Chosaint Leanaí

Mar chuid de mhaoirseacht na Roinne ar na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017, déanann an Chigireacht seiceáil ar chomhlíonadh phríomhghnéithe na nósanna imeachta le linn gach cigireachta scoile, ag baint úsáid as ceann amháin de thrí leibhéal. Déantar seiceálacha leibhéal a haon le linn cigireachtaí gearra ar nós cigireachtaí teagmhasacha, meastóireachtaí curaclaim agus cigireachtaí ábhair. Déantar seiceálacha leibhéal a dó le linn cigireachtaí níos déine ar nós meastóireachtaí scoile uile (MSU) agus Meastóireacht ar Phleanáil Ghníomhaíochta le Feabhsúchán i Scoileanna CDSIS. Déantar seiceálacha leibhéal trí le linn Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL) a dhíríonn go domhain ar chomhlíonadh na nósanna imeachta 2017 ag scoil.

Rinneadh monatóireacht ar leibhéal a haon i 2,632 scoil i rith 2021. Bhí 95.9% (2,523 as 2,632 scoil) ag cloí go hiomlán le seiceálacha leibhéal a haon tráth na cigireachta. Bhí 4.1% (109 as 2,632 scoil) nach raibh ag cloí go hiomlán le seiceálacha leibhéal 1 tráth na cigireachta. Ó shin i leith, tá fianaise ar chomhlíonadh curtha ar fáil ag an 109 scoil ar fad a fuarthas nach raibh comhlíontach go hiomlán tráth na cigireachta.

Rinneadh monatóireacht ar leibhéal a dó i dtrí shuíomh i rith 2021 mar gheall ar na coigeartuithe riachtanacha ar an gclár cigireachta a d'eascair as tionchar COVID-19. Bhí gach suíomh ag cloí go hiomlán le seiceálacha leibhéal 2 a rinneadh.

Rinneadh caoga cigireacht CCCL deiridh i rith 2021. Bhí ceithre scoil is daichead (88%) ag cloí go hiomlán le seiceálacha leibhéal a trí ag deireadh an CCCL Deiridh. Níor chomhlíon sé scoil (12%) go hiomlán seiceálacha ag leibhéal a trí ag deireadh an CCCL Deiridh. Tá fianaise curtha ar fáil ag dhá cheann de na scoileanna sin ó shin go bhfuil siad ag comhlíonadh go hiomlán seiceálacha leibhéal a trí. Tá cigirí ag leanúint ar aghaidh ag plé leis na ceithre scoil nach bhfuil comhlíontach go hiomlán fós.

Cigireacht ar Oideachas sna Luathbhlianta

Tosaíodh arís ar Chigireachtaí Oideachais Luathbhlianta (COL) i suíomhanna a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCL) i mí Aibreáin 2021 agus béim ar Chigireachtaí Leantacha (CL). In ainneoin na gcúinsí dúshlánacha, cuireadh cigireacht CL is daichead agus 2 chigireacht COL i gcrích ó Aibreán-Meitheamh 2021. Trí theagmháil ó chian leis an bhfoireann agus leis na húinéirí/bainisteoirí, bhíothas in ann plé gairmiúil agus cruinnithe aiseolais a reáchtáil i dtimpeallacht shábháilte.

Cuireadh tús arís le gnáthchlár COL i mí Mheán Fómhair 2021. Leanadh leis an gcur chuige OTM i leith na bpróiseas cigireachta, a bunaíodh le cigireachtaí CL, le cianchruinnithe, béim ar sholáthar d'fhoghlaim lasmuigh agus cuairteanna réamhshocruithe ar an láthair ar thimpeallachtaí foghlama laistigh. Bhí aiseolas ó oideoirí luathbhlianta agus ó cheannairí i suíomhanna FCL an-dearfach agus fáilte mhór roimh an bhfilleadh ar fhócas ar sholáthar foghlama agus oideolaíochta.

3.12 Forbairt agus athbhreithniú ar chigireachtaí

Forbairt Shamhail na Cigireachta Oideachas Luathbhlianta ó Bhreith go Sé

Ceann de na gníomhartha a aithníodh don Chigireacht sa *Na Chéad Chúig: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga 2019-2028* ná an tSamhail Chigireachta atá dírithe ar Oideachas sna Luathbhlianta (COL) a leathnú chuig gach soláthar atá maoinithe ag an stát do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois. In 2021, bhí comhairliúchán le príomh-chomhpháirtithe i gceist leis an obair chun an aidhm sin a bhaint amach, agus bhain céim leathan éisteachta le cuairteanna ar shuíomhanna FCL agus cruinnithe le húinéirí/bainisteoirí agus baill foirne a bhíonn ag obair le leanaí. Sheol na hAirí Oideachais agus Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige próiseas comhairliúcháin náisiúnta ar an 9 Samhain 2021. Ina dhiaidh sin, rinneadh an chéad triail allamuigh ar an dréacht-shamhail chigireachta go luath i mí na Nollag 2021. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar ó bhreith go sé bliana de chuid COL in 2022 agus é réidh le cur i bhfeidhm go náisiúnta ó mhí Mheán Fómhair 2022.

Cigireacht ar phríosúin

Thosaigh an Chigireacht ag forbairt samhla cigireachta ar oideachas, oiliúint agus dul chun cinn i suíomhanna príosúin in 2021. Is é a bhí i gceist leis an obair tosaigh sa réimse seo ná obairscáthú a dhéanamh ar chigireachtaí comhchosúla i ndlínsí eile, athbhreithniú ar litríocht reatha agus ar rannpháirtíocht i gcomhdhálacha éagsúla maidir le dea-chleachtas sa réimse seo.

Chomhoibrigh an Chigireacht le hOifig Chigire na bPríosún chun na doiciméid riachtanacha a fhorbairt chun cur ar chumas an dá eagraíocht oibriú le chéile agus sonraí a roinnt in 2021. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an Chigireacht leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus le ceannairí scoile na bPríosún. Tugadh cuairt ar an suíomh ar Scoil Phríosúin Luimnigh lena chinntiú go bhfuil an tsamhail atá ag teacht chun cinn go hiomlán bunaithe ar chleachtas ar an talamh.

Ag deireadh 2021, bhí an tsamhail ag céimeanna deiridh na forbartha agus bhí roinnt meastóireachtaí beartaithe do scoileanna príosúin in 2022.

Athbhreithniú ar shamhail na cigireachta Ógtheagmhála

Déanann an chigireacht cigireacht ar Ógtheagmháil mar ghnáthchuid dá cuid oibre. Rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) athbhreithniú ar sholáthar Ógtheagmháil agus rinne sí roinnt moltaí a d'fhág gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail na cigireachta Ógtheagmhála in 2019.

Rinneadh an t-athbhreithniú in 2021 agus bhí comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha, cumarsáid le ceannairí lárionaid, agus cuairteanna ar Ionaid Oiliúna Pobail i gceist leis. Ag deireadh 2021, bhí an t-athbhreithniú beagnach críochnaithe agus déanfar an tsamhail athbhreithnithe a phíolótú in Ionaid Ógtheagmhála agus in Ionaid Oiliúna Pobail in 2022.

Samhail Oideachais Eile

Cuireann Ionaid Oideachais Eile soláthar oideachais ar fáil do chuid de na daoine óga is imeallaithe inár sochaí. Áirítear orthu sin, Ionaid Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála (IFTEanna), Ionaid Saoil agus Tionscadail Líne.

In 2021, d'fhorbair an Chigireacht samhail nua meastóireachta (Meastóireacht ar Oideachas Eile) chun meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar sna suíomhanna sin. Díríonn meastóireachtaí OE ar theagasc agus ar fhoghlaim, ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht suímh oideachais mhalartaigh agus ar an réimse tacaíochtaí a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Tá na meastóireachtaí ceaptha chun idirphlé gairmiúil agus machnamh a chur chun cinn leis an bhfoireann atá ag obair i suíomhanna OE agus chun féinmheastóireacht agus feabhsú a chur chun cinn. Cuireann na meastóireachtaí príomhshonraí ar fáil freisin do lucht déanta beartas agus do phearsanra eile ar an leibhéal náisiúnta a dhéanann cinntí beartais maidir le soláthar do leanaí agus do dhaoine óga a fhoghlaimíonn i suíomhanna OE.

Rinneadh an tsamhail mheastóireachta a phíolótú in dhá Ionad Oideachais Eile i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna 2021. Tá sé beartaithe go ndéanfar an tsamhail a phíolótú i sampla d'ionaid eile in 2022 agus go dtabharfar aiseolas ó fhoireann agus ó bhainistíocht an Ionaid chun dul i bhfeidhm ar an tsamhail mheastóireachta deiridh.

3.13 Tionchar na Cigireachta

An tSamhail Leantach Cigireachta a Fhorbairt

Tá an tsamhail Leantach cigireachta ar cheann de shraith na Cigireachta de chuid na samhlacha cigireachta. Is é an príomhchuspóir ná meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scoile ar na moltaí a rinneadh i gcigireachtaí roimhe seo. Scrúdaigh an Chigireacht an fhéidearthacht maidir leis an tsamhail Leantach chun faisnéis ardcháilíochta a chur ar fáil maidir le gnéithe ceannaireachta i scoileanna chomh maith leis an gcaoi is fearr inar féidir leis an tsamhail Leantach cur le príomhthionscnaimh na Roinne ar nós Féinmheastóireacht Scoile agus ceannaireacht dháilte i rith 2021. Mar thoradh ar an obair sin rinneadh feabhsuithe ar an tsamhail a chuirfear i bhfeidhm in 2022.

Teagmháil chomhoibríoch le ceannairí scoile

Chuir an Chigireacht tús le tionscadal taighde in 2021 a ceapadh chun cumas na gceannairí scoile a neartú chun meastóireacht a dhéanamh ar chleachtas an teagaisc agus na foghlama ina scoileanna agus chun cumas na Cigireachta a neartú chun tacú le scoileanna agus lena gceannairí ar a dturas feabhsúcháin.

Bhunaigh an Chigireacht príomhphrionsabail ar dtús chun bonn agus taca a chur faoin tionscadal. Áirítear leis na prionsabail a chinntiú go ndíreoidh na gníomhaíochtaí ar fheabhas a chur ar chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe i seomraí ranga agus i suíomhanna foghlama eile agus go mbeidh an tionscadal comhoibríoch ó thaobh an dúlra de; ról a thabhairt d'fhoireann ceannairí sa scoil agus do chigirí atá ag obair chun an cumas meastóireachta a neartú. Cuirfear tús le comhráite tosaigh le ceannairí scoile agus lena n-ionadaithe in 2022.

Tionscadail ghutha do dhaltaí agus do thuismitheoirí

Tá an Chigireacht tiomanta chun éisteacht le leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí agus dul i gcomhairle leo le linn a cuid oibre cigireachta i scoileanna agus i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (FCL). D'fhorbair an Chigireacht ábhair chun cabhrú le leanaí agus tuismitheoirí a bheith níos eolaí ar chigireacht ionas go bhféadfaidís dul i mbun caidrimh go muiníneach le cigirí ar cuairt in 2021. Cruthaíodh sraith físeán beochana agus bileoga a ghabhann leo chun faisnéis a chur ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do thuismitheoirí, i suíomhanna luathbhlianta agus cúraim, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus in ionaid oideachais tar éis taighde agus comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga, agus le tuismitheoirí. Cruthaíodh ríomhleabharleabhar freisin d'fhoghlaimeoirí i suíomhanna FCL. Seolfar na hábhair sin go hoifigiúil in 2022.

3.14 Scoileanna Eorpacha

Is institiúidí oideachais iad na Scoileanna Eorpacha a bunaíodh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh (AE) chun oideachas a chur ar fáil do leanaí d'fhostaithe an Choimisiúin agus institiúidí an Aontais Eorpaigh (AE). Tá thart ar 28,000 dalta ag freastal ar na trí scoil déag Eorpacha, ar náisiúnaigh Éireannacha thart ar 400 díobh. Tá trí mhúinteoir is seasca ar iasacht i gcóras na Scoileanna Eorpacha in Éirinn, lena n-áirítear go leor i bpoist bhainistíochta sa scoilbhliain reatha.

Tá fiche Scoil Chreidiúnaithe Eorpacha sa chóras freisin, lena n-áirítear an Lárionad um Scoil na Scolaíochta Eorpaí i nDún Seachlainn, Contae na Mí. Cuireann na scoileanna sin oideachas Eorpach ar fáil a chomhlíonann na riachtanais oideolaíocha atá leagtha síos do na Scoileanna Eorpacha ach atá laistigh de chreat líonraí náisiúnta scoileanna na mBallstát.

Rinne an Chigireacht seacht n-athbhreithniú ar chonradh múinteoirí, athbhreithniú ar chonradh leas-stiúrthóir amháin, dhá mheastóireacht scoile uile agus iniúchadh creidiúnaithe amháin ar Scoil Eorpach in 2021. Bhí an Chigireacht ina cathaoirleach nó ina comhalta de raon grúpaí oibre a bhaineann le hathbhreithniú siollabais, ceapadh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus forbairt ghinearálta an bheartais laistigh de chóras Scoileanna na hEorpa. Le himeacht na Ríochta Aontaithe as an gcóras Scoileanna Eorpacha in 2021, cuireadh an fhreagracht as an mBéarla sa Baccalaureate Eorpach go hÉirinn, le tacaíocht ó Mhálta, le linn 2021.

3.15 Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do gach bean agus cailín

Tá an Roinn tiomanta do chothromas inscne a chur chun cinn agus do chumhacht a thabhairt do chailíní agus do mhná trí oideachas a chur ar fáil ar mhaithe le saol níos fearr agus todhchaí níos fearr. Ar an gcúis sin, cheap an Roinn saineolaí ábhair d'oideachas cailíní in 2021. Tagann an ceapachán seo i gcomhthráth le roinnt forbairtí sa Roinn sa réimse seo. Bunaíodh coiste inmheánach laistigh den Roinn chun breithniú a dhéanamh ar an mBochtaineacht Míostraithe/Dínit in 2021. Cuireadh tús leis an obair ar thionscadal píolótach chun eolas níos fearr a thabhairt do scoileanna ar an ábhar mar chuid de seo. Tá an Roinn tiomanta go láidir freisin do noirm dhearfacha inscne a chur chun cinn in oideachas na hÉireann agus chuir sí tús le hobair in 2021 freisin ar conas is féidir tacú le múinteoirí chun noirm dhearfacha inscne a chothú sa seomra ranga.

3.16 Clár Tógála Scoile

Tá sé mar aidhm ag an Roinn bonneagar iomchuí a chur ar fáil do thimpeallachtaí foghlama ionas go mbeidh rochtain ag na foghlaimeoirí uile ar thimpeallacht foghlama nua-aimseartha.

Príomhfhócas na Roinne ná cóiríocht a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh d'áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil rolluithe ag ardú.

Faoi Thionscadal Éireann 2040, gheobhaidh an earnáil oideachais tuairim is €4.4 billiún san iomlán d'infheistíocht chaipitiúil thar thréimhse 2021-2025.

Tógfaidh an infheistíocht seo ar an dul chun cinn maith atá á dhéanamh maidir le cur le cumas chun freastal ar na hathruithe déimeagrafacha agus ar an soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Éascóidh an infheistíocht seo fócas níos mó ar nuachóiriú an stoic scoile atá ann cheana agus cuideoidh sé leis an gcóras scoile a aistriú do ré carbóin glan-nialasaigh faoi 2050.

Tá os cionn €3 bhilliún infheistithe sa Bhonneagar Caipitil san Earnáil Oideachais do Scoileanna ag an leibhéal Bunscoile agus Iar-bhunscoile ó 2018.

Lean an Roinn ag déanamh dul chun cinn chun an cumas bonneagair in earnáil na scoileanna a mhéadú, chun freastal ar éilimh dhéimeagrafacha agus ar éilimh eile in 2021.

I rith na tréimhse PFN 2018 go 2021, críochnaíodh 691 tionscadal tógála scoile faoin gClár Caipitil Mórscála (CCM) agus faoin Scéim Cóiríochta Breise Scoile (SCB). Astu sin, bhí luach caipitil os cionn €1 m ag 179 tionscadal agus ba thionscadail tógála scoile iad 512 tionscadal le luach níos lú ná €1 m. Seachadadh na tionscadail seo os cionn 64,000 áit scoile, lena n-áirítear cóiríocht bhuan do 292 rang speisialta agus acmhainn bhreise do 122 seomra ranga i 22 scoil speisialta ar fud na tíre.

Ina theannta sin, rinneadh na foirgnimh réamhdhéanta sin a athsholáthar mar chuid dá dtionscadal cóiríochta breise i scoileanna a ceadaíodh le haghaidh cóiríochta breise faoi Scéim Cóiríochta Breise na Roinne, a raibh foirgnimh réamhdhéanta in úsáid acu ar a suíomh scoile. Ceadaíodh 589 aonad réamhdhéanta le foirgnimh bhuana a athsholáthar i rith na tréimhse 2018-2021.

Tá dul chun cinn maith déanta freisin sa tréimhse seo ar chothabháil agus ar oibreacha ar scála níos lú ar scoileanna atá ann cheana féin tríd an Scéim Oibreacha Samhraidh, an Scéim Oibreacha Éigeandála agus an Scéim Deontais Mionoibreacha; tionscadail iarfheistithe fuinnimh dhomhain a phíolótú agus an Clár Feabhsúcháin Scoile.

Faoi Thionscadal Éireann 2040, tá maoiniú €62 milliún eisithe ag an Deontas Mionoibreacha chugi gach Bunscoil agus Iar-bhunscoil incháilithe sa scéim saor in aisce i mí na Nollag 2021.

- Eisíodh €30m de ghnáthdheontas Mionoibreacha chuig gach bunscoil. Is féidir an maoiniú seo a úsáid chun bonneagar fisiciúil na scoile a fheabhsú, seirbhísí meicniúla agus leictreacha a fheabhsú nó a athsholáthar, troscán caighdeánach agus trealamh corpoideachais a cheannach, clúdaigh urláir agus dallóga fuinneoige a cheannach, agus trealamh a bhaineann le TF a cheannach.
- Sa bhreis air sin, i mí na Nollag 2021, mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla a d'eascair as COVID-19, íocadh maoiniú breise de €32 milliún i nDeontais Mhionoibreacha fheabhsaithe do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna le béim ar leith ar thacaíocht bhreise a chur ar fáil do scoileanna chun an treoir aerála a d'fhoilsigh an Roinn i mí na Bealtaine 2021 a chur i bhfeidhm.

Bhí os cionn €34 milliún de chaiteachas ar thionscadail éagsúla faoin Scéim Oibreacha Samhraidh in 2021. Tá Scéim na nOibreacha Samhraidh, atá bunaithe ar éileamh, ceaptha chun ligean do scoileanna, ar bhonn maoinithe déabhlóidithe, oibreacha riachtanacha agus láithreacha feabhsúcháin a dhéanamh a dhéanfaidh uasghrádú ar áiseanna scoile atá ann cheana féin. Meastar gur féidir na hoibreacha seo a dhéanamh i rith mhíonna an tsamhraidh nó ag amanna eile nach gcuireann isteach ar fheidhmiú na scoile.

Leanadh den obair chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár um shealbhú láithreán in 2021. I ndáil leis sin, cuireadh 25 láithreán/ sealbhú maoine i gcrích in 2021: 23 cinn in ainm an Aire agus 2 cheann atá cláraithe le BOOanna.

3.17 Éifeachtúlacht Fuinnimh i Scoileanna

Tá an Roinn ar thús cadhnaíochta sa dearadh maidir le fuinneamh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile agus tá aitheantas tugtha don fheidhmíocht seo ag an leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta araon le gradaim fuinnimh inbhuanaithe don sármhaitheas sa Dearadh agus san tSonraíocht.

Tá scoileanna a dheartar agus a thógtar de réir threoirdhoiciméid theicniúla scoileanna na Roinne ag baint amach Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh A3 ó 2009 agus is iondúil go mbaineann scoileanna suas le 20% d'fheidhmíocht níos airde agus 25% d'fheidhmíocht carbóin níos fearr amach ná mar a cheanglaítear le Rialacháin Foirgníochta 2019, mar aon le 10% den phríomhfhuinneamh a chuirtear ar fáil trí fhótavoltas agus soláthar bonneagair do luchtú feithiclí leictreacha.

Déantar gach teicneolaíocht agus cur chuige nua a thástáil chun comhoiriúnacht le dearadh scoile agus riachtanais oibriúcháin a chinntiú. Cuirtear torthaí rathúla agus in-athdhéanta isteach i ngach dearadh agus athchóiriú nua scoile. Tacaítear le beartas na Roinne trí chlár láidir taighde ina bhfuil trí thionscadal taighde is caoga ag céimeanna éagsúla lena n-áirítear an suíomh gréasáin fuinnimh www.energyineducation.ie ar comhpháirtíocht í le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).

Bhunaigh an Roinn agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide clár ceannródaí atá cómhaoinithe leis an ÚFIÉ, ina ndéantar éifeachtúlacht fuinnimh agus cineálacha cur chuige iarfheistithe dícharbónaithe a thástáil agus a léiriú. Is sampla iontach é an clár ceannródaí seo den chomhoibriú ina gcinntítear go dtabharfar cuir chuige dhearaidh nua agus teicneolaíochtaí nua isteach sa timpeallacht oideachais ar chur chuige atá bunaithe ar fhianaise.

Tá an bealach á réiteach ag an gclár Ceannródaí seo do chlár scoileanna náisiúnta i bhfad níos mó chun iarfheistiú fuinnimh a dhéanamh ar scoileanna a tógadh roimh 2008 mar atá san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Tá sé ag éascú taighde ar raon de roghanna iarfheistithe tipiciúla, a bheifí tar éis a thriail agus a thástáil. Tá sé ag cur eolas forbartha luachmhar ar fáil do straitéis seachadta réiteach-bhunaithe a bheidh bunaithe ar bhonn fianaise dhaingean a chruthaigh téagar agus inscálaitheacht na réiteach in-athnuaite laistigh d'earnáil na scoileanna.

Tá 41 scoil ar fud na hÉireann iarfheistithe ag an gclár Ceannródaí go dtí seo agus tá obair ar 9 scoil breise ar cuireadh léi in 2021 faoi lán seoil. Déantar measúnú cuimsitheach ar gach scoil chun a chinntiú go bhfuil na bearta oiriúnach don scoil sin agus go gcuirfidh siad luach ar fáil don scoil agus don fhoghlaim don chlár iarfheistithe náisiúnta.

Chomh maith leis an méid thuas, tá próifíl náisiúnta fuinnimh á bunú ag an Roinn Oideachais do gach scoil a tógadh roimh 2008 chun iarfheistiú fuinnimh domhain a sholáthar do na scoileanna go léir. Cuireadh tús le céimeanna forbartha agus tástála an méid sin in 2021 agus tá sé maoinithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Is éard atá i gceist leis seo ná go mbaileoidh measúnóirí fuinnimh faisnéis spriocdhírithe maidir le húsáid fuinnimh do 2019 (roimh COVID-19), cineálacha foirgneamh, aois, agus méid mar aon le forléargas ar ghnéithe ginearálta fabraice agus fuinnimh de chórais leictreacha agus meicniúla etc.

3.18 Faisnéis Láithreáin Ghréasáin maidir le tionscadail tógála scoile

Tá stádas reatha na dtionscadal ceadaithe liostaithe ar bhonn contae de réir contae ar www.gov.ie agus déantar é a nuashonrú gach mí chun a ndul chun cinn sna céimeanna éagsúla a léiriú.

3.19 Iompar Scoile

Iompraíodh níos mó ná 121,400 páiste, lena n-áirítear os cionn 15,500 páiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, i níos mó ná 6,900 feithicil ar bhonn laethúil chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre ar chostas níos mó ná €289.4 milliún in 2021. Iompraíodh leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu chuig scoileanna ar níos mó ná 3,700 bealach ar chostas níos mó ná €153.4 milliún in 2021.

3.20 Ag Déileáil le Mí-Úsáid atá Thart

Lean an Roinn de chur i gcrích na ranníocaíochtaí ó phobail reiligiúnacha a chur chun cinn i dtreo na gcostas a thabhaigh an Stát mar fhreagairt ar mhí-úsáid leanaí in institiúidí cónaithe i rith 2021.

Tá ranníocaíochtaí á ndéanamh ag na pobail reiligiúnacha faoi dhá bhabhta:

- Comhaontú Slánaíochta 2002 atá ina cheangal de réir dlí agus
- tairiscintí deonacha 2009.

Fuarthas ranníocaíocht airgid amháin arbh fhiú €0.5 milliún í ar bhonn deonach ó phobail in 2021. Aistríodh maoin amháin eile go hiomlán chuig an Stát, agus bhí aistriú ceithre mhaoin (dhá mhaoin faoi Chomhaontú Slánaíochta 2002 agus dhá cheann faoi thairiscintí deonacha 2009) fós ar siúl.

Is ionann iomlán na dtairiscintí a rinne na pobail faoin dá bhabhta agus €480.6 milliún. Ag deireadh mhí na Nollag 2021, fuarthas na ranníocaíochtaí iomlána arbh fhiú €242.2 milliún iad.

Lean an Roinn de phleananna leathbhliantúla a chur ar fáil do Chomhairle na hEorpa ina sonraítear na bearta aonair agus ginearálta atá á nglacadh chun breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (CECD) a chur i bhfeidhm in *O'Keeffe v Éire.*

Cuireadh tús le scéim athbhreithnithe ex gratia chun breithiúnas CECD a chur i bhfeidhm d'iarratais an 21 Iúil 2021. Forálann an Scéim d'íocaíochtaí ex gratia don tsuim €84,000 a dhéanamh leo siúd a chomhlíonann na critéir mar atá leagtha amach i dTéarmaí na Scéime. Bunaíodh an scéim ex gratia den chéad uair in 2015 agus cuireadh i bhfeidhm í chun deis a thabhairt dóibh siúd a thionscain imeachtaí dlíthiúla i gcoinne an Stáit i ndáil le mí-úsáid ghnéasach scoile lae agus ina dhiaidh sin nár leanadh ar aghaidh leis na himeachtaí sin tar éis rialuithe sna cúirteanna baile le deis a bheith tugtha iarratas a dhéanamh ar íocaíocht. Cuireadh an Scéim ar sos in 2019 tar éis tuairisc a fháil ón Measúnóir Neamhspleách a bhí den tuairim go raibh na critéir chun cáiliú d'íocaíocht róshriantach.

Bhí 76 iarratas ar an iomlán faighte faoi dheireadh 2021. Astu sin, ceadaíodh 54 iarratas agus diúltaíodh nó tarraingíodh siar 21 iarratas. Ghlac 54 iarratasóir le tairiscint agus rinneadh 52 íocaíocht. D'fhéadfadh Iarratasóir ar dhiúltaigh Riarthóir na Scéime dó/di an cinneadh sin a achomharc chuig Oifigeach Achomharc neamhspleách.

3.21 Plean Gníomhaíochta don Oideachas

Tá creat Plean Gníomhaíochta á fheidhmiú ag an Roinn ó 2016 i leith. Tá pleananna gníomhaíochta bliantúla mionsonraithe i gcreat an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas bunaithe ar spriocanna ardleibhéil na Roinne don earnáil. Mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le freagairt ar ghéarchéim COVID-19, aontaíodh gan Plean Gníomhaíochta a fhoilsiú in 2020 agus 2021, chun cur ar chumas na Roinne freagairt go tapa agus go cuí do ghéarchéim atá ag síorathrú agus tús áite a thabhairt don fhreagairt laistigh den chóras in éineacht le dul chun cinn rialta d'obair na Roinne. Cuireadh béim ar fhreagairt thapa, leanúnachas foghlama a chinntiú do 2019/20, aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, agus tacaíochtaí folláine a chur ar fáil atá curtha in oiriúint do na cúinsí ag an am.

3.22 Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

I rith 2021, d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Oifig um Athchóiriú a Sheachadadh agus leis an Aonad Meastóireachta um Athchóiriú sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tacú le cur i bhfeidhm *Ár Seirbhís Phoiblí.* Tacaíonn an creat seo le forbairt agus nuálaíocht ar fud na seirbhíse poiblí.

Bhí Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí freagrach as Gníomh 14 *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* a threorú, is é sin "forbairt ghairmiúil leanúnach agus fhreagrúil", ina raibh trí phríomhréimse:

- an próiseas chun croíscileanna a aithint
- ceannaireacht a fhorbairt, agus
- samhail de dheiseanna foghlama ó thaithí.

In 2021 rinneadh "*Samhlacha Éifeachtacha Forbartha Ceannaireachta a Bhunú agus a Chur Chun i bhFeidhm in Earnáil Phoiblí na hÉireann*" a fhorbairt agus a fhoilsiú, páipéar taighde ina ndearnadh athbhreithniú ar dhá chlár cheannródaíocha cheannaireachta laistigh den tseirbhís phoiblí, sa *Lárionad Ceannaireachta Scoile* in earnáil an Oideachais agus in *Acadamh Forbartha Ceannaireachta na Seirbhíse Sláinte* san earnáil Sláinte chun an fhoghlaim a léiriú ón gclár a chuirfí i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne.

Ina theannta sin, rinneadh obair shuntasach ar an bpróiseas chun aitheantas a thabhairt do chroíscileanna, a raibh cás gnó mar thoradh air chun mol acmhainní ar líne a fhorbairt a chuirfidh treoir ar fáil 'agus taithí fíorshaoil' a bhaineann le hacmhainní agus bunachair sonraí FGL atá ann cheana agus le tógáil cáilíochtaí saincheaptha. Chruthaigh sé sin go héifeachtach 'ionad ilfhreastail na gclár atá ann cheana féin.' Tá an cás gnó seo anois leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh tuilleadh forbartha.

I bhfianaise dhúshláin COVID-19, níorbh fhéidir dul chun cinn a dhéanamh leis an obair ar shamhlacha foghlama ó thaithí. Mar sin féin, fuarthas an méid sin a foghlaimíodh ón bpróiseas sin, agus forbraíodh athbhreithniú foriomlán ar an obair ar Ghníomhaíocht 14 chun cur le forbairt clár um athchóiriú amach anseo.

D'eagraigh Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí Seachtain Nuálaíochta na Roinne i mí Dheireadh Fómhair 2021. Leis an tSeachtain, bhíothas in ann machnamh a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar an tseirbhís phoiblí. I sraith de sheimineáir ghréasáin idirghníomhacha chonacthas oifigigh na Roinne, múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí agus seirbhísí tacaíochta chun freagairtí nuálacha laistigh den earnáil oideachais a phlé.

3.23 An Fóram um Oideachas Bunscoile

Lean an Fóram um Oideachas Bunscoile de bheith ag teacht le chéile i rith 2021, agus dhírigh sé ar an bhfreagairt leanúnach ar ghéarchéim COVID-19 ar fud na mbunscoileanna, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh i roinnt réimsí breise.

Bunaíodh foghrúpa cumarsáide chun díriú ar fheabhas a chur ar chumarsáid idir an Roinn agus earnáil na mBunscoileanna. Shainaithin an grúpa sin tionscnaimh ghearrthéarmacha agus níos fadtéarmaí araon a cuireadh i bhfeidhm.

Ina theannta sin, seoladh tionscadal Taighde Gníomhaíochta in 2021 chun scrúdú a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla ar fud braislí scoileanna beaga. Beidh sé sin ar siúl thar thréimhse dhá bhliain, ag tosú ó mhí Eanáir 2022 ar aghaidh agus tacaíonn comhordaitheoir áitiúil agus comhordaitheoir náisiúnta le gach ceann de na 6 bhraisle. I rith na tréimhse dhá bhliain, oibreoidh na braislí le chéile ar réimse tionscnamh féinfhorbartha chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí éagsúla ina bhféadfadh scoileanna beaga a bheith níos inbhuanaithe. Tá an tionscadal seo á mhaoirsiú ag grúpa stiúrtha ina bhfuil oifigigh agus comhpháirtithe de chuid na Roinne a bhfuil braisle urraithe acu.

3.24 Bainistíocht Tionscadail agus Cláir

Lean an Roinn freisin ag cur chun cinn úsáid na struchtúr agus na bpróiseas cuí chun maoirseacht agus rialachas an Bhoird Bhainistíochta a chinntiú ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na ngealltanas faoin gclár oibre um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí in 2021, agus chun struchtúir agus modheolaíochtaí Bainistíochta Tionscadal agus Cláir a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Chuir Oifig an Chláir ASP roinnt de na tacaíochtaí sin ar fáil i ndáil le Gráid Creidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021, lena n-áirítear rialachas, dearbhú cáilíochta agus bainistíocht clár, agus lean sí ag díriú ar fheabhsúchán trí na ceachtanna a foghlaimíodh ón mbliain roimhe sin a chur i bhfeidhm nuair a cuireadh na Gráid Ríofa i bhfeidhm. Ina theannta sin, lean Oifig an Chláir ASP de thacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta i bpleanáil straitéiseach, lena n-áirítear acmhainneacht a fhorbairt san fhadbhreathnaitheacht straitéiseach.

Foilseacháin in 2021:

"*Samhlacha Éifeachtacha Forbartha Ceannaireachta a Bhunú agus a Chur i bhFeidhm in Earnáil Phoiblí na hÉireann*". Is páipéar taighde é seo ina ndéantar athbhreithniú ar dhá chlár cheannaireachta ceannródaíocha laistigh den tseirbhís phoiblí, an *Lárionad Ceannaireachta Scoile* san earnáil Oideachais agus *Acadamh Forbartha Ceannaireachta na Seirbhíse Sláinte* san earnáil Sláinte chun foghlaim ón gclár a chuirfear i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne a léiriú.

3.25 Cosaint Sonraí

Díríodh go príomha in 2021 ar chomhlíonadh RGCS a chinntiú.D'fhoilsigh an Roinn treoir maidir le bunphrionsabail um chosaint sonraí don fhoireann agus treoirlínte maidir le faisnéis a láimhseáil go slán i dtimpeallacht oibre ó chian.

Phróiseáil an Roinn 78 Iarratas ar Rochtain ar Ábhair faoi reachtaíocht um chosaint sonraí agus 567 iarratas ar Shaoráil Faisnéise in 2021.

3.26 Rialachas Sonraí

Is príomhghníomhaíocht faoin Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 é an leas is fearr is féidir a bhaint as sonraí. Trí shonraí a chomhroinnt ar fud an Rialtais, éascaítear soláthar seirbhísí níos fearr, tacaítear le cinnteoireacht níos fearr, méadaítear an éascaíocht rochtana ar sheirbhísí agus spreagann sé éifeachtúlachtaí. Lean an Roinn ag glacadh páirt i dtionscnaimh lárnacha agus ag comhoibriú le comhpháirtithe san earnáil oideachais agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne araon chun an sreabhadh sonraí is éifeachtaí a chinntiú in 2021.

3.27 Caiteachas na Roinne

B'ionann olltoradh sealadach caiteachais na Roinne in 2021 agus €9.3 billiún. B'ionann sin agus €8.4 billiún d'ollchaiteachas reatha vótála agus de chaiteachas caipitiúil de €987 milliún.

Rinneadh foráil do leithdháiltí buiséid in 2021, i measc nithe eile, de bhreis agus 2,000 post bhreise i scoileanna, lena n-áirítear múinteoirí breise agus cúntóirí riachtanas speisialta, bearta breise maidir le riachtanais speisialta oideachais agus tacaíochtaí breise do na scoileanna sin a fhreastalaíonn ar na comhchruinnithe is airde de mhíbhuntáiste oideachasúil mar aon le freastal ar riachtanais mhéadaithe dhéimeagrafacha agus phárolla.

Cuireadh tacaíocht shuntasach airgeadais COVID-19 ar fáil i rith 2021 chun athoscailt scoileanna a choinneáil ar bun. Áiríodh leis sin maoiniú chun múinteoirí agus baill foirne nach bhfuil in ann freastal ar obair mar gheall ar COVID-19 a ionadú, laethanta breise scaoilte do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí, córais fheabhsaithe ghlantacháin agus trealamh TCP, leanúint le seirbhísí síceolaíochta oideachais breise chun tacaíochtaí folláine a chur ar fáil do dhaltaí, bearta chun daltaí a iompar ar an scéim iompair scoile i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí, raon clár oideachais feabhsaithe agus forlíontach agus miondeontais oibreacha a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar fheabhsuithe aerála ar mhionscála ar leibhéal na scoile.

3.28 Cur i bhFeidhm na Seirbhísí Comhroinnte

Rinne tionscadail agus oibríochtaí na Seirbhísí Comhroinnte dul chun cinn ar fud clár agus gníomhaíochtaí éagsúla i lárionad na Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO). Baineadh 19 gclár san iomlán amach atá ag feidhmiú ar fud Acmhainní daonna/Párolla agus Airgeadais in 2021, agus tá trí fhoireann oibríochta faoi lán seoil anois in SGCO.

Ag tógáil ar an gcéad bhliain iomlán rathúil de phróiseáil párolla in 2020, d'éirigh le hoibríochtaí párolla an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) párolla a chliant a bhainistiú i rith 2021 agus chuir sé ceithre BOO nua leis an tseirbhís chomhroinnte. Tá líon iomlán na mBord Oideachais agus Oiliúna ar an tseirbhís chomhroinnte ag aon cheann déag anois, agus tá obair á déanamh ar na Boird Oideachais agus Oiliúna eile a aistreofar chuig an tseirbhís le linn 2022 agus 2023. Leanadh den obair ag aistriú foghlaimeoirí SDGO agus Ógtheagmhála chuig an tseirbhís chomhroinnte párolla, cé gur chuir tionchar na paindéime moill ar an aistriú. Tá SCGOanna fós dírithe ar aistriú Shruth 2, agus ar mhodúl Costas a thabhairt isteach, agus tá tuilleadh aistrithe beartaithe le linn 2022. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le réiteach ríomh-earcaíochta do BOOanna.

Lean SCGO ag tabhairt tacaíochta do BOOanna le comhdhlúthú na gcóras Airgeadais sula gcuirfí seirbhís chomhroinnte Airgeadais i bhfeidhm. Rinneadh cúig BOO a aistriú ó bhogearraí airgeadais oidhreachta go Córas Bainistíochta Airgeadais bogearraí coitianta. Fágann sé sin go bhfuil aon cheann déag de BOOanna ar an ardán coiteann sin agus rinneadh dul chun cinn ar na hullmhúcháin chun go n-aistreoidh na BOOanna atá fágtha in 2022. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le seirbhísí a chur chun cinn le haghaidh Oiliúna agus Tairiscintí faoi Chonradh & Bainistiú Conarthaí, mar ullmhúchán le bheith ag feidhmiú in 2022. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Samhail Oibriúcháin Sprice (SOS) a dhearadh chun seasamh leis an tseirbhís chomhroinnte Airgeadais, agus leanadh leis an obair ar phleanáil don soláthar le haghaidh réitigh Airgeadais.

Leanadh leis an obair in 2021 maidir le huasghrádú a dhéanamh ar fheidhm phárolla fhostaithe na Roinne do thart ar 120,000 íocaí chuig caighdeáin seirbhíse comhroinnte. Ina theannta sin, cuireadh tús leis an obair ar chlár na bpinsean d'fhostaithe scoileanna íocaithe agus d'fhostaithe SGCO.

De réir mar a tháinig méadú ar scála na n-oibríochtaí faoi na cláir um sheirbhísí comhroinnte, rinneadh dul chun cinn maidir le tairbhí a rianú. I measc na dtairbhí a rianaíodh in 2021, tá na socruithe feabhsaithe maidir le leanúnachas gnó agus téarnamh ó thubaiste le haghaidh BOOanna a d'aistrigh ó chórais oidhreachta; sonraí feabhsaithe maidir le rialú agus cinnteoireacht in earnáil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna; seirbhísí comhroinnte néalbhunaithe a thacaigh go héifeachtach leis an gcianobair; seirbhís níos fearr do chustaiméirí agus feabhsúchán leanúnach; caighdeánú méadaithe; agus na coigilteas a bhaint amach a leagtar amach sna cásanna gnó le himeacht ama. Leanadh den obair ar athchóiriú an tsoláthair ar fud na hearnála oideachais in 2021, agus thacaigh SSIU le hobair na Seirbhíse Soláthair Oideachais (SSO) agus an Aonaid um Sholáthar Scoileanna (ASS) ina n-ionchur sa tsamhail soláthair láraithe a chur i bhfeidhm. Oibríonn SSIU freisin leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) chun tacú le seirbhísí comhroinnte soláthair ar fud na hearnála agus ag an am céanna ag teacht le rialacháin OSR. Bunaíodh Bord an Chláir um Sholáthar Oideachais (BCSO) in 2021 le hionadaíocht leathan ó gach cearn den earnáil oideachais agus ó Ranna eile a bhfuil baint acu le soláthar lárnach, lena n-áirítear Rialtas Áitiúil agus Cosaint. Cuidíonn tuarascálacha don Bhord ó sholáthraithe seirbhíse soláthair na hearnála poiblí le comhoibriú a mhéadú idir soláthraithe agus an earnáil, agus feabhsaíonn siad infheictheacht na socruithe lárnacha.

Tacaíonn ACFS freisin le seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), lena n-áirítear an tionscadal Seirbhíse Comhroinnte Párolla Ardoideachais (SCPAO); obair HEAnet agus EduCampus a chuireann nascacht idirlín agus seirbhísí comhroinnte TFC ar fáil do thart ar mhilliún mac léinn, taighdeoirí agus ball foirne ar fud an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais, an bhreisoideachais agus an ardoideachais; agus do Chóras Próiseála Deontais Comhtháite SUSI (CPDC) d'oideachas tríú leibhéal.

3.29 Dul chun cinn an Bhille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí)

Foilsíodh an Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) i mí Mheán Fómhair 2019.

Is é príomhaidhm an Bhille feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn scoileanna le daltaí agus lena dtuismitheoirí trí cheangal a chur ar gach scoil dul i gcomhairle le daltaí agus lena dtuismitheoirí maidir le pleananna, beartais agus gníomhaíochtaí scoile aonair. Cabhróidh sé seo lena chinntiú go gcloisfear tuairimí éagsúla na ndaltaí agus na dtuismitheoirí agus go dtabharfaidh scoileanna freagra orthu.

Cuireadh tús leis an mBille um Chairt na Mac Léinn Oideachais agus na dTuismitheoirí sa Seanad agus ritheadh é sa Dara Céim sa Dáil i mí Iúil 2021.

3.30 Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Bulaíochta agus Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Scoileanna

Aithníonn an Roinn go bhfuil forbairtí suntasacha tagtha ar thaighde agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le bulaíocht ó foilsíodh an Plean Gníomhaíochta deireanach ar an mBulaíocht naoi mbliana ó shin.

Dhírigh an Roinn, trí obair ár gcigirí scoile ó Mheán Fómhair go Samhain 2021, ar fhianaise a fháil maidir leis an gcineál bulaíochta atá ag tarlú inár scoileanna agus cineálacha cur chuige a aithint a n-éiríonn leo dul i ngleic léi.

Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2021, rinne Cigireacht na Roinne Oideachais clár cigireachtaí teagmhasacha i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna. San áireamh sna cigireachtaí sin, bhí fócas ar an gcaoi a ndéanann scoileanna bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi trí aeráid agus cultúr dearfach scoile a chur chun cinn. Rinneadh os cionn 500 de na cigireachtaí sin. Cuireadh torthaí na gcigireachtaí, lena n-áirítear samplaí de dhea-chleachtas sna straitéisí a úsáideann scoileanna chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus chun cultúr dearfach scoile a chruthú, i gcrích le

déanaí lena bhfoilsiú (Aibreán 2022/Bealtaine 2022). Le linn 2022, leathnóidh an Chigireacht a monatóireacht ar fhrithbhulaíocht chuig cineálacha eile cigireachta freisin. Forbróidh sé samhail cigireachta freisin a bhreathnóidh ar bhealach mionsonraithe ar chultúr agus ar aeráid na scoile i gcomhthéacs na frithbhulaíochta.

D'fhorbair an Chigireacht a próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na n*Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* (2013) in 2021. I rith an 530 cigireacht theagmhasacha a rinneadh sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Samhain 2021, bhailigh cigirí faisnéis faoi thosaíochtaí na scoileanna agus na n-ionad Ógtheagmhála maidir le cultúr dearfach scoile a chruthú a chuireann cosc ar bhulaíocht agus a théann i ngleic léi. Rinne cigirí athbhreithniú freisin ar na gníomhartha a bhí á ndéanamh ag scoileanna chun roinnt gnéithe de na *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta* a chur i bhfeidhm, mar shampla a mhéid atá polasaithe frithbhulaíochta i bhfeidhm ag scoileanna i gcomhréir le Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013) agus tuairisciú tráthúil ó phríomhoidí chuig an mbord bainistíochta ar chúrsaí frithbhulaíochta.

Ullmhaíodh tuarascáil ar thorthaí monatóireachta na Cigireachta ar na cigireachtaí sin atá lena foilsiú go luath in 2022.

3.31 Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla

Tá ceanglas sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 gur cheart Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla (ACTanna) ar Ghníomhaireachtaí Rialtais a dhéanamh gach cúig bliana. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Treoir maidir le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála i mí Mheán Fómhair 2020.

I mbreithniú na Roinne ar chur chuige maidir le hamchlár do sheachadadh ACTanna do Ghníomhaireachtaí tá sé i gceist ag an Roinn an obair a dhéanamh in dhá chéim. Áireofar i gcéim a haon seachadadh ACT ar dhá fhoras, ag tosú le seachadadh an chéad ACT ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an ACT sin le linn 2022 agus go seachadfar an dara ACT le linn 2023. De bhun an mhéid a fhoghlaimítear ó na chéad athbhreithnithe, cuirfidh an Roinn forbairt sceidil chun cinn chun tuilleadh ACTanna a sheachadadh.

3.32 Pinsin agus Párolla

Cuireann an Roinn seirbhísí párolla agus pinsin ar fáil do mhúinteoirí agus d'fhoireann scoile i ngach scoil (seachas earnáil an BOO) trí íocaíochtaí a eisiúint chuig níos mó ná 120,000 duine ar bhonn coicíse.

In 2021, phróiseáil an Roinn sochair aoisliúntais do níos mó ná 1,500 múinteoir agus ball foirne neamhtheagaisc. Rinne an Roinn foráil freisin d'os cionn 760 aistriú seirbhíse inphinsin chuig/ó chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile, riar sí os cionn 1,000 iarratas ar sheirbhís bharúlach, phróiseáil sí breis agus 1,500 fiosrúchán faoi dhlí an teaghlaigh, agus phróiseáil sí os cionn 120 iarratas ar bhlianta breise gairmiúla d'fhostaithe san earnáil oideachais mar chuid den phróiseas aoisliúntais.

Leanann an tAonad Pinsean de ráitis sochair phinsin a eisiúint chuig baill na scéime agus tá sé ag obair go gníomhach ar fheabhsuithe chun líon na ráiteas is féidir a eisiúint a mhéadú. Tá na feabhsuithe sin mar chuid de thionscadal níos leithne atá ar bun chun cumas agus feidhmíocht an Aonaid Pinsean a fheabhsú trí phróisis agus nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a nuachóiriú.

3.33 Iniúchadh Inmheánach

Tá Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne freagrach as dearbhuithe a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bainistíochta riosca, na gcóras rialaithe inmheánaigh agus na bpróiseas rialachais.

Cinntíonn Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), laistigh den Roinn Oideachais, go gcomhlíonann Éire ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchadh CSE, go gcuireann sé dea-chleachtas chun cinn maidir le bainistiú, rialú agus iniúchadh CSE in Éirinn agus cinntíonn sé go ndéantar iniúchtaí i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta chun tuarascálacha ardcháilíochta, cothroma agus cothromaithe a sholáthar. Tá Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) á bhainistiú ag Údarás Bainistíochta CSE sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE).

Ullmhaítear clár iniúchóireachta bliantúil na Rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta, agus tuairiscíonn an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí don Choiste maidir le seoladh an chláir seo agus maidir leis na tuarascálacha iniúchóireachta a thabhairt chun críche. Mar thoradh ar COVID-19, reáchtáladh gach iniúchadh agus gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta ó chian chomh fada agus ab fhéidir agus i gcomhréir leis na treoirlínte Sláinte Poiblí is déanaí. Rinne an Coiste Iniúchóireachta seacht dtuarascáil iniúchóireachta inmheánacha a bhreithniú agus a fhormheas in 2021. Rianaíonn an rannóg, ar bhonn ráithiúil, dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn as tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí.

Tuairiscíonn Údarás Iniúchóireachta CSE ar bhonn bliantúil do Choiste Iniúchóireachta RBATNE maidir leis na torthaí suntasacha, na moltaí agus na saincheisteanna a eascraíonn as a chuid oibre iniúchóireachta.

Níor cuireadh aon nochtadh cosanta inmheánach faoi bhráid Cheann an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánach agus an Aontais Eorpaigh ná an Choiste Iniúchóireachta in 2021.

3.34 Maoirseacht an BOO

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, chuir an Roinn, tar éis comhairliúcháin, Comhaontuithe Maoirseachta agus Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta nuashonraithe i bhfeidhm do gach ceann de na 16 BOO.

Déanann na Comhaontuithe Maoirseachta agus na Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta araon soláthar do chruinniú foirmiúil amháin ar a laghad in aghaidh na bliana idir oifigigh shinsearacha na Roinne, ionadaithe ón mBord agus Ardbhainistíocht an BOO, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú Maoirseachta agus ar an gComhaontú Seachadta Feidhmíochta agus chun breithniú a dhéanamh ar Phlean Seirbhíse an BOO don bhliain ábhartha. Tionóladh cruinnithe i ndáil leis an mbliain 2021 le gach ceann de na BOOanna.

3.35 Soláthar poiblí glas

Éilíonn polasaí soláthair na Roinne go n-úsáidfear cúinsí comhshaoil chun earraí agus seirbhísí a aimsiú. Tá níos mó béime ar sholáthar poiblí glas (SPG) agus san áireamh sa samplaí ábhartha tá athúsáid agus athchúrsáil gléasanna fón póca agus seirbhísí glantacháin nach bhfuil ag teastáil níos mó.

3.36 Breatimeacht agus an Earnáil Oideachais

Lean an Roinn ag déanamh monatóireachta ar thionchar an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (CTC) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i rith 2021. Tugadh an Meabhrán Tuisceana maidir le Prionsabail Oideachais an Chomhlimistéir Taistil chun críche agus síníodh é ar an 14 Iúil 2021, i rith chuairt Rúnaí Stáit Oideachais na Breataine ar Éirinn.

3.37 Comhoibriú Oideachais Thuaidh-Theas

Tionóladh cruinniú na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) — an Earnáil Oideachais ar an 9 Meitheamh 2021 inar phléigh na hAirí roinnt comhréimsí spéise agus inar chomhaontaigh siad athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre agus moltaí a dhéanamh don chlár oibre a bheidh ann amach anseo. Bhí malartú taithí agus torthaí ag na hAirí maidir le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin COVID-19. Leanadh le hobair chomhpháirteach na Roinne ar Oideachas Comhroinnte sa timpeallacht fhíorúil i rith 2021.

Leanadh den obair chun gnéithe Oideachais an chláir *PEACE PLUS* a fhorbairt agus chun réimsí comhair trasteorann a shainaithint. Tá sé beartaithe *PEACE PLUS* a thabhairt chun críche agus glacadh leis le linn 2022.

Ghlac an tAire páirt in imeacht Tionscnaimh Oileán Comhroinnte i mí Dheireadh Fómhair, agus béim ar chomhoibriú agus ar chaidreamh ar fud na n-earnálacha oideachais, oiliúna agus taighde.

3.38 Cumarsáid na Roinne

Chun tacú leis an bhfilleadh ar scoil i mí an Mhárta 2021, chuir an Roinn réimse ábhar cumarsáide ar fáil do scoileanna, chun a chinntiú go raibh rochtain ag scoileanna ar phríomhtheachtaireachtaí sláinte poiblí. Dearadh na hábhair seo le bheith oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de, ina raibh páistí agus daoine óga ó chóras na scoile rannpháirteach. Forbraíodh ábhair chun tacú le tuiscint tuismitheoirí ar na príomhtheachtaireachtaí sláinte poiblí a bhaineann leis an bhfilleadh ar scoil i réimse formáidí lena n-áirítear físeán i mBéarla, i nGaeilge agus i TCÉ agus cuireadh réimse teangacha ar fáil i scríbhinn. Bhí ról lárnach ag na comhpháirtithe oideachais i scaipeadh na n-ábhar sin.
Rinneadh na hábhair sin a athnuachan i rith na bliana, agus scaipeadh tuilleadh ábhar chun tacú le pobail scoile trí na meáin shóisialta, trí fhógraíocht agus go díreach chuig scoileanna chun filleadh ar scoil i Mean Fómhair 2021 agus chun filleadh ar scoil i lár téarma an fhómhair 2021.

Mar thoradh ar an gcinneadh córas de Ghráid Chreidiúnaithe a chur ar fáil chomh maith le scrúduithe do dhaltaí na hArdteistiméireachta 2021, ullmhaíodh réimse ábhar cumarsáide chun tacú leis na príomhghníomhaíochtaí a bhí le déanamh ag daltaí. Ceapadh ábhair eolais i bhformáidí a oireann do dhaltaí ar nós beochaintí físe, agus físeáin faisnéise, agus leaganacha Béarla, Gaeilge agus TCÉ á gcur ar fáil lena chinntiú go raibh an t-eolas cuí ag daltaí agus ag a dtuismitheoirí maidir leis na próisis éagsúla.

Chuir an Roinn leis an úsáid a bhaineann sí as Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ina cuid ábhar, agus béim níos mó ar iad a scaipeadh ar scoileanna agus ar chainéil na meán sóisialta.

I rith 2021, d'oibrigh an Roinn i gcomhar le comhpháirtithe oideachais chun ábhair a tháirgeadh agus chun príomhtheachtaireachtaí a chur chun cinn. Thug sé faoi chéimeanna freisin chun feabhas a chur ar uainiú agus scaipeadh na n-ábhar ar chóras na scoile.

Thug an Roinn a suíomh gréasáin chun críche go dtí ardán nua, gov.ie, in 2021. Is tionscadal an rialtais uile é Gov.ie, atá deartha le riachtanais an phobail san áireamh.

Cuireann suíomh gov.ie béim láidir ar a chinntiú gur féidir leis an bpobal eolas atá á lorg acu a aimsiú go tapa, i mBéarla simplí.

Aguisín A – Sonraí Corparáideacha

Achoimre ar ghníomhaíochtaí na Cigireachta, 2021

Chríochnaigh an Chigireacht **3369** cigireacht/cuairt chomhairleach ar an iomlán ar scoileanna agus ar shuíomhanna eile in 2021 mar atá leagtha amach thíos.

	Achoimre ar na cigireachtaí	
Tábla 1	Cigireachtaí ar shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim atá rannpháirteach sa Chlár COLÓ* lena n-áirítear taighde	211
Tábla 2	Cigireachtaí ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta	1845
Tábla 3	Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna	662
Tábla 4	Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta scoile	179
Tábla 5	Meastóireachtaí ar lárionaid oideachais	64
Tábla 6	Cigireachtaí eile, cuairteanna comhairleacha agus gníomhaíochtaí	408
Iomlán na gcigireachtaí/cuairteanna comhairleacha ar shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, ar scoileanna, ar ionaid oideachais agus ar shuíomhanna oideachais eile		**3369**

**An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige*

Tábla 1: Cigireachtaí ar shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim atá rannpháirteach sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), 2021

Cigireacht Oideachas-dhírithe ar na Luathbhlianta	
Cigireacht Oideachas-dhírithe ar na Luathbhlianta	168
Cigireacht Oideachas-dhírithe ar na Luathbhlianta: Leantach	42
Cuairteanna ar shuíomhanna Luathbhlianta mar chuid d'Obair Taighde agus Forbartha	1
Líon Iomlán na gCigireachtaí Oideachas-dhírithe ar na Luathbhlianta	**211**

Tábla 2: Cigireachtaí ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta, 2021

Cigireachtaí ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta	
Meastóireacht na Scoile Uile	0
Meastóireacht na Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	0
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna CDSIS	0
Cigireacht Theagmhasach	478
Cigireacht Leantach	0
Meastóireacht ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (RSO)	0
Meastóireacht ar an gCuraclam	0
Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Tosaigh	36
Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Deiridh	30
Ag Tacú le Soláthar Cuairteanna Sábháilte Scolaíochta	1301
Iomlán na gCigireachtaí ar Bhunscoileanna agus ar Scoileanna Speisialta	**1845**

**CDSIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna): Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Oideachais*

Tábla 3: Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna, 2021

Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna	
Meastóireacht na Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	0
Cigireacht Ábhair	5
Meastóireacht ar Chláir	0
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna CDSIS*	0
Cigireacht Theagmhasach	236
Cigireacht Leantach	0
Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Tosaigh	19
Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Deiridh	15
Meastóireacht ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (RSO)	0
Ag Tacú le Soláthar Cuairteanna Sábháilte Scolaíochta	387
Líon iomlán na gCigireachtaí ar Iar-bhunscoileanna	**662**

**CDSIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna): Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Oideachais*

Tábla 4: Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta scoile, 2021

Cuairteanna Féinmheastóireachta Scoile	
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta scoile ar bhunscoileanna	119
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta scoile ar iar-bhunscoileanna	60
Líon Iomlán na gCuairteanna Comhairleacha Féinmheastóireachta	**179**

Tábla 5: Meastóireachtaí ar lárionaid oideachais, 2021

Ionaid le haghaidh cigireachtaí oideachais	
Cigireacht Theagmhasach	12
Cigireacht Leantach	0
Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Tosaigh	1
Meastóireachtaí ar Lárionaid Oideachais	0
Ag Tacú le Soláthar Cuairteanna Sábháilte Scolaíochta	51
Iomlán na n-ionad le haghaidh cigireachtaí oideachais	**64**

Tábla 6: Cigireachtaí agus cuairteanna comhairleacha eile, 2021

Cigireachtaí/meastóireachtaí eile ar sholáthar do dhaltaí agus do dhaoine óga	
Cigireacht ar Choláistí Gaeilge	0
Cigireacht ar Aonaid Cúraim Speisialta (ACS)[3]	3
Cigireacht a rinneadh faoi Alt 24 den Acht Oideachais 1998	0
Cigireachtaí i Scoileanna Eorpacha	10

[3]In 2021, i gcigireachtaí na sé scoil ina bhfuil Aonaid Cúraim Speisialta, bhí 3 chigireacht shaincheaptha ar *Aonaid Cúraim Speisialta agus 3 chigireacht ábhair ar Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte a rinneadh i scoileanna ina bhfuil Aonaid Cúraim Speisialta.*

Cigireachtaí/meastóireachtaí eile ar sholáthar do dhaltaí agus do dhaoine óga	
Cigireacht ar Champaí Litearthachta/Uimhearthachta CDSIS do pháistí (Béarla agus Gaeilge)	19
Meastóireachtaí Phíolótacha ar an gCianteagasc agus ar an gCianfhoghlaimh	36
Glaonna gutháin comhairleacha chuig comhairleoirí Campaí Samhraidh CDSIS	31
An Clár um Chuimsiú Samhraidh — Taighde	93
Taighde ag Díriú ar RSO (Teagmhais)	13
Meastóireacht ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí samhraidh do mhúinteoirí bunscoile	45
Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	112
Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: cuairteanna cás-staidéir	0
An Ciste Sármhaitheasa Scoile CDSIS: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	46
An Ciste Sármhaitheasa Scoile Uaschéimnithe: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	0
Iomlán na gcigireachtaí/na meastóireachtaí eile	**408**

Tábla 7: Foilseacháin tuarascálacha cigireachta, 2021

Foilseacháin tuarascálacha chigireachta	
Cigireacht Oideachas-dhírithe ar na Luathbhlianta (Luathbhlianta)	33
Luathbhlianta — Leantach (luathbhlianta)	48
Meastóireacht ar an gcuraclam (bunscoil)	0
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna CDSIS (bunscoil agus iar-bhunscoil)	0
Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (bunscoil agus iar-bhunscoil)	68
Meastóireacht ar Chláir (iar-bhunscoil)	0
Meastóireacht ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (bunscoil)	0
Meastóireacht ar Sholáthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (iar-bhunscoil)	0
Cigireacht Ábhair (iar-bhunscoil)	2
Meastóireacht na Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (bunscoil)	4
Meastóireacht na Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (iar-bhunscoil)	7
Leantach (bunscoil agus iar-bhunscoil)	0
Meastóireacht na Scoile Uile (bunscoil)	1
Meastóireacht ar Scoileanna ag Aonaid Cúraim Speisialta agus Ionaid Choinneála Leanaí	6
Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta[4]	1885
Meastóireachtaí ar Lárionaid Oideachais	0
Líon iomlán na dtuarascálacha a foilsíodh[5]	**2054**

[4]Foilsíodh tuarascálacha do chuairteanna TSSS a bhí ar siúl tar éis an 26 Feabhra 2021 ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais anseo.
[5] Tá líon na dtuarascálacha a foilsíodh in 2021 éagsúil le líon na gcigireachtaí a rinneadh toisc nach féidir na tuarascálacha uile a fhoilsiú agus nach mbaineann siad go léir le cigireachtaí a rinneadh sa bhliain reatha.

Tábla 8: Tuarascálacha arna n-eisiúint chuig scoileanna agus ionaid, gan a bheith foilsithe, 2021

Eisiúint tuarascálacha cgireachta	
Tuarascálacha ar Mheastóireachtaí Píolótacha ar an gCianteagasc agus ar an gCianfhoghlaim	34
Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta[6]	499
Cigireacht Theagmhasach — Nóta ar bhearta scoile chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi	315
Líon iomlán na dtuarascálacha a eisíodh	**848**

Ag Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach	2021
Freagra tugtha ar Cheisteanna Parlaiminteacha	4875
Meabhráin don Rialtas a Fuarthas le haghaidh Breathnóireachtaí	180
Aighneachtaí faighte ag an Aire agus ag Oifigí an Aire Stáit	13,624
Freagraí ar Shaincheisteanna Tráthúla	24
Freagraí ar Dhíospóireachtaí Atrátha (Tosaigh)	48

Seirbhísí Fáisnéise	2021
Ríomhphoist faighte trí info@education.gov.ie	11,583
Cuairteoirí chuig gov.ie/education	5.1 milliún
Iarratais Saorála Faisnéise Faighte Dúnta	 496 454
Iarrratais ar Ábhar Sonraí Faighte Dúnta	 75 60
Preasráitis eisithe	119
Leantóirí Twitter	77,375

Ídiú agus Caiteachas Fuinnimh in 2021

Baineadh amach cuspóir chlár bainistíochta agus laghdaithe fuinnimh na Roinne Oideachais maidir le hídiú fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020, agus tháinig laghdú 39.4% ar ár mbonnlíne in 2009 faoi dheireadh na bliana sin. Tá an Roinn fós ar tí a sprioc a bhaint amach maidir le feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030.

Leanann clár cuimsitheach gníomhartha fuinnimh agus athruithe iompraíochta de bheith ag spreagadh éifeachtúlacht fuinnimh sa Roinn. I measc na bhfeabhsuithe móra, tá Córais fomhéadraithe agus Bainistíochta Foirgníochta á suiteáil i suíomhanna roinne agus tá

[6] Eisíodh tuairiscí do chuairteanna TSSS a bhí ar siúl roimh an 26 Feabhra 2021 chuig an scoil amháin agus níor foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais. Clúdaíonn an figiúr seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2020.

uasghrádú leanúnach a dhéanamh ar shoilsiú chuig roghanna eile atá níos tíosaí ar fhuinneamh ar nós LED.

San áireamh i dtaifid, tá na bhfigiúirí don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, a bunaíodh go hoifigiúil ar an 2 Lúnasa, 2020, agus atá comhlonnaithe den chuid is mó leis an Roinn seo ó 2020 i leith. B'ionann caiteachas iomlán na Roinne ar fhuinneamh in 2021 agus €541,980.20.

Ídiú Fuinnimh na Roinne Oideachais (RIPF)*								
Catagóir	**2009 (kWh)**	**2015 (kWh)**	**2016 (kWh)**	**2017 (kWh)**	**2018 (kWh)**	**2019 (kWh)**	**2020 (kWh)**	**2021 (kWh)**
Leictreachas	8,267,804	6,024,167	5,779,930	5,289,263	5,621,223	5,380,170	4,628,557	4,381,782
Teirmeach	2,567,208	2,697,045	2,539,568	2,589,394	2,938,402	3,138,052	2,647,680	2,621,109
Iomlán	**10,835,012**	**8,721,212**	**8,319,498**	**7,878,657**	**8,559,625**	**8,518,222**	**7,276,236**	**7,002,890**

* Is éard atá sa Riachtanas Iomlán maidir le Príomhfhuinneamh (RIPF) ná tomhas d'ídiú fuinnimh arb ionann é agus an fuinneamh a ídítear agus/nó a chailltear thar theorainn na heagraíochta, go háirithe maidir leis an leictreachas a úsáidtear a ghiniúint agus a dháileadh. Is é an beart caighdeánach é a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Mar atá luaite sa tuarascáil seo, is é CDSIS príomhthionscnamh polasaí na Roinne chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais ag leibhéal na scoile (SFI 4.1 agus 4.5).

Bhí 884 scoil i gClár CDSIS a fhreastalaíonn ar níos mó ná 180,000 dalta (*cuir isteach mar fhonóta- 2021/22 bliain acadúil*) — 687 Bunscoil agus 197 Iar-bhunscoil i Meán Fómhair 2021. Caithfidh an Roinn os cionn €150 milliún ar thacaíochtaí do scoileanna faoin gclár CDSIS in 2021, lena n-áirítear os cionn €26 milliún don Chlár Críochnaithe Scoile (CCS). San áireamh ansin, tá thart ar €16.2 milliún a cuireadh ar fáil do scoileanna i bhfoirm deontas CDSIS don scoilbhliain 2021/22. Ceann de na bearta chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais ná laghdú aonphointe sa sceideal foirne chun méid an ranga a laghdú i ngach bunscoil CDSIS Banda Uirbeach 1 mar chuid de bhearta Bhuiséad 2021.

Cuireadh clár samhraidh feabhsaithe ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, mar bheart freagartha ar phaindéim COVID-19, le haghaidh shamhradh 2021, agus bhí méadú 100% sa mhaoiniú atá ar fáil — suas le €40 milliún. Cuireadh síneadh leis na critéir cháilitheachta in 2021 chun leanaí iar-bhunscoile a bhfuil riachtanais chasta acu agus leanaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a chur san áireamh.

Den chéad uair riamh, d'fhéadfadh gach scoil (bunscoil agus iar-bhunscoil) cláir shamhraidh a chur ar fáil. Roimh an leathnú seo, ní raibh cláir shamhraidh ar fáil ach do scoileanna speisialta agus do dhaltaí i ranganna speisialta i mbunscoileanna agus i scoileanna CDSIS.

Cuireann Beartas Oideachais ETIM freisin le **sprioc 4.5 SFI** a bhfuil mar aidhm aige eispéireas oideachais ETIM agus torthaí oideachais ETIM a fheabhsú do gach foghlaimeoir.

Leis an gcéad leagan eile den straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta ar cuireadh tús lena forbairt in 2021, bainfear amach **sprioc SFI 4.6**.

Leis an dara Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI go dtí 2030), bainfear **sprioc SFI 4.7** amach. Aithnítear gur príomhchumasóir é OFI chun gach ceann den 17 SFI a bhaint amach agus cuirfidh sé go sonrach le **sprioc SFI 13.3** a bhaint amach — "*Eolas agus cumas a fhorbairt chun an t-athrú aeráide a bhaint amach*".

Maidir le **sprioc SFI 4.a** agus **SFI 13** — Athrú Aeráide, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile in 2021. Breathnóidh sé seo as an nua ar an tseirbhís Iompair Scoile agus ar a héifeachtacht agus a hinbhuanaitheacht níos leithne, agus cuirfidh sé leis na gealltanais laistigh de Chlár an Rialtais mar a bhaineann siad le hiompar scoile, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun turais ghluaisteáin a laghdú agus tacú le gníomhú ar son na haeráide, agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an Scéim Iompair Scoile oibriú i gcomhar leis an gClár Bealaí Sábháilte chuig Scoileanna a seoladh i mí an Mhárta — arna mhaoiniú ag an Roinn Iompair agus arna fheidhmiú ag Scoileanna Glasa i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis na húdaráis áitiúla.

Ó 2009, tá Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh A3 á mbaint amach ag scoileanna nua a dearadh agus a tógadh i gcomhréir le treoirdhoiciméid theicniúla na Roinne, agus is iondúil go mbaineann scoileanna suas le 20% d'fheidhmíocht níos airde amach ná mar a cheanglaítear leis na Rialacháin Foirgníochta atá ann faoi láthair, mar aon le 10% den fhuinneamh bunscoile a chuirtear ar fáil trí fhótavoltaic agus soláthar bonneagair do luchtú feithiclí leictreacha.

Tá ár gclár Ceannródaí Fuinnimh Scoile, atá cómhaoinithe ag an Roinn Oideachais agus an ÚFIÉ, ag réiteach na slí do chlár scoileanna náisiúnta i bhfad níos mó, agus chun cur leis, d'iarfheistiú fuinnimh scoileanna a tógadh roimh 2008 mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta. Tá taighde á éascú aige ar raon de roghanna iarfheistithe tipiciúla, a dhéanfar a thriail agus a thástáil. Tá an clár Ceannródaí Fuinnimh Scoile anois sa séú bliain anois, le 41 scoil iarfheistithe go dtí seo, agus obair ar bun ar 9 scoil bhreise a cuireadh leis in 2021, beifear ag tosú ag déanamh iarfheistithe dhomhain ar shé (6) scoil bhreise chuig Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) B le córais téimh in-athnuaite. Tá na huasghráduithe, ar luach iad suas le €22m do thionscadail 2021 agus €28m do 2022, ag díriú ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus cuimsíonn siad sin uasghráduithe ar fhabraic foirgneamh, doirse seachtracha, fuinneoga, insliú, aeráil, soilsiú agus uasghrádú téimh chomh maith le córais agus teicneolaíochtaí téimh in-athnuaite.

Agus í ag ullmhú d'iarfheistiú fuinnimh domhain na scoileanna go léir a tógadh roimh 2008, tá próifíl náisiúnta fuinnimh de gach scoil á bunú ag an Roinn. Cuireadh tús le Céim 1 in 2021 agus tá sé maoinithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Is éard atá i gceist leis sin ná go mbaileoidh measúnóirí fuinnimh faisnéis spriocdhírithe maidir le húsáid fuinnimh do 2019**,** cineálacha, aois agus méid foirgneamh, mar aon le forléargas ar ghnéithe ginearálta fabraice agus fuinnimh de chórais leictreacha agus meicniúla etc.

Chomh maith leis sin, tá an ÚFIÉ agus an Roinn i gcomhpháirtíocht le chéile le roinnt blianta anuas ar réimse tionscnamh, ar a dtugtar 'Fuinneamh san Oideachas', chun tacú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i scoileanna. Tá béim láidir ar threoir phraiticiúil agus ar bhealach praiticiúil a chur ar fáil do scoileanna tríd an tionscadal Fuinneamh san Oideachas. Cuireann an suíomh gréasáin www.energyineducation.ie ionad ilfhreastail ar fáil atá deartha chun feabhas a chur ar an gcleachtas um úsáid fuinnimh agus chun costais oibriúcháin na scoile a laghdú chomh maith le cuidiú leis an timpeallacht a chosaint do na glúnta amach anseo. Cuireann an tionscadal oiliúint bhainistíochta fuinnimh ar fáil freisin do scoileanna chomh maith le measúnú fuinnimh ó ghairmí.

Aguisín B – Cairt na hEagraíochta

Cairt na hEagraíochta – An Roinn Oideachais – Freagrachtaí an Bhoird Bhainistíochta



Aguisín C – Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Comhlachtaí Neamhthráchtála Faoi Choimirce
1. An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2. An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (CDLF) 3. An Foras Taighde Oideachais (FTO) 4. An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) 5. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 6. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) 7. An Bord um Shásamh Institiúidí Cónaithe (BSIC) 8. Coiste Athbhreithnithe Institiúidí Cónaithe (CAIC) 9. An Bord Ciste Reachtúil Foras Cónaithe: (BCRFC) 10. Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)

Tá tuilleadh eolais faoinár ngníomhaireachtaí, lena n-áirítear sonraí teagmhála agus sonraí an bhoird, ar fáil ar leathanach gréasáin na ngníomhaireachtaí:

gov.ie - Gníomhaireachtaí Oideachais (www.gov.ie)

Aguisín D — Naisc dhíreacha chuig tuilleadh eolais ar gov.ie

Eolas Staitistiúil	Staitisticí maidir le hOideachas
Tuarascálacha na Cigireachta	Tuarascálacha na Cigireachta
Reachtaíocht Oideachais	Reachtaíocht Oideachais
Gach Foilseachán	Foilseacháin na Roinne Oideachais
Ciorcláin na Roinne	Ciorcláin na Roinne
Oideachas Speisialta	Oideachas Speisialta
Dearadh Scoile	Tógáil agus Dearadh Scoile
Preasráitis	Preasráitis na Roinne
Seirbhísí na Roinne	Seirbhísí na Roinne
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais